www.gaelsceal.ie

Comhairle Gairmthreorach
L. 24

Nuacht Litríochta Le Meadhbh Ní Eadhra
L. 27

Laochra Thír Eoghain dosháraithe? Labhraíonn Owen Mulligan le Cillian Ó Conchúir
L. 32

Focail le Gaoth Le Concubhar Ó Liatháin
L. 8

ISSN 2009-3055
€1.65 (£1.50)
Uimh. 7

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge
15.02.2012

1/5 de FF i gConamara cláraithe i gceart

Mí-eagar ar chumainn Fhianna Fáil i gConamara agus i gcathair na Gaillimhe

Máirtín Ó Catháin

NÍL ach an cúigiú cuid de chumainn Fhianna Fáil i nDáilcheantar na Gaillimhe Thiar cláraithe i gceart sa bpáirtí faoi láthair.

Is ag toscairí as na cumainn atá cláraithe i gceart a bheadh cead vótála ag Ard-Fheis an pháirtí faoi cheann coicíse.

Tugann an líon beag cumann atá riartha i gceart i nGaillimh Thiar drochphictiúr d'Fhianna Fáil tráth a bhfuil béim ar eagar as an nua a chur ar an bpáirtí sin.

Os cionn 150 cumann atá ag Fianna Fáil ar fud thoghcheantar na Gaillimhe Thiar; tuigtear gur tuairim is 28 acu atá cláraithe le ceanncheathrú an pháirtí don bhliain 2012.

Ní mór do chumann trí rud a bheith déanta aige sula mbeidh stádas dlisteanach aige i bhFianna Fáil: caithfidh cruinniú cinn bhliana a bheith ann roimh dheireadh na bliana; caithfidh táille clárúcháin €40 a bheith íoctha le ceanncheathrú an pháirtí i mBaile Átha Cliath agus caithfidh bailiúchán náisiúnta bliantúil an pháirtí a bheith déanta agus an t-airgead sin curtha ar ais go dtí an ceanncheathrú.

Mura mbíonn sin déanta ag cumann níl - de réir na rialacha - cead bhótála ag a chuid toscairí ag cruinnithe, ag Ard-Fheis ná ag coinbhinsiúin de chuid an pháirtí. Mura bhfuil na trí bhun-dualgas déanta roimh dheireadh bliain féilire níl stádas oifigiúil ag cumann an bhliain dár gcionn.

Tá baint ag an drochbhualadh a fuair Fianna Fáil san Olltoghchán anuraidh leis an easpa eagair. Ach lena chois sin d'fhéadfadh sé nach bhfuil an bhéim chomh mór ar na seanbhealaí i bhfianaise athruithe atá dá moladh ag an Ard-Fheis.

Táthar ag iarraidh go mbeadh cead vótála ag coinbhinsiúin an pháirtí feasta ag chuile dhuine a bheadh cláraithe sa bpáirtí. D'fhágfadh sin go mbeadh lá an triúr toscairí - triúr a bhíodh ag chuile chumann ag coinbhinsiúin - thart.

Ar lean ar leathanach 2

'Corp + Anam' buacach!

Paddy Hayes, léiritheoir na sraithe 'Corp + Anam' agus Darach Mac Con Iomaire, stiúrthóir na sraithe ag fáil gradaim speisialta don Ghaeilge ag Gradaim Bhliantúil IFTA ar an Satharn seo caite. Fuair an tsraith ainmniúchán sa rannóg Dráma Teilifíse is Fearr freisin.

Cosc ar Raidió Gaeilge taobh amuigh de Bhéal Feirste

Diúltaíonn 'Ofcom' limistéar craolacháin níos mó a thabhairt do Raidió Fáilte

Katie McGreal

TÁ Raidió Fáilte, an stáisiún lánGhaeilge i mBéal Feirste ag iarraidh go mbeadh siad le cloisteáil ar fud an Tuaiscirt ach tá cosc air sin.

Ní thabharfaidh rialaitheoir craolacháin na Breataine, Ofcom, cead dóibh craoladh níos forleithne.

Dar le hOfcom, níl cead acu ach 5 ciliméadar de limistéar craolacháin a fháil toisc go bhfuil ceadúnas raidió pobail acu - ach tá sé sin ag teacht salach ar rialacha Ofcom féin. "Go ginearálta in áiteanna uirbeacha, tabharfar ceadúnas raidió pobail le limistéar craolacháin de 5 ciliméadar ... in áiteanna iargúlta, áiteanna áirithe sa Bhreatain Bheag agus in Albain, mar shampla, má iarrtar limistéar craolacháin níos mó ná 5 ciliméadar, de bharr pobail scoite, mar shampla, tá seans go dtabharfaimid an ceadúnas sin dóibh," a deir na treoracha a leag Ofcom amach d'eagraíochtaí atá le hiarratais a chur isteach i gcomhair ceadúnais raidió pobail.

Ar lean ar leathanach 3

NUACHT NÁISIÚNTA

1/5 de FF i gConamara cláraithe i gceart

Ar lean ó leathanach a haon

Faoin gcóras nua, má glactar leis, d'fhéadfadh slua as cumann amháin a bheith ag vótáil agus gan ach duine nó beirt as cumann eile. Tá an córas seo ag Fine Gael le fada.

D'fhágfadh sé go mbeadh ar dhaoine a mbeadh suim acu bualadh faoi thoghchán a bheith siúráilte go raibh lear maith lucht tacaíochta cláraithe agus a dtáillí íoctha acu le ceanncheathrú Fhianna Fáil ina n-ainm féin.

Beag beann ar an hathruithe atá molta dúisíonn an easpa eagair ar chumainn ceist mhór d'Fhianna Fáil. Is beag eagair atá ar an bpáirtí i gceantar Chonamara Láir, sin ó Chamas go Carna mar shampla. Tuigtear nach bhfuil mórán cruinnithe á reachtáil agus nach bhfuil mórán teannaidh faoin bpáirtí ansin.

Togra canta do pháistí le linn an earraigh

Grúpa de pháistí bunscoile ó Scoil Chóir Ardeaglaise, Naomh Padraig san Ark i mBarra an Teampaill i mBaile Átha Cliath ar an Luan seo caite mar chuid de chlár 'Spring Sing'. Tá siad i mbun togra spraíúil faoi láthair le fáil amach an gcabhraíonn canadh le lus an chromchinn agus iad ag fás. Beidh neart imeachtaí ar siúl mar chuid de 'Spring Sing' san Ark le linn bhriseadh lár téarma na scoileanna agus thar na deiridh seachtaine. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó www.theark.ie.

PIC: LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND.

Fearg ag fás

Eagraíochtaí bunmhaoinithe míshásta le téarmaí an chomhairliúcháin phoiblí ar an tSamhail Nua Mhaoinithe

Colm Ó Broin

TÁ fearg na n-eagraíochtaí bunmhaoinithe Gaeilge faoin tSamhail Nua Mhaoinithe treisithe de bharr téarmaí an chomhairliúcháin phoiblí atá ar siúl faoi láthair.

Beidh go dtí tús mhí Aibreán ag an bpobal aighneachtaí a sheoladh chuig Foras na Gaeilge, ach dar le Fóram na Gaeilge, tá athbhreithniú á dhéanamh ar ábhar na scéimeanna faoin tsamhail, ach níl ar an múnla nua féin.

I litir atá curtha ag an bhFóram chuig airí rialtais ó thuaidh agus ó dheas, deir na heagraíochtaí: "Leagtar amach sa doiciméad comhairliúcháin gur faoi ábhar na ndréachtscéimeanna amháin atá an comhairliúchán, rud a dhí-spreagann ionchur dáiríre ón bpobal faoi roghanna eile ó thaobh mhaoiniú na hearnála.

Sa doiciméad comhairliúcháin, ní thugtar deis don lucht freagartha aon tuairim a léiriú ach tuairim a thacaíonn leis an tsamhail iomaíoch ar bhonn ocht scéim, ar feadh tréimhsí de thrí bliana."

Tá cáineadh déanta ag Fóram na Gaeilge, a dhéanann ionadaíocht ar son 15 den 19 eagaíocht bunmhaointhe, ar an doiciméad comhairliúcháin atá eisithe ag an bhForas.

Tá 108 leathanach sa doiciméad, rud a chuireann dúshlán nach beag roimh an bpobal tabhairt faoin gceistneoir a fhreagairt.

Beidh cruinnithe poiblí agus grúpaí fócais mar chuid den chomhairliúcháin ach maíonn na heagraíochtaí gur 'ar aighneachtaí is mó a bhíonn próiseas mar seo ag brath agus níl an ceistneoir áisiúil don ghnáthdhuine'.

Mhol Fóram na Gaeilge do na hAirí Jimmy Deenihan, Dinny McGinely agus Cáral Ní Chuillinn a chinntiú 'go nglacfar gach céim chuí le go mbeidh an próiseas comhairliúcháin reatha ar mhaoiniú na hearnála deonaí Gaeilge iomlán inrochtana don phobal'.

Tá comhairleoir le hearcú ar feadh tréimhse sé mhí chun anailís a dhéanamh ar thuairimí an phobail faoin tsamhail agus cuirfear torthaí na hanailíse sin chuig an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas ina dhiaidh sin.

Ní raibh urlabhraí ón bhForas ar fáil agus Gaelscéal ag dul i gcló.

Litir curtha ag eagraíochtaí an Tuaiscirt chuig an Aire

Anton Mac Cába

TÁ na heagrais bhunmhaoinithe sa Tuaisceart míshásta leis an dóigh a bhfuil Foras na Gaeilge ag tabhairt faoi comhairliúchán ar an tSamhail Nua Maoinithe.

Léiríonn siad seo i litir a chuir siad chuig Cearál Ní Chuilín, Aire Cultúir, Ealaíona agus Fóillíochta an Tuaiscirt. Cuireadh cóip chuig Dinny McGinley, Aire Stáit na Gaeltachta.

Dar leis na heagrais, níl sé soiléir cén cuspóir a bhí le hiarrtas a fuair siad ón bhForas, le liosta a chur ar fáil d'eagraíochtaí, agus de dhaoine aonair, go gcuirtear seirbhísí ar fáil dóibh. Chomh maith, dar leo, nár tugadh go leoir ama dóibh sin a dhéanamh, nó iarradh é a dhéanamh thar tréimhse na Nollag.

Dar leo nach bhfuil difear súntasach idir an punann dréachtscéimeanna a foilsíodh an mhí seo caite agus an punann dréachtscéimeanna a foilsíodh anuraidh. Dá réir sin, tá na heagrais den bharúil gur beag aird a tugadh ar a gcuid aighneachtaí sa chéad próiséas comhairliúcháin.

Thóg siad dhá fadhb a bhaineann go háirithe leis an tuaisceart. Éilíonn siad an cás gnó a fheiceáil, nó is féidir go bhfuil seo ag sárú Treorach na Roinne Airgeadais agus Pearsanra: "*Retrospective appraisal, that is, going through the motions of appraisal after decisions have been taken or expenditure committed, is bad management practice and is unacceptable.*"

De réir an Feidhmeannais, bheadh sé riachtanach ó 2001 amach Measúnú ar Thionchar Rialacháin a bheith déanta i gcás mar seo. Tá na heagrais ag iarraidh a fháil amach ar críochnaíodh a leithéid: agus, má críochnaíodh, tá siad ag iarraidh é a fheiceáil.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Áine Ní Chuaig
Iriseoir
aine.nichuaig@gaelsceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir
katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Comhordaitheoir Oideachais
caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil:
00353-91-897766

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Rath ar chomórtas Ghlór na nGael i gcónaí

Oíche Bronnta Duaiseanna Ghlór na nGael i Maigh Nuad ar 25 Feabhra

Katie McGreal

D'FHÓGAIR Glór na nGael buaiteoirí Dhuaiseanna Ghlór na nGael 2012 in oifigí Ghlór na nGael ar an Aoine seo caite ach tá neart duaiseanna fós le fógairt acu.

Fógrófar Duais COGG ar an Luan seo, 20 Feabhra agus tá buaiteoirí Ghradam Ghlór na nGael fós le fógairt freisin. Beidh oíche bronnta don duais sin ar an Satharn, 25 Feabhra san Óstán Carlton i Maigh Nuad.

Tá dhá ghrúpa ann do Ghradam Ghlór na nGael, duais amháin d'eagraíochtaí le cúnamh fostaíochta agus duais eile d'eagraíochtaí gan cúnamh fostaíochta.

Tá Comharchumann na Ceathrún Rua agus Glór na nGael i mBaile Locha Riach i gContae na Gaillimh ar an ngearrliosta de na heagraíochtaí le cúnamh fostaíochta chomh maith le Coiste Forbartha Charn Tóchair i nDoire, Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh i gCiarraí agus Gaelphobal an tSratha Báin i dTír Eoghain agus tá siad uilig ag súil le duais de €4000 a fháil.

Tugann na duaiseanna seo aitheantas don mhéid oibre a rinne na heagraíochtaí ar son na Gaeilge.

Tá na Macallaí i Loch Garman, Cumann Gaelach Leath Chathail i gContae an Dúin, Glór Bhreifne sa Chabhán, Glór na nGael i nGort an Choirce, Co. Dhún na nGall, Conradh na Gaeilge i Maigh Cuilinn agus Coiste Pobail na Tulaí i gContae na Gaillimhe ar an ngearrliosta de na heagraíochtaí gan cúnamh fostaíochta.

Tá duais de €8000 ar fáil do na heagraíochtaí sin chun cabhrú leo san obair a dhéanann siad ar son na teanga.

Chuir thart ar 125 eagraíocht agus coiste Gaeilge in Éirinn agus go hidirnáisiúnta isteach ar na duaiseanna uilig.

Tá Duais Chomhairle na Gaelscolaíochta, Duais Chomhairle Chontae Dhún na nGall, Duais Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Duais an Fháinne, Duais Chomhluadar agus Duais Údarás Craolacháin na hÉireann i measc an 20 duais speisialta a bhí le tabhairt amach ar an Aoine.

Déanann eagraíochtaí éagsúla, ar nós Chonradh na Gaeilge, Chló Iar-Chonnacht agus eile, urraíocht ar na duaiseanna éagsúla agus ansin déanann ionadaithe ó na heagraíochtaí sin agus ionadaithe ó Ghlór na nGael moltóireacht ar na hiarrthóirí.

Bhí trí dhuais ar fáil faoin ainm 'Global Gaeilge' d'eagraíochtaí agus coistí Gaeilge idirnáisiúnta. Bhuaigh Cumann na Gaeltachta, Ceanada an chéad duais sa chatagóir sin, duais de €5000. Tháinig Conradh na Gaeilge i nGlaschú sa dara háit agus fuair Cumann Gaeilge na hAstráile an tríú háit.

Bhuaigh Glór na Móna i mBéal Feirste Duais Ógras, agus bhuaigh Glór Cheatharlach Duais Ghaelscéal. Bronnadh Duais Chló Iar-Chonnacht ar Ghlór na nGael i mBaile Locha Riach i nGaillimh.

Bhí dhá dhuais ann do Dhuais Iontabhas Ultach agus bronnadh ar Chonradh na Gaeilge sa Dún agus ar Chumann Cultúrtha an Phobail i mBéal Feirste iad.

Tugadh Duais Cholmcille do Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair agus Glaschú agus fuair Conradh na Gaeilge i Maigh Cuilinn Duais Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Tá tuilleadh eolais faoi na duaiseanna agus na buaiteoirí ar fáil ar shuíomh Ghlór na nGael www.glornangael.ie.

Chris Wong ó Bhré i gCill Mhantáin ag glacadh páirte in agóid NOISE taobh amuigh de Dháil Éireann i mBaile Átha Cliath inné ar son pósadh do dhaoine aeracha.

Cosc ar Raidió Gaeilge taobh amuigh de Bhéal Feirste

Ar lean ó leathanach a haon

Deir Fergus Ó hÍr, bainisteoir stáisiúin i Raidió Fáilte, "Is pobal scartha iad pobal Gaeilge an Tuaisceart. Más féidir le daoine áirithe cead a fháil (an limistéar craolacháin a leathnú amach) cén fáth nach féidir le Gaeilgeoirí Bhéal Feirste."

Tá Ofcom docht daingean ar an cheist áfach : "Tá fhios againn go bhfuil Raidió Fáilte ag iarraidh a limistéar craolacháin a leathnú i mBéal Feirste," a deir urlabhraí Ofcom, "ach de réir choinníollacha an cheadúnais raidió pobail atá acu, fanfaidh sé ag an limistéar craolacháin chéanna, 5 ciliméadar."

Tá lucht Raidió Fáilte ag iarraidh go léiríodh pobail Ghaeilge an Tuaiscirt a dtacaíocht freisin.

Iarrtar ar éinne atá ag iarraidh go mbeadh Raidió Fáilte le cloisteáil ar fud fad an Tuaiscirt teagmháil a dhéanamh le hOfcom ionas go mbeidh a fhios acu sin go bhfuil an tseirbhís seo á lorg ag lucht na Gaeilge ar fad sa Tuaisceart.

Is raidió pobail lánGhaeilge, deonacha é Raidió Fáilte. Éisteann 70% densprioclucht éisteachta atá acu ina limistéar craolacháin thart ar Bhéal Feirste leis an raidió agus tá sé mhíle dhéag éisteoirí acu ar líne.

Thosaigh an stáisiún ag craoladh i Meán Fómhair 2006 agus d'ardaigh siad an cheist seo le hOfcom dhá bhliain i ndiaidh sin - sin ceithre bliana ó shin.

Údarás 'neamhspleách' é Ofcom a dhéanann rialú ar iomaíocht d'eagraíochtaí cumarsáide sa Ríocht Aontaithe.

Léirigh an tAire Cultúir, Carál Ní Chuilín a tacaíocht ag cruinniú a bhí aici le lucht Raidió Fáilte le déanaí agus deir Paul Maskey, teachta parlaiminte d'iarthar Bhéal Feirste go dtugann sé tacaíocht iomlán do Raidió Fáilte.

Triail "Whitey" faoi Shamhain

Máirtín Ó Catháin



TÁ triail James "Whitey" Bulger le tosú i mBoston ar an gcúigiú lá de Shamhain seo chugainn. Socraíodh an dáta seo ag éisteacht chúirte an tseachtain seo. Ní raibh aon tsúil ag go leor daoine go socrófaí an dáta chomh luath seo mar go bhfuil cuimse cartadh agus scagadh le déanamh ar fhianaise sna cásanna atá curtha i leith Bulger.

Tá dúnmharú naoi nduine dhéag curtha i leith James "Whitey" Bulger as South Boston; bhí sé ar a theitheadh ón dlí ó lár na nóchaidí no gur gabhadh é i gCalifornia anuraidh. Tá Bulger 82 bliain d'aois anois agus shíl go leor daoine gur ar éigin a thabharfaí chun cúirte go brách é de bharr a mbeadh de réiteach le déanamh ar fhianaise roimh ré.

Dúirt an Breitheamh Marianne B. Bowler gur thuig sí go raibh go leor oibre le déanamh ar an gcás ach shocraigh sí tús a chur leis an triail ar an 5ú Samhain. Dúirt na hionchúisitheoir go raibh Bulger ag iarraidh fad a bhaint as an scéal sa gcaoi agus nach mbeadh ar a dhul chun cúirte.

Bhí scéalta ann san aimsir a caitheadh gur chaith "Whitey" Bulger scaitheamh ar a theitheadh i gConamara ach níorbh fhéidir aon chruthúnas a fháil air sin. Tá aithne mhaith ar theaghlach Bhulger i measc mhuintir Chonamara i mBoston.

Mar a thárlaíonn sé, is ar an lá roimh thoghchán na hUachtaránachta i Meiriceá atá triail Bhulger ceaptha tosú.

Folúntas

Treoraithe Seasúracha / Oifigigh Faisnéise (Poist Sealadacha)

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Tá Oifig na nOibreacha Poiblí ag earcú Treoraithe Seasúracha/ Oifigigh Faisnéise.

Tabhair faoi deara gur tairiscintí fostaíochta le haghaidh poist sealadacha amháin a dhéanfar lena iarrthóirí a n-éiríonn leo sa chomórtas seo.

Ba chóir d'iarratasóirí gur suim leo na poist:-

- a bheith feasach ar an oidhreacht,
- taithí oibre cuí a bheith acu,
- scileanna maithe cumarsáide a bheith acu,
- cumas maith obair le foireann,
- líofacht sa Gaeilge le haghaidh suíomhanna Gaeltachta.

IARRATAIS:

Ba chóir logáil isteach ar www.publicjobs.ie le iarratas a dhéanamh.

(Beidh do sheoladh ríomhphost agus d'uimhir PSP ag teastáil) D'fhéadfadh iarrathóirí a bheith curtha ar ghearrliosa le haghaidh agallaimh ar bhonn an eolais a chur siad ar fáil sna foirmeacha iarratais.

Beidh an áis iarratais ar-líne a curtha ar fáil ón Domhnach 12 Feabhra 2012 go dtí Meán Lae ar an Máirt 21 Feabhra, 2012.

Ní ghlacfar le hiarratais déanacha.

Is féidir le téarmaí agus coinníollacha atá i bhfeidhm maidir leis an gceapachán seo a rochtain ar ár suíomhanna Ghréasáin www.opw.ie, www.heritageireland.ie, agus www.publicjobs.ie.

DILCHAILEOFAR IARRATHOIRI DE THORADH CANBHASALA.

Is fostóir comhionannas deiseanna Oifig na nOibreacha Poiblí.

‘Ní bheadh Sinn Féin sásta an tionól a chur i mbaol ar cheist na Gaeilge’: DUP

Labhraíonn **Anton Mac Cába** le foinse sinsearach sa DUP ar cheist Acht na Gaeilge

DÚIRT foinse sa Pháirtí Aontachtach Daonlathach (DUP) go mbeadh géarchéim sa déabhlóid dá mbrúfadh rialtas na Breataine Acht Gaeilge, in éadan thoil an Tionóil.

“Níl oiread agus Aontachtaí amháin sa Tionól a vótálfadh ar a shon, go fiú an duine is liobrálaí, go fiú Mike Nesbitt (feisire liobrálach ón UUP),” arsa an fhoinse. De réir na reachtaíochta, bheadh tacaíocht ó ar a laghad 40% d’Aontachtaithe sa Tionól de dhíth.

Dúirt an fhoinse go mbeadh freagra iontach diúltach ó Aontachtaithe dá gcuirfeadh rialtas na Breataine i bhfeidhm é. “Cad ab fhiú déabhlóid - dá mbeadh rialtas na Breataine ábalta reachtaíocht a rith ar ábhar a bhí déabhlóidithe,” arsa an fhoinse.

“Tá dhá thaobh leis, nó rabhadh a bheadh ann do náisiúnaithe. Rinne siad ar an cheist seo é - bheadh náisiúnaithe b’fhéidir den bharúil - dá mbeadh rud éigin a bhí Aontachtaithe a bhrú, an ndéanfaí arís é?”

Dar leis go mbeadh na himpleachtaí níos leithne ná don Tuaisceart amháin. Bheadh, dar leis, impleachtaí ann don dá rialtas dhéabhlóidithe eile, in Albain agus sa Bhreatain Bheag. Thiocfadh leis tionchar a imirt ar reifreann 2014 in Albain.

Stormont : Cibé rud a thiocfas síos an bóithrín seo, ní bheidh reachtaíocht Ghaeilge ina measc.

“Bheadh i bhfad níos mó imní ar rialtas na Breataine faoi dhaoine a bheith éirithe tógtha in Albain,” ar seisean.

Dar leis an bhfoinse gur costas ceann de na hargóintí is láidre ag Aontachtaithe in éadan reachtaíochta. Dúirt sé go raibh an saghas reachtaíochta a bhí á mholadh ‘all singing, all dancing’. Bheadh sé deacair a leithéid a chosaint, agus ciorruithe á ndéanamh ar shláinte, ar leas sóisialach, agus ar oideachas.”

Ní raibh áit lárnach ag an Ghaeilge sna cainteanna ag Cill Rìmhinn, dar leis an DUP. ‘Sideshow’ a bhí ann. Lig an DUP do ghealltanas Acht Gaeilge dul isteach i gComhaontú Chill Rìmhinn: “Bhí a fhios againn, gan déabhlóid, go mbeadh cuid mhór rudaí atá de dhíth orainn, nach mbeimis ábalta a thabhairt isteach.”

Níor cheist í an Ghaeilge ar a mbrisfeadh siad na cainteanna.

Roimh an Chomhaontú, bhí Acht Gaeilge ar cheann de na bagairtí a rinne rialtas na Breataine ar Aontachtaithe, mura dtiocfadh siad ar chomhaontú.

Ní dheachaigh na bagairtí seo i bhfeidhm ar an DUP, dar leis an bhfoinse. Thuig siad gur cluiche a bhí ar siúl. Bhí an DUP ag amharc ar phictiúr níos leithne. Tá an DUP sásta méid áirithe a ghéilleadh, dar leis an bhfoinse.

“An rud atá sa Chlár Oibre don rialtas, tugann sé cuid mhór den mhéid a bheadh in Acht Gaeilge,” ar seisean. “Ach níl sé ceangailte síos. Bheadh Acht ina chineál tromluí.”

Roimh an Chomhaontú, bhí Acht Gaeilge ar cheann de na bagairtí a rinne rialtas na Breataine ar Aontachtaithe, mura dtiocfadh siad ar chomhaontú. Ní dheachaigh na bagairtí seo i bhfeidhm ar an DUP, dar leis an bhfoinse. Thuig siad gur cluiche a bhí ar siúl. Bhí an DUP ag amharc ar phictiúr níos leithne.

Cosúil lena pháirtí féin, tá Sinn Féin dírithe ar “rudaí a chur tríd”. Dar leis an DUP go bhfuil airí Shinn Féin praiticiúil. Tá meas ag an DUP ar Charál Ní Chuilín mar dhuine éifeachtach, a dhéanann rudaí. Dar leis an DUP nach mbeadh Sinn Féin sásta an t-iomlán a chur i mbaol ar cheist na Gaeilge.

Cinnte, lig an DUP do rudaí áirithe ar son na Gaeilge teacht isteach fríd an doras cúil. Ba Westminster a thug Ciste na Gaeilge isteach, gan raic a thógáil.

Mar sin féin, bheadh raic leis an rialtas sin dá gcuirfí Acht Gaeilge i bhfeidhm. Bheadh ar rialtas na Breataine Coinbhinsiún Sewell a shárú. Go hoifigiúil, tá cead ag Parlaimint na Breataine reachtaíocht a rith ar ábhar ar bith, bíodh sé déabhlóidithe nó ná bíodh. Dar leis an Choinbhinsiún: “*However, the UK Government will proceed in accordance with the convention that the UK Parliament would not normally legislate with regard to devolved matters except with the agreement of the devolved legislature.*”

Tá sin i *‘Memorandum of Understanding and Supplementary Agreements*’ a rinne rialtas na Breataine leis na ceithre rialtas dhéabhlóidithe: an Tuaisceart, Albain, an Bhreatain Bheag agus Manainn. Má tá sé ansin, níl an Coinbhinsiún sa reachtaíocht a ritheadh i Westminster. Níl an stádas bunreachtúil atá leis cinnte.

Tá ceist bhreise ann chomh maith. Ba chomhaontú idir dhá rialtas é Comhaontú Chill Rìmhinn. An bhfuil, mar sin, dualgas ar an dá rialtas Acht Gaeilge a chur i bhfeidhm, mura ndéanfaidh an Tionól é?

Ar ndóigh, seo é an Tuaisceart, agus is iomaí athrú atá ann le tamall de bhlianta. “Shlog daoine rudaí a ndúirt siad nach nglacfadh siad go brách leo,” arsa foinse an DUP.

Údarás na Gaeltachta

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Scoláireachtaí Printíseachta Buachaillí/Cailíní; Fir/Mná

Tá Údarás na Gaeltachta ag tairiscint Scoláireachtaí Printíseachta gur fiú níos mó ná €2,000 an ceann iad d'iarrthóirí le cáilíocht mar cheardaí a bhaint amach. Ní mór d'iarrthóirí a bheith sé bliana déag d'aois ar a laghad agus na buncháilíochtaí seo a leanas a bheith acu:

Teastas Grúpa/Meánteastas/Teastas Sóisearach, le pas i gcúig ábhar nó a chomhionann. (Tá matamaitic riachtanach i gcás printíseachtaí áirithe),
nó
réamhchúrsa printíseachta atá aitheanta ag FÁS,
nó
os cionn 25 bliain d'aois agus taithí aitheanta acu sa cheird le trí bliana.

Is d'iarrthóirí Gaeltachta le Gaeilge líofa na scoláireachtaí seo.

Má tá spéis agat a bheith san iomaíocht do na scoláireachtaí seo, ba chóir duit d'ainm agus do sheoladh a líonadh sa spás thíos agus an duillín a sheoladh ar ais chuig:
An Rannóg Oiliúna & Oideachais,
Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe

Roimh: 16/03/2012

AINM: _____

SEOLADH: _____
(Bloclitreacha)

GUTHÁN: _____ **DÁTA BREITHE:** _____

An bhfuil tú ag freastal ar scoil faoi láthair?
(Cuir tic sa bhoscaí cuí) **Tá** ☐ **Níl** ☐

Má tá:

Ainm na scoile _____

Scoilbhliain _____

Dícháileofar an té a dhéanann canbhasáil
Cuirfear roinnt áiteanna ar fáil sa scéim do mhná, d'oileánaigh, agus do dhaoine atá os cionn 23 bliain d'aois. Cuirfear fáilte ar leith roimh iarratais ó dhaoine dífhostaithe atá ag iarraidh tosú ar ghairm nua.

Ní hiad an IRA amháin a dhíchoimisiúnaigh

Ciarán Dunbar

CÉ nár cuireadh an méid céanna spéise sa cheist, ní hiad an IRA agus paraimíleataigh eile amháin a scrios a n-armlóin ó thuaidh - rinne an RUC amhlaidh.

Le linn na dtrioblóidí, bhí an RUC armtha le géar-ghunna an ‘Ruger Speed Six’ agus le raidhfil fada an ‘Ruger AC-556.’

Anois, tá an PSNI armtha leis an Glock 17 agus le bailiúcháin d’airm níos faide de dhéantús Heckler and Koch - ach cad a tharla do shean-airm an RUC?

Is féidir le Gaelscéal a léiriú go ndearnadh iad a dhíchoimisiúnú ar fad - agus cé nach fios dúinn go díreach cad a tharla do ghunnaí an IRA, is féidir linn a léiriú cad a tharla do raidhfilí an RUC.

Rinneadh iad a ghearradh suas agus a leá - níl aon stóras de na hairm chumhachta seo ag an PSNI.

Níl ach 15 ghéar-ghunna ‘Ruger Speed Six’ ag an PSNI anois agus tá siad go fóill eisithe mar ‘airm dhualgais’ don PSNI.

Leid! | **Ár fada**
Orla ón ós = vomit from the mouth
Órla ón os = Golden princess from above

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

Cáineadh toisc nach bhfuil cuireadh tugtha don Phápa

An Pápa Benedict XVI : an bhfaighidh sé cuireadh go hÉirinn?

TÁ cáineadh déanta ag Teachta Dála de chuid Fhianna Fáil ar an Taoiseach toisc nach bhfuil cuireadh tugtha aige don Phápa Beinidict a theacht go hÉireann don Chomdháil Eocairisteach i mbliana.

"Bhí muid ar bís fáilte a chur roimh an Uachtarán Obama, an Bhanríon Éilis agus an Dalai Lama, ach tá an Taoiseach ag diúltú gach ceiste a chuirtear air a fhreagairt an bhfuil sé chun cuireadh soiléir gan débhrí a thabhairt don Phápa nó nach bhfuil," arsa Seán Ó Fearghaíl.

Cháin Ó Fearghaíl an cinneadh ambasáid na hÉireann sa Vatacáin a dhúnadh chomh maith.

"Is é an Caitliceachas reiligiún an tromlaigh in Éirinn agus ainneoin na scannal a bhain leis le blianta beaga anuas," ar seisean, "tá tionchar díreach ag na polasaithe agus na luachanna a chuireann sé ar an Stát.

Léigh sé freagra ón Tánaiste, Eamon Gilmore, ar cheist ón Teachta Kevin Humphreys faoin ambasáid i mí Iúil 2011. Bhí dhá chúis leis an ambasáid: "*to maintain a permanent point of contact with the headquarters of the Roman Catholic Church, which continues to be the stated religious denomination of a substantial majority of Irish citizens and whose actions and policies have a direct impact and influence on Irish society*" agus "*to maintain ongoing relations with a significant global political entity which has diplomatic relations with 179 states.*"

Is cinnte go bhfuil an-bhrú ag teacht ar Gilmore an cinneadh a aisghairm, go háirithe leis an míshástacht atá léirithe ag cúlbhinseoirí de chuid Fhine Gael. Shéan an Tánaiste tuairiscí a rinneadh inné gur cuireadh an Vatacán ar liosta na n-ambasáidí a bhí le dúnadh le gairid anuas.

Dúirt sé chomh maith go bhféadfaí an cinneadh a athrú dá n-athródh an Eaglais Chaitliceach an polasaí atá acu nach féidir leis an ambasadóir chun na Vatacáine a bheith lonnaithe in ambasáid eile. Is beag seans go ngéillfidh an Vatacáin ar an ábhar seo.

Dá ndéanfaí shílfeá go mbeadh cathú ar gach tír eile na hambasadóirí atá acu féin chun na Vatacáine agus na hodáile a chur san fhoirgneamh céanna.

€353 milliún cúitimh don earnáil bhiatais

THUG an tAire Talamhaíochta Simon Coveney le fios sa Dáil gur chaith an tAontas Eorpach €353 milliún ar chúiteamh nuair a dúnadh an earnáil bhiatais in Éirinn. Íocadh €123 milliún le Greencore, an comhlacht a rith monarcha i gCeatharlach agus i Mala a dúnadh in 2005 agus 2006 faoi seach.

Fuair conraitheoirí innealra €6 milliún agus fuair feirmeoirí €220 milliún. As an méid a tugadh d'fheirmeoirí, íocadh cúnamh athstruchtúraithe €53 milliún, cúnamh éagsúlaithe €44 milliún agus €123 milliún faoin Scéim Aoníocaíochta Feirme.

An tAire Talamhaíochta Simon Coveney, Fine Gael.

Beartaíodh ciorrú a dhéanamh ar an earnáil bhiatais san AE in 2005 mar chuid de na hidirbheartaíochtaí le táirgeoirí siúcra ón domhan forbraíochta. Dúradh go raibh an earnáil mí-éifeachtach agus go raibh gá fáil réidh le fóirdheontais agus tacaíochtaí eile don earnáil. Botún bunaithe ar fhaisnéis a bhí míchruinn agus asdáta a bhí ann áfach, de réir Chúirt Iniúchóirí na hEorpa in 2010. Dar leo bhí an monarcha i Mala, áit ina raibh 240 duine ag obair, éifeachtach le dul in iomaíocht le táirgeoirí timpeall na cruinne gan cúnamh stáit.

Praiseach ceart a bhí ann an earnáil a scor, ach ní gá gurbh é seo deireadh an scéil. De réir grúpa dar teideal an *Irish Sugar Beet Bio-Refinery Group* d'fhéadfaí 5,000 post a chruthú dá ndéanfaí athbheochan ar an earnáil.

Dar leo d'fhéadfaí eatánól mar aon le siúcra a tháirgeadh ó bhiatas. Beidh orthu €350 milliún a bhailiú chun monarcha biatais a oscailt áfach, ach measann siad gur féidir é seo a fháil ó infheisteoirí agus ó na bainc.

An mbaileodh Cáin Saibhreas €800m?

RINNE Sinn Féin moladh roimh an gcáinfhaisnéis go ngearrfaí cáin saibhris 1% ar shócmhainní a bhfuil luach níos mó ná €1 milliún orthu. Dar leo, bhaileodh sé seo €800 milliún don Stát. De réir Chomhaontas na Clé Aontaithe, d'fhéadfaí i bhfad níos mó ná sin a bhailiú.

Measann siad go bhféadfaí €10 billiún a bhailiú dá ngearrfaí cáin saibhris 5% ar an 5% is saibhre den phobal. Maíonn siad nach mbeadh gá le ciorruithe caiteachais dá gcuirfí cáin dá leithéid i bhfeidhm. D'fhéadadh díomá a bheith ar an dá pháirtí dá ngearrfaí cáin saibhris macasamhail an chinn a bhí i bhfeidhm sna 1970í áfach.

Fuair Pearse Doherty freagra ón Aire Airgeadais maidir leis an gcáin seo an tseachtain seo caite.

Dúirt Michael Noonan gur cuireadh an cháin i bhfeidhm idir 1975-1978. Gearradh é ar "'*net market value', as defined, of the 'taxable wealth' of an individual, a discretionary trust, or a private trading company.*"

Bhailigh sé 0.4%-0.5% den cháin iomlán i rith na dtrí bliana a bhí sé i bhfeidhm. Dá ndéanfaí aithris air sin in 2011 ní bhaileodh sé ach €136-€170 milliún don Stát áfach.

Pearse Doherty TD, Sinn Féin.
[PIC : MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND]

'Idirdhealú' á dhéanamh in éadan na Gaeilge

CHUIR an Teachta Ciarraíoch, Martin Ferris, idirdhealú in éadan na Gaeilge i leith an rialtais sa Dáil Dé Céadaoin seo caite de bharr ciorruithe atá beartaithe i scoileanna Gaeltachta.

Dar leis laghdóidh líon na múinteoirí in 13 as 14 bunscoil atá lonnaithe i nGaeltacht Chiarraí.

Tá an méid daltaí atá ag teastáil chun ceithre mhúinteoir a fhostú ag ardú ó 81 go 83 i scoileanna sa Ghalltacht, ach ó 76 go 83 i scoileanna Gaeltachta. Ardóidh an tairseach go 86 in 2014. De réir Theachta Shinn Féin, tá uisce faoi thalamh sa chiorrú sa mhéid is go bhfuil an rialtas ag iarraidh brú a chur ar scoileanna beaga tuaithe cónascadh lena chéile. Tá baol ann go mbeidh ar pháistí ón nGaeltacht taisteal go ceantair eile le dul ar scoil, dar leis.

Dúirt sé go gcuirfidh an polasaí seo le meath na Gaeilge agus gur idirdhealú in éadan na teanga a bhí ann.

Shéan an tAire Stáit Oideachais, Ciaran Cannon, an líomhainn go láidir áfach. Dúirt sé nach raibh an rialtas ag iarraidh bac a chur leis an obair thábhachtach atá ar bun chun an Ghaeilge a chur chun cinn ná ar an nGaelscolaíocht.

Dúirt sé go raibh sé ráite iliomad uair ag an Taoiseach, Enda Kenny, agus ag an Aire Oideachais, Ruairí Quinn, nach ndúnfaí scoil ar bith gan toil an phobail áitiúil. Nuair a cháineann Sinn Féin an rialtas bíonn dhá fhreagra acu de gnáth, rud éigean a rá faoi ghníomhaíochtaí an IRA (go háirithe robáil Northern Bank agus cúrsaí airgeadais á phlé!) agus trácht a dhéanamh ar chiorruithe atá á chur i bhfeidhm ag an bpáirtí féin ó thuaidh.

An tAire Stáit Oideachais, Ciarán Cannon TD, Fine Gael.

Bhain Cannon úsáid as an dara taictic Dé Céadaoin. Chuir sé fimíneacht i leith Ferris ag rá gur fhógair Aire Oideachais an Tuaiscirt, John O'Dowd, sa Mheán Fómhair seo caite go mbeadh ar gach scoil le níos lú ná 105 dalta dúnadh amach anseo.

Cúrsa

TRINITY COLLEGE
The University of Dublin

Scoil na Síceolaíochta

Tá Scoil na Síceolaíochta, Coláiste na Tríonóide ag glacadh le hiarratais faoi láthair ar chláir iarchéime a thosóidh sa bhliain acadúil 2012-2013. Tá réimse clár iarchéime taighde agus gairmiúil chomh maith le sainchúrsaí iarchéime á dtairiscint ag an Scoil. Tá tuilleadh eolais agus sonraí faoi conas iarratas a dhéanamh ar fáil ag www.tcd.ie/Psychology/postgraduate/.

Tá spriocdhátaí éagsúla do na cúrsaí difriúla a chuireann an scoil ar fáil. Moltar go láidir iarratas a dhéanamh go luath. Tá na sonraí iomlán a bhaineann leis na spriocdhátaí le fáil ar an suíomh idirlín.

Comharthaí fíorama i mBéarla amháin

Katie McGreal

TÁ comharthaí fíorama bus ar a dtriail i gCorcaigh faoi láthair ach níl an leagan Gaeilge réidh go hiomlán.

Deir Sarah Morrison ón Údarás Náisiúnta Iompair, go dtagann 'nóim' suas ar na comharthaí i gcomhair 'nóiméad' ach níl ainmneacha na n-áiteanna i nGaeilge ar na comharthaí trialacha go fóill.

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag obair le Bus Éireann faoi láthair chun ainmneacha na stadanna uilig a aistriú go Gaeilge.

Deir Morrison go mbíonn fadhbanna leis an leagan Gaeilge toisc go gcaithfidh siad na stadanna uilig a aistriú go Gaeilge, ní amháin an ceann sprice.

"Beidh an leagan Béarla ar fáil roimh an leagan Gaeilge," a deir sí agus í ag caint faoi na comharthaí fíorama i gcathracha eile in Éirinn.

Nuair a bheidh na comharthaí i gCorcaigh réidh, rachaidh Údarás Náisiúnta Iompair go Gaillimh, Port Láirge agus Luimneach chun na comharthaí céanna a chur i bhfeidhm. Táthar ag siúl le go mbeadh siad i bhfeidhm sna cathracha sin roimh dheireadh na bliana.

Tá 19 comhartha ar a dtriail i gCorcaigh faoi láthair agus táthar ag siúl go mbeadh 47 eile thuas roimh an Cháisc.

Folúntas

CUIREADH CHUN TAIRISCEANA

COMHAIRLEOIREACHT maidir le BAINISTIÚ TIONSCADAIL

PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN POIBLÍ

Is mian le Foras na Gaeilge iarratais a lorg ar Chomhairleoireacht maidir le Bainistiú Tionscadail a dhéanamh ar ghnéithe den Phróiseas Comhairliúcháin Poiblí atá á reáchtáil faoin tSamhail Nua Mhaoinithe ar earnáil bhunmhaoinithe na Gaeilge.

Príomhshonraíocht na Comhairleoireachta

Tréimhse: 6 mhí;

Uasbhuiséad: €30,000;

Príomhchúraimí:

Anailís a dhéanamh ar aighneachtaí ón bPróiseas Comhairliúcháin Poiblí agus ar aiseolas ó chruinnithe poiblí agus ó fhócasghrúpaí.

Le sonraíocht uile a fháil, féach **etenders.ie** nó seol ríomhphost chuig: eolas@forasnagaeilge.ie

Spriocdháta le haghaidh iarratas:
20 Feabhra 2012.

Foras na Gaeilge

eolas@forasnagaeilge.ie

MAIGH EO

Beag dul chun cinn ar Ghaelú Oileán Chliara

Colm Ó Broin

IS beag dul chun cinn atá déanta ag an iarracht le teanga an phobail ar Oileán Chliara i Maigh Eo a athrú go Gaeilge. Rinne iar-urlabhraí Gaeltachta Fhine Gael, Frank Feighan, an moladh sin i mí Lúnasa 2010.

De réir suirbhé a rinne bainisteoir chomhlacht forbartha an oileáin, Dónal Ó Sé, tacaíonn 90% den phobal leis an moladh.

Is beag dul chun cinn a rinneadh le 18 mí anuas áfach. Bhí an tUasal Ó Sé san ospidéal ar feadh sé mí le linn na tréimhse agus dúirt sé le Gaelscéal go raibh sé ar intinn aige teagmháil a dhéanamh leis an Aire Stáit Gaeltachta, Dinny McGinley, leis an moladh a phlé.

Oileán Chliara : Aiséirí na Gaeltachta?

Níl straitéis leagtha amach don togra agus níl plean ann faoi láthair chun Gaelscoil a dhéanamh den bhunscoil atá ar an oileán. Ó thaobh na n-imeachtaí a eagraíodh mar chuid den iarracht, dúirt an tUasal Ó Sé go raibh deireadh seachtaine Gaeilge ag an mbunscoil an samhradh seo caite agus go rabhthas ag beartú é a reáchtáil arís i mbliana.

Dúirt sé freisin go bhféadfaí ranganna Gaeilge a chur ar fáil do thuismitheoirí ar an oileán amach anseo.

De réir phríomhoide na bunscoile, Noel Clark, ní raibh baint ag an imeacht, *Snas ar do Bhlas*, a eagraíodh i gcomhar le Comhaltas Ceoltóirí Éireann, leis an bhfeachtas an t-oileán a Ghaelú. Chaith sé amhras ar an moladh go n-athrófaí teanga teagaisc na scoile go Gaeilge agus dúirt sé nach raibh rud ar bith tarlaithe i leith an fheachtais go bhfios dó ó chuir an Teachta Feighean an scéal chuig na meáin.

"Bheadh orainn dul i gcomhairle le tuismitheoirí an oileáin chun an scoil a athrú go Gaelscoil," arsa Clark.

Chaith sé amhras ar an moladh go n-athrófaí teanga teagaisc na scoile go Gaeilge agus dúirt sé nach raibh rud ar bith tarlaithe i leith an fheachtais go bhfios dó ó chuir an Teachta Feighean an scéal chuig na meáin.

"Níl ach scoil amháin anseo agus má tá tuismitheoirí ag iarraidh oideachas trí mheán an Bhéarla dá bpáistí bheadh orainn an dara scoil a oscailt. Téann na páistí chuig scoil dara leibhéil ar an mórthír agus níl meánscoil lánGhaeilge ar fáil dóibh, chothódh sé roinnt fadhbanna dá mbeadh oideachais trí mheán na Gaeilge faighte acu ag an mbunleibhéal. Ní dóigh liom go mbeadh sé praiticiúil an moladh seo a chur i bhfeidhm," ar seisean.

Réalta ceoil agus cruinne ag Imbolc

Seán Ó Loingsigh

CUIRFEAR tús le tionól Imbolc san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhuirne oíche Dé hAoine le ceolchoirm ó réalt na Hothouse Flowers, Liam Ó Maonlaí.

Beidh Ó Maonlaí mar chainteoir freisin ag comhdháil an tionóil i rith an lae Dé Sathairn san Ionad Cultúrtha, áit a labharóidh ochtar aoichainteoirí san iomlán ar ábhair a bhaineann le téama Inspioráid na Bliana seo.

Cuirfidh an réalteolaí, Diarmuid de Búrca, iarchéimí le réaltfhisic in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, síos ar na rabhcháin réalt ar a dugtar pulsáir - "na rudaí is iontaí agus is aite sa chruinne," dar le stiúrthóir Imbolc, Tomás Ó hAodha.

Táthar ag súil le caint ilghnéitheach ón amhránaí Úna O'Boyle ó Chontae na Mí, bean a bhain gradam ceoil Hot Press i 1997 de thoradh a cuid oibre le beirt cheoltóirí díséad Hyperborea. Is sár-imreoir fichille í Úna chomh maith, saineolaí a bhfuil leabhar as Gaeilge scríte aici faoin ábhar, agus a mhúineann scileanna an chluiche i nGaelscoileanna na tíre.

Roinnfidh Feargal Ó Móráin a chuid saineolais mar chathaoirleach ar choiste taighde agus forbartha Fhiontraíocht Éireann, agus cuirfidh an tOllamh le hinnealtóireacht leictreach i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus scríbhneoir Gaeilge san ábhar, Annraoi de Paor, síos ar a chuid taighde i réimse na hinnealtóireachta.

Beifear ag súil go mór leis an gcaint a thabharfaidh an bhean chabhartha, Geraldine Kelly, faoina cuid oibre i mór-roinn na hAfraice. Timpeall deich mbliana ó shin chonaic Geraldine tuairisc nuachtáin a chuaigh i bhfeidhm go mór uirthi maidir le cruachás máithreacha óga san Afraic, agus chuir sí roimpi dul ann chun cabhrú leo.

Inseoidh an t-údar Eoghan Mac Giolla Bhríde faoina thaithí ag scríobh scéalta a bhaineann le ciníocha éagsúla ar fud an domhain. Tá baint ag Eoghan le tionscadail scannán chomh maith, an ceann is déanaí ag díriú ar an veidhleadóir cáiliúil, John Doherty, ó Thír Chonaill.

Cuirfidh an sléibhteoir agus an teagascóir sléibhteoireachta, Darach Ó Murchú, atá lonnaithe i gCorca Dhuibhne, síos ar a thaithí ar chúrsaí dreapadóireachta ar mhór-shléibhte na cruinne. Tá a chomhlacht fhéin - In My Element - ag Darach a chuireann ard-oiliúint ar fáil do dhaoine a dteastaíonn uathu scileanna an dreapadóra d'fhoghlaim.

Níl comhdháil Imbolc trom - cainteanna 20 nóimead an duine a bheidh i gceist, iad as Gaeilge ach ní bheidh ceist na Gaeilge féin á plé.

"Tá neart tionól ar siúl cheana féin a phléann ceist na teanga go héifeachtach, ach cúis eile ná taispeáint go bhfuil an Ghaeilge ag déileáil leis na hábhair is suimiúla agus is ionsparáidí dá bhfuil ann," dúirt Tomás Ó hAodha.

Costas €25 a bheidh ar thicéad le haghaidh na comhdhála; beidh ráta €15 ann dos na sinsir, do dhaoine dífhostaithe agus do scoláirí.

Gual na Síne – Truailliú agus Timpistí

Tá tionscal an ghuail á leasú sa tSín de bharr truailliú agus timpistí. Ach ar leor polasaithe nua an rialtais le srian a chur leis an dochar?

Diarmuid Johnson

Is baintreach í Lia Ming. Tá sí ina cónaí i gceantar Yunnan na Síne. Má tá cáil an tae ar an réigiún sin, is ceantar mór guail atá ann thar aon ní.

Maraíodh fear céile Lia Ming i dtimpiste mianadóireachta dhá bhliain ó shin. Sa mbliain 2010, de réir na dtuairiscí, maraíodh 2433 duine i mianaigh guail na Síne.

Ní miste a rá gur laghdú mór a bhí ansin ó 2009 nuair a maraíodh 6995 duine, an líon ab airde riamh in aon bhliain amháin. Is beag sóláis sin do Lia Ming.

Ar an taobh eile den scéal, tugadh cúiteamh airgid luach 25,000 Euro don bhaintreach de bharr na timpiste. Ó 2007 i leith, de bharr a olcas 's a bhí cúrsaí slándála, agus an pobal gan mhisneach dá réir, thosaigh an rialtas ag íoc airgid árachais as na mairbh.

Ach chuir an polasaí sin cor eile fós sa scéal. Is amhlaidh anois a bhíonn grúpaí mafia ag dúnmharú mianadóirí leis an airgead árachais a tharraingt. Cuireann siad an chuma ar an scéal gur bás de bharr timpiste a bhíonn ann.

Tharlódh go bhfuil cuid d'úinéirí na mianach ag obair lámh ar láimh leis an mafia i réigiún Yunnan, i Hebei agus Sichuan.

Minic go leor, is strainséirí a bhíonn sna mianadóirí, dream a dtugtar na mingong orthu, spailpíní bochta a d'fhág a mbaile dúchais ar thóir na hoibre.

Tá scéalta uafáis eile ann maidir le tionscal an ghuail sa tSín: bliain go leith ó shin, cheannaigh áisínteacht phríobháideach 62 duine a bhfuil míchumas intinne orthu. Díoladh ina sclábhaithe iad le gual a bhaint.

Ní hiontas ar bith mar sin go bhfuil an rialtas ag cur smacht ar lucht an tionscail. Chuir siad faoi ndear d'úinéirí na mianach a dhul síos faoin talamh in éineacht leis an lucht oibre go bhfeicfidís féin an chontúirt.

Chomh maith leis sin, tá scéimeanna ann leis an ngás a shú as an talamh sula dtosaítear ag baint an ghuail.

Is é an gás meatáin is cúis le cuid mhór de na pléascanna marfacha a tharlaíonn i mianaigh guail na Síne. Tugtar an gás chun bealaigh anois, oiread agus is féidir, agus úsáidtear mar bhreosla é tar éis a ghlanta. Arsa Huang Shengchu, stiúrthóir Chinese Coal Information Institute, 'tá sé i gceist ag an tSín cothrom 200 milliún Euro in aghaidh na bliana a chaitheamh le gás a shú ón talamh sula mbaintear an gual.'

Saol Crua : Mianadóir guail sa tSín

Ar mhaithe le feabhas ó thaobh slándála de, tá athstruchtúrú á chur i bhfeidhm ar sheilbh agus ar riar na mianach chomh maith. Fágann sin go bhfuil laghdú le blianta beaga anuas ar líon na mianach sa tSín. Cuid mhaith de na timpistí, bhí siad ag tarlú i mianaigh beaga phríobháideacha a raibh a gcuid úinéirí beag bheann ar shaol 's ar shláinte an lucht oibre. I 1995 bhí 87,000 mianach guail sa tSín. 26,000 a bhí ann faoi 2005, agus faoi 2010 ní raibh ann ach 12,000. Sin laghdú ollmhór.

Ní shin le rá go bhfuil laghdú ar an méid guail atá á bhaint ná ar an ngual atá á dhó sa tSín. Sa tSín féin, sna ceantair atá ag braith ar an ngual, tá an truailliú ag dul in ainseal. Ní amháin go mbíonn an t-aer dubh, agus rian an ghuail go doghlanta ar dhreach na tíre, ar na tithe agus ar éadain na ndaoine.

Ach chomh maith leis sin, tá an t-uisce féin a thruailliú, agus na haibhneacha á lot. Le srian a chur ar an dochar, tá loisceoirí á dtógáil leis an déocsaíd charbóin a laghdú. Úsáidtear gail sna loisceoirí speisialta seo.

Fós féin, tá ceist thromchúiseach fós ann: cén dochar atá gual na Síne a dhéanamh don aeráid ar fud an domhain agus cén bhaint atá aige leis an triomach agus leis na tuilte a bhí ann le deireanas ar fud na cruinne? Tá comhaontú Kyoto sínithe ag an tSín, ach creideann siad go bhfuil sé de cheart acu féin oiread guail a dhó agus is gá le biseach a chur ar a gcuid eacnamaíochta, rud a rinne tíortha an iarthair lena linn. Dar le Greenpeace, tá an baol ann go ndúblóidh na eisiúintí gáis den chineál seo faoi 2030. Sin idir 3 agus 4 bhilliún tonna sa mbliain.

Ach is mian le rialtas na Síne breis úsáide a bhaint as cumhacht na gréine sna blianta atá romhainn, agus laghdú 17% a chur ar úsáid guail. Muna gcuireann, ní hiad muintir Yunnan, Hebei agus Sichuan amháin a bheas thíos leis an truailliú, an bhaintreach Lia Ming ina measc, ach an domhán mór agus a bhfuil ann.

Scuaine na n-otharcharranna : An Radharc tar éis thimpiste i mbun guail na Síne.

NUI Galway
OÉ Gaillimh

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Fáiltítear roimh iarratais ar na folúntais seo a leanas:

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh

- **Léachtóir (Faoi bhun an Bhaic) san Eolaíocht Pholaitiúil agus sa tSocheolaíocht**

Spriocdháta: Déardaoin, 22 Márta, 2012

- **Comhalta Ollscoile (Teagasc agus Taighde) i Léann Leanaí (Conradh 3 bliana, Páirtaimseartha, 0.5)**
- **Comhalta Ollscoile (Teagasc agus Taighde) i Staidéar Scannán (Conradh 3 bliana, Páirtaimseartha, 0.6)**
- **Comhalta Ollscoile (Teagasc agus Taighde) i gCearta Daonna (Conradh 3 bliana, Páirtaimseartha, 0.6)**
- **Comhalta Ollscoile (Teagasc agus Taighde) sa Léann Éireannach (Conradh 3 bliana, Páirtaimseartha, 0.8)**

Spriocdháta: Déardaoin, 8 Márta, 2012

Le haghaidh tuilleadh eolais agus chun iarratas a dhéanamh ar na poist thuasluaite, tabhair cuairt ar www.publicjobs.ie

Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte

- **Oifigeach Teicniúil/Réamhdhioscóir san Anatamaíocht**

Spriocdháta: Deardaoin, 1 Márta, 2012

Réitigh agus Seirbhísí Faisnéise

- **Speisialtóir Teicniúil, Grád 3 (leath-ama)**

Spriocdháta: Déardaoin, 23 Feabhra, 2012

Le haghaidh tuilleadh eolais agus chun iarratas a dhéanamh ar an bpost thuasluaite téigh i dteagmháil leis an Oifig Acmhainní Daonna: http://www.nuigalway.ie/about-us/jobs/

Ríomhphost: hr@nuigalway.ie Teil. 353 91 492151

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.



www.nuigalway.ie

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 15 Feabhra, 2012

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin

An gad is deireanaí – na Scoláireachtaí Gaeltachta

"GAD ar ghad anuas má ghearrais díot é, ait liom i ndiaidh na sceanairte más tú atá ann ach iarlais."

Ritheann na línte sin ó Mháirtín Ó Direáin liom go minic na laethanta seo agus mé im' fhinné ar an sceanairt fhuilteach atá ar bun ar na nithe éagsúla a raibh pobal na Gaeltachta agus na Gaeilge ábalta braith orthu mar chabhair ón Stát.

An gad is déanaí le gearradh, na Scoláireachtaí Gaeltachta, a bhíodh ar fáil do scoláirí ón nGaeltacht a chruthaigh go maith san Ardteist. Thiar i 1985, d'éirigh liom ceann a bhuachaint agus thug mé aghaidh ar Ollscoil Chorcaí chun céim dlí a dhéanamh ann.

Tar éis dom mo chéim BCL a bhaint amach, thugas aghaidh ar Ollscoil na hÉireann Gaillimh chun tabhairt faoi dhioplóma iarchéime sa 'chumarsáid fheidhmeach - iriseoireacht chomh fada agus a bhaineann sé liomsa nó leatsa!

Bhí an Roinn Oideachais fós i mbun na hurraíochta. Bhí súil agam agus mé ag déanamh an chúrsa úd go mbeadh an Ghaeilge lárnach ann ach, de bharr aighneas idir Roinn na Gaeilge agus stiurthóir an chúrsa, ní bhfuaireas ná an Roinn luach iomlán as an gcúrsa ach b'ullmhú den scoth é don saol iriseoireachta.

Mór an trua, is dócha, ná bhfuaireas oiliúint cheart sa Ghaeilge nó bheadh sé i bhfad níos fusa dom anois ó thaobh na gramadaí - ach sin scéal tharainn.

Tá iliomad daoine cosúil liom féin ar fud na tíre agus timpeall na cruinne atá buíoch don Scoláireacht Ghaeltachta agus is ceart é sin a aithint.

Tá aithne agam ar dhuine amháin a fuair an scoláireacht, go háirithe, a bheadh ina phríomhfheidhmeannach éifeachtach ar leithéidí Údarás na Gaeltachta - ní hionann sin agus a mhaíomh nach bhfuil iarrthóirí den scoth san eagras féin mar tá gan amhras agus gach seans go bhfuaireadar san Scoláireacht Ghaeltachta freisin.



Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Céim siar é gan aitheantas nó tacaíocht a thabhairt do scoláirí éirimiúla agus/nó dúthrachtacha. Neartaíonn sé an ceangal idir na daoine sin agus an ceantar ónar fáisceadh iad agus cuireann sé in áit níos fearr iad, i bhformhór mór na gcásanna, chun cúnamh a thabhairt dá bpobal ina dhiaidh sin.

Infheistíocht seachas deontas a raibh i gceist -agus is cinnte gur íoc sé as féin, gan mo chás féin a chur san áireamh!

Ar aon nós, mar is ionadúil, tá pinginí á shábháil is na milliúin Euro á gcaitheamh thar claí! Lá maith eile do na cuntasóirí sa mhaorlathas - drochlá do phobal agus do gheilleagar na hÉireann.

Sampla eile den drochobair seo an chontúirt nach mbeidh aon tacaíocht ann a thuilleadh do na comórtais iontacha díospóireachta a bhí á reáchtáil ag Gael Linn i gcaitheamh na mblianta. Is cosúil nach bhfuil 'scéim' ann sa tSamhail Nua Mhaoinithe ar aon nós a thacóidh le na comórtais seo amach anseo.

Ar mhaithe le pinginí arís, tá luach 53 bliain de chuimhní cinn, de nascanna, de chomrádaíocht, de chomhphlé agus d'argóintí le caitheamh i dtráipéisí.

Ar a mhéid, tuigtear dom, chosain sé isteach is amach le €20,000 chun na comórtais seo a reáchtáil - ach b'fhiú fortún an dea-mhéin a chruthaigh sé don Ghaeilge i measc na mílte daoine a ghlac páirt iontu.

Cuid de na daoine seo is pearsaí poiblí iad - is cuma iad a bheith cailiúil nó gan a bheith cailiúil, is beag duine nár sheas a pháirtíocht sa chomórtas seo leo.

An rud nach dtuigeann an duine/grúpa atá ar chúl na gcinntí seo go mbeidh praghas le híoc amach anseo as ucht na bpinginí a sábháileadh i mbliana. Na cuntasóirí seo, tá's acu an phraghas ar gach earra ach ní thuigeann siad luach rud ar bith.

Gunna Mór Shinn Féin dírithe orm!

BHÍ díospóireacht agam an tseachtain seo chaite le duine de 'ghunnaí móra' Shinn Féin, Declan Kearney, cathaoirleach an pháirtí, ar Ghlór Anoir ar Raidió na Gaeltachta faoi mo thuairimí i leith 'cur chuige' SF ar cheist aontú na hÉireann.

D'eascair seo as alt a scrígh mé don *'Sunday Independent'* ar an gceist, píosa inar thug mé le fios go raibh mé ar shon Éire Aontaithe ach go raibh imní orm faoi leagan Shinn Féin de.

Cathaoirleach Shinn Féin, Declan Kearney.

Samhlaigh é sin, léigh breis is milliún léitheoir sa *'Sunday Independent'* alt ina rabhas ag rá go raibh mé ar son Éire Aontaithe agus ní raibh muca ag eitilt sa spéir!

In ainneoin sin, ní raibh an plé raidió i bhfad ar siúl go dtí gur thosnaigh mo chéile comhraic ag tabhairt 'frithphoblachtach' orm.

De réir daoine áirithe i Sinn Féin, is frithphoblachtach tú má tá tú amhrasach faoi phoblachtachas SF. Ní thuigeann siad gur féidir le duine bheith ina phoblachtach gan a bheith ar shon SF.

Níl monaplacht ag SF ar 'Éire Aontaithe', fiú nuair nach bhfuil suim ag páirtithe eile sa cheist.

Ar aon nós, bhí áthas orm an díospóireacht a bheith agam le fear SF cé go raibh sé gairid agus gonta mar gheall ar shrianta ama an raidió. Toisc go raibh sé ag scairteadh orm agus mé ag iarraidh ceist a fhreagairt, níor thuig mé go raibh sé ag tabhairt cuireadh dhom freastal ar cheann de na 'comhdhálacha ar son Éire Aontaithe' atá eagraithe ag an pháirtí le tamall. Tá siad le moladh as an méid sin, pé scéal é.

Táim sásta cuireadh a chaitheamh ar ais chuig Sinn Féin. Beidh mé sásta mo thuairimí i leith Éire Aontaithe agus an cur chuige atá ag an pháirtí ar an gceist a dhíospóireacht go poiblí le duine ar bith ón eagras.

Le cúpla bliain anuas, d'eagraigh an páirtí Comhdháil Samhraidh sa Mhuileann i mBaile Bhuirne. Má tá suim acu léargas eile a chloisint uaim agus a phlé, táim sásta dul os a gcomhair ag an ócáid.

Ullmhaígí, dírígí, scaoiligí!

Bhí sé i gceist agam gan gearán a dhéanamh sa cholún seo.

Tá an Charghas ag tosnú inniu agus rith sé liom gur cheart dom éirí as an ngearán don tréimhse 40 lá atá os ár gcomhair. Féach chomh fada agus a mhair sin!

An Gearán deireanach roimh an Charghas

FHAID is atáim ag gearán, tá sé chomh maith dom an méid seo a rá. Bhí an-áthas orm gur bhuaigh an scannán, *'Bernadette - Notes On A Political Journey'*, a craoladh ar TG4 le gairid, an gradam don scannán faisnéise is fearr ag an ócáid IFFY (eag: IFTA nach ea!) ag an deireadh seachtaine. Sárscannán faisnéise a bhí ann.

Ba mhór an trua, dar liom, go raibh an oiread san den scannán i mBéarla nuair is cainteoir breá Gaeilge í Bernadette Devlin McAliskey.

Gearán bheag eile sula gcuirfear an luaithreach orm - bhí go leor spóirt agus spraoi sa chéad eagrán de Rásaí na Gaillimhe 2.

Tá na carachtair go léir go híontach, go hairithe Ultan Keane (Don Wycherley), Siobhan Harte (Carrie Crowley) agus an Garda Ben (Pádraig Ó Tuairisg), triúr nach n-oibreoidh sa bhaile seo arís seans tar éis dom iad a mholadh, ach ní raibh mórán brí leis an gcéad chlár. Mhothaigh mé go raibh plota ar iarraidh uaidh - nó plota amháin láidir - agus gurb é a bhí romhainn i bhfirinne ná sraith sceitseanna a bhí greannmhar, cinnte, ach ná raibh aon teannas drámatúil le mothú iontu.

Maith go leor, tá an Charghas tosnaithe. Deireadh le gearáin go dtí an Cháisc nó go ngéillim don chathú, cibé ócáid is túisce!

Bernadette McAliskey, nó Devlin mar a bhí uirthi ag an am.

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

An tSiria: Cad a dhéanfaimis?

DE réir tuairiscí, tá Arm na Siria á úsáid chun éirí amach shibhialtach a chur faoi smacht. Tá na céadta ag fáil bháis agus tá an t-arm ag baint úsáid as airtléire i gceantair uirbeacha i gcoinne thargaidí shibhialtacha.

Níl a fhios againn má tá sé sin iomlán fíor, ar an ábhar nach féidir linn muinín iomlán a chur in eolas atá ag teacht ó 'fhreasúra na Siria' nó ó rialtas na Siria, nó i ndeireadh na dála i meáin an Iarthair ach an oiread - ar an ábhar go bhfuil muid á n-ullmhú d'ionsaí Iosraelach / Meiriceánach ar an Iaráin agus gur eochair-chomhghuaillí í an tSiria leis an Iaráin.

Ach ní tír dhaonlathach in aon chor í an tSiria agus tá siabhialtaigh ag fáil bháis - caithfear rud éigin a dhéanamh.

Ach cad a dhéanfaimis?

Ná déanaimis dearmad gur baineadh úsáid as rún de chuid na Náisiún Aontaithe chun 'athrú régime' a chur i bhfeidhm sa Libia agus gur scaoileadh chun báis deachtóir na tíre sin, Muamar Ghaddafi, tar éis gur theip ar eitleáin cogaidh de chuid NATO é a bhuamáil chun báis agus é ag teitheadh leis.

Rinneadh prácás de chúrsaí sa Libia, rinneadh a bheag den NA agus ná déanaimis dearmad go bhfuil trodaíocht ag dul ar aghaidh go fóill sa tír sin - ní hionann deireadh cogaidh ar Sky News agus deireadh leis an scaoileadh faraor.

Lena chois sin, tuigeann an tUachtarán Bashar al-Assad go soiléir nach bhfuil aon rogha aige ach troid go bás - tá bás Ghaddafi agus Saddam Hussein feicthe aige ar Youtube i deireadh na dála.

Má chailleann sé, é féin a bheas ina 'Youtube hit' chomh maith, ní bhainfidh sé an Cúirt Choiriúil Idirnáisiúnta in Der Haag amach choíche ná baol air.

Luíonn sé le ciall, má tá muid ag iarraidh stop a chur leis an slad sa tSiria, go gcaithfear bealach éalaithe a thabhairt do al-Assad agus a theaghlach.

Chomh maith leis sin, caithfear a bheith cinnte nach ndéanfar slad ar an mhionlach Alabhaíteach as a thagann clan al-Assad tar éis an t-aistriú cumhachta.

Níl sé iomlán mícheart ionsaí a dhéanamh ar thír eile i gcónaí, go hairithe más ag cosaint sibhialtach atá i gceist.

Mar sin féin, tar éis na hIaráice agus na Libia, ní féidir le NATO aon ní a dhéanamh, go hairithe nuair a thugann siad tacaíocht d'Iosrael, agus Iosrael ag tógáil lonnaíochtaí agus ag brú amach na bPalaistíneach i gcónaí.

De bhrí sin, caithfidh an freagairt a theacht as an domhain Arabach - bíodh sé ina fhreagairt shíochánta nó mhíleata.

Más cruinn na tuairiscí atá ag teacht chugainn, is léir go gcaithfidh siad sin a dhéanamh láithreach.

Cibé rud a dhéanfar, b'fhearr é ná an staid ina bhfuil cúrsaí faoi láthair.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Ag Máirseáil in Iúr Chinn Trá

Donncha Ó hÉallaithe

An Domhnach tar éis Dhomhnach na Fola i nDoire eagraíodh paráid tostach in Iúr Chinn Trá. Ach an oiread leis an bparáid i nDoire Cholmcille an Domhnach roimhe bhí cosc curtha ar an bparáid ag Rialtas Stormont.

Dúnadh lár an bhaile agus bhí fórsa láidir den RUC, den UDR agus d'Arm na Breataine ar na sráideanna lena chinntiú nach n-éireodh leis an bparáid dul isteach i lár an bhaile. Le nach mbeadh caismirt eile ann, tionóladh paráid tostach, ina raibh 50,000 páirteach ar imeall an bhaile agus súile phreas an domhain dírithe air.

Seo thíos tuairisc a bhí ar an gcéad leathanach de INNIU, a thugann chun cuimhne an teannas san aer agus an eagla a bhí ar máirseálaithe go bhféadfadh breis áir a bheith mar thoradh ar an lá, ach ní raibh.

Inniu, 11ú Feabhra, 1972

Lá na hAontachta san Iúr

Lenar dTuairisceoir

"[...] An cuardach taobh amuigh den Iúr. Saighdiúirí fuafara Shasana nár laghdú ar an fhuafaracht sin a n-aghaidheanna a bheith smeartha le stuif dhubh. Lámha in aird. Cruthú aitheantais. Tuairisceoir? - hmm. Cén rud cnapánach sin in do phóca? Cás spéaclaí. Tóg amach é. Right - move on. Next.

Ba chosúil é seo le hullmhú cogaíochta, le hullmhú don ármhach. Ba chosúil sinne le buíon dídeanach ag dul isteach i dtír eachtrannach, seachas páirt dár dtír féin.

Os mo chionn bhí crónán le cloisteáil ag héileacaptair, an crónán snagach sin a chloistear go rialta anois cois teorann, na spiairí spéire seo a mbíonn sé de bhua acu an uile bhogadh ar an talamh a fheiceáil.

An tIúr féin agus é dubh le daoine, iad go léir ag siúl i dtreo an eastáit tithíochta ag Doire Beag, ar chnoc ard os cionn an bhaile féin.

Tús na Paráide

Thíos fúinn bhí Séipéal Chnoc an Nóinín le feiceáil - caidé mar bheadh an cás ansin roimh thitim na hóiche? Bhí flúirse mhaor máirseála ann, iad insonraithe faoina gcriosanna gorma muinchille, a ngnúis teann docht, orduithe ciúine á dtabhairt acu. B'insonraithe an rud é go raibh gléasanna "walkie-talkie" ag roinnt acu ionas go mbeadh siad in ann ceangal a choinneáil leis an uile ghné den pharáid.

Gártha ón slua nuair a tháinig Bernadette Ní Dhoibhlin, Proinnsias Mac Mánuis agus polaiteoirí eile. Gairid roimh an trí a chlog labhair Seán Hollywood, príomheagraitheoir na paráide, leis an ollslua. D'iarr se orthu bheith ordúil, ómósach. Iad siúd a d'aontaigh le cinneadh Eagras Chearta an tSaoránaigh, ardaíodh siad a lámha. Ni raibh le feiceáil ach coill lámha - comhartha balbh aontachta, comhartha a bhí lán den mhothú.

Fógra ón Héileacaptar

Go tostach - níor airigh mé oiread is cogarnach - ghluais an pharáid chun cinn. Bhí na héileacaptair - trí cinn acu - ag eitilt go híseal sa spéir.

Ina gcuideachta bhí trí eitleán phríobháideacha ann - lucht an phreas agus radharc íontach acu ar an ócáid. Ansin tháinig ceann de na héileacaptair anuas go híseal. Ní raibh fhios againn cén fáth go dtí gur chualamar guth á chur in iúl dhúinn go raibh an pharáid seo mídhlíthiúil! Aoibh gháire a chuir an fógra sin ar aghaidheanna na máirseálaithe - ach níor bhain sé focal astu.

Dhá mhíle go leith as sin go hionad an chruinnithe - b'éigean dúinn dul malairt slí de bhrí go raibh baracáid tógtha ag na saighdiúirí agus ag na póilíní trasna shráid Mhuineacháin ag bun Bhóthar Chamlinne - níor mhiste sin. Níor cháin aon duine na socruithe gan choinne seo; bhí muinín acu as beartas Eagras Chearta an tSaoránaigh.

Bá léir faoin am seo nach dtarlódh aon scliúchas. Ba léir gur éirigh thar cionn le lucht riartha na paráide - an ceann is mó riamh in Éirinn ó na fichidí, agus ba léir go raibh an dúshlán tugtha, an dlí briste agus an eala mhagaidh déanta de mhórtas Shasana, do neart a hAirm agus de bhladhmann Stormont.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 15 Feabhra, 2012

Tugaimis Breac-Ghaeltacht ar Thuath na bhFál

Eoghan Ó Néill

Breac-Ghaeltacht a thugann muid ar cheantar a bhfuil an Ghaeilge ag imeacht ann. Cad chuige nach dtig linn breac-Ghaeltachtaí a bheith againn ina bhfuil an teanga ag teacht i dtreis?

Bíodh na breac-Ghaeltachtaí sin sa Ghaeltacht stairiúil nó sa Ghalltacht.

An bhfuil aon fháth ar leith nach dtig breac-Ghaeltacht a thabhairt ar Bhéal Feirste Thiar?

Sa chúpla míle cearnógach in aice liom anseo tá an Chultúrlann lena iliomad fiontar, Coláiste Feirste, trí nó ceithre bhunscoil Ghaeilge, roinnt naíscoileanna, Raidió Fáilte, compántas drámaíochta Aisling Ghéar, Forbairt Feirste (a reáchtálann cúrsaí traenála do Ghaeil óga), Nuacht24, Laochra Loch Lao (foireann CLG Ghaeilge) Cumann Chluain Ard agus .... go leor leor rudaí eile.

Agus níos tábhachtaí arís tá na scórtha, murab é na céadta tuismitheoirí, i mBéal Feirste Thiar ag tógáil a gclann le Gaeilge.

Agus mar aon leo seo ar fad tá Gaeltacht Bhóthar Seoighe, Gaeltacht uirbeach, atá ar an fhód anois le breis is dhá scór bliain.

Cad chuige nach mbeadh Béal Feirste Thiar ina bhreac-Ghaeltacht?

Nó Carn Tóchair/Sleacht Néill i gContae Dhoire. Níl sé ach beagán sa bhreis ar 50 bliain ó cailleadh an teanga sa cheantar tuaithe sin.

Tá pobal ar leith i gCarn Tóchair/Sleacht Néill atá i ndiaidh cur rompu Gaeltacht a dhéanamh de taobh istigh de 50 bliain.

Tá 150 páiste ag fáil Gaeloideachais ann agus tá sé ar an aon cheantar tuaithe, taobh amuigh den Ghaeltacht, mar a bhfuil níos mó de pháistí na háite ag fáil oideachais as Gaeilge ná as Béarla.

Agus tá borradh faoin teanga ar achan dóigh sa phobal ansin, ó fhostaíocht go saol teaghlaigh go saol sóisialta. Tá tuairimíocht ann go mbronnfar stádas Gaeltachta (Gaeltacht de rannóg áirithe) ar Chluain Dolcáin/Leamhcán.

Níl cur amach iontach agam ar an limistéar seo ach seo ceantar mar a bhfuil cúpla míle páiste ag freastal ar Ghaelscoileanna, mar a bhfuil líon nach beag de teaghlaigh ag tógáil a gclann le Gaeilge agus mar a bhfuil leithéidí Áras Chrónáin ag cuidiú le saol sóisialta a chur ar fáil do Ghaeilgeoirí.

Is cinnte go bhfuil cás ann chun breac-Ghaeltacht a dhéanamh de.

Gaeltacht Bhóthair Seoighe / Pobal Feirste in Iarthar Bhéal Feirste : Tá an Ghaeilge sa tríú ghlúin ann - an mbeidh a leithéid á thógáil in áteanna eile chomh maith? [PIC : GOOGLE MAPS]

(Chuirfeadh sé lena gcás dá mbeadh siad chun páirc imeartha a chur ar fáil ann do na Gaeil Óga!)

Agus ar ndóigh tá caint le tamall anuas faoi shráid do Ghaeilgeoirí a bhunú i mBaile Munna.

Seo díreach dornán de na dea-scéaltaí atá ann faoi phobail Ghaeilge a bheith ag teacht i dtreis sa Ghalltacht.

Agus tá sé thar am go raibh bealach ann le go dtig na pobail seo a chlárú, a cheangal ar shlí éigin, leis an Ghaeltacht stairiúil.

Mar bhreac-Ghaeltachtaí nó mar ábhar Gaeltachtaí nó mar shatailítí Gaeltachta nó mar Ghaeltachtaí i Rannóg F nó G nó H nó Z nó cibé. Cibé lipéad is gá.

Tá fuinneamh is cumas is dea-scéaltaí na bpobal seo de dhíth ar an Ghaeltacht stairiúil.

Níl mé ag maíomh go rachadh na ceantracha nua seo san iomaíocht do na deontais ná don stádas atá ag an Ghaeltacht stairiúil.

Ná bíodh sin ann ar chor ar bith.

Ach thiocfadh linn sainmhíniú nua a bheith againn ar cad is Gaeltacht ann. Agus faobhar a chur leis an Ghaeltacht stairiúil.

Go mbeifeá in ann labhairt den chéad uair le 300 bliain faoi phobal na Gaeltachta a bheith ag méadú seachas a mhalairt.

Ach thiocfadh linn sainmhíniú nua a bheith againn ar cad is Gaeltacht ann. Agus faobhar a chur leis an Ghaeltacht stairiúil. Go mbeifeá in ann labhairt den chéad uair le 300 bliain faoi phobal na Gaeltachta a bheith ag méadú seachas a mhalairt.

Caithfidh an Ghaeltacht teacht ar bhealach éigin chun cur lena líon cainteoirí seachas an scéal a bheith amuigh i gcónaí go bhfuil an pobal Gaeltachta ag laghdú agus an Ghaeltacht féin ag crapadh de shíor.

Ní hé nach dtuigim tábhacht na Gaeltachta stairiúla. Tuigim go bhfuil rud ar leith i gceist le pobal a choinnigh a dteanga gan teip leis na cianta.

Tuigim go bhfuil todhchaí na Gaeilge ar fad fite fuaite le leas na Gaeltachta.

Tuigim go bhfuil saibhreas teanga is cultúir sa Ghaeltacht nach féidir a athchruthú má chailltear é.

Comhartha Gaeltachta san iargúltacht : an mbeidh an comhartha céanna le feiceáil sna cathracha amach anseo?

Ach ar iomlán na cainte faoin tslí chun tosaigh don Ghaeltacht ní fios dom gur bunaíodh Gaeltacht nua (sa Ghaeltacht stairiúil) ó tháinig Ráth Chairn/Baile Ghib ar an tsaol, nár laga Dia iad.

An féidir Gaeltachtaí a athbheochan ar an bhealach sin a thuilleadh?

Nó an gá smaointeoireacht nua faoi bhunú Gaeltachtaí?

Tá Gaeltacht Bhóthar Seoighe i mBéal Feirste Thiar ar an tsaol le dhá scór bliain anois. Agus ag dul i dtreis.

Inniu tá níos mó ná scór teaghlach ag cur fúthu ann.

Is í an Ghaeilge an teanga phobail a bhí acu ó am a mbunaithe. Agus is í go fóill. Agus is téistiméireacht don cheantar, do na teaghlaigh agus don saol ansin, go bhfuil roinnt de na páistí a saolaíodh is a tógadh ann i ndiaidh tithe a cheannacht ann iad féin. Tá siadsan ina gcónaí ann anois mar tuismitheoirí agus rún acu a gcuid páistí féin a thógáil le Gaeilge san áit ar tógadh iadsan le Gaeilge ann.

Trí ghlúin sa tsráid amháin ag tógáil clann le Gaeilge. Nach bealach chun cinn é sin don Ghaeltacht?

Ábaltacht 16,000 poist a chruthú ag pinsinéirí?

Conall Ó Móráin

Tá thart ar 8,000 duine ón earnáil phoiblí ag dul ar scor inniu de bharr na gciorraithe atá an Rialtas a dhéanamh agus chun an buntáiste is fearr a bhaint as a dtéarmaí pinsin.

Daoine oilte, éirimiúla le tríocha ná daichead bliain do thaithí iad seo. Dá ndéanfá comhiomlánú orthu, ní dóigh go bhfuil mórán taisce ríomhaire a mbeadh an oiread eolais ann agus atá ag an dream seo atá ag éirí as obair.

Go minic ní theastaíonn ó na daoine seo an chéim seo a ghlacadh ach de bharr téarmaí an Troika agus mian an rialtais caithfidh siad é a dhéanamh, agus leis na hathraithe atá beartaithe sa chóras pinsin amach as seo, níl an dara rogha acu.

Agus is spéisiúil é go bhfuil an '*Irish Times*', an lámhleabhar laethúil atá ag na hoibrithe seo, ag rith sraith d'ailt an tseachtain seo ar chonas maireachtáil tar éis éirí as. Níl sé éasca. Níl sé éasca go mór mór nuair atá tú fós measartha óg agus freisin tá ábaltacht agus mian oibre ag ar a laghad leath dóibh siúd a bheidh ag dular scor inniu.

Amárach, an chéad lá tar éis dó éirí as, tá cruinniú agamsa le duine acu. Tá an-spéis agam sna féidearthachtaí atá i bhfear amháin agus dá bharr sin tá an-suim agam dul i mbun gnó leis an bhfear seo. Má éiríonn linn, d'fhéadfadh go gcruthódh muid gnó le, ar a laghad, fiche duine ag obair ann agus má tá an buille faoi thuairim ghnó atá á thógáil agam cruinn.

Chonaic mé freisin ar leathanach cúil an Irish Times, i measc na mionfhógraí, fógra ó chomhlacht ag www.restaurantmanagement.ie atá ag tairiscint cumas gnó maidir le bialannan nó caiféanna a rith. De réir an tsuímh idirlín atá acu ní ghlacann an cúrsa ach naoi seachtainí. Ina dhiaidh sin ba chóir go mbeadh duine in ann bialann d'oscailt. Dá mbunódh duine bialann is dóigh go mbeadh ar a laghad trí nó ceithre phost le cruthú chun seirbhísiú a dhéanamh ar na custaiméirí.

Tá daoine éirimiúla oilte ag dul amach ar phinsean. Beidh roinnt mhaith acu díomhaoin in aghaidh a dtola agus fonn orthu rud éigin a dhéanamh lena gcuid ama. Rachaidh roinnt acu ag siúl gach lá, roinnt ag dreapadóireacht agus gan cheist imeoidh roinnt acu as a meabhair leis an leadránacht.

I gcás go gceapann sibh go bhfuil mé ag déanamh an iomarca dos na dainséir tá an-aithne agam ar stáitseirbhíseach an-sinsearach a raibh gach rud breá socair sa bhaile aige agus é féin agus a bhean ag obair. D'éirigh siad beirt as obair an lá céanna breis agus bliain ó shin agus beagnach thar oíche tháinig brú mór ar a bpósadh agus bhí ar bhean chéile an fhir cabhair dochtúra a lorg de bharr an dubhaigh a d'fhulaing sí.

Tá an bheirt fós le chéile, buíochas le Dia, ach níl aon cheist faoi go bhfuil an próiseas scoir dainséarach dóibh siúd nach bhfuil ullmhú cuí déanta acu chuige.

Ach ní gá gur mar sin a bhbeadh sé, go mór mór má tá daoine sásta fanacht ag obair. Tá daoine ann agus tá agus beidh siad an-sásta galf d'imirt gach lá, agus amach leo ag baint taitnimh as. Ach tá roinnt mhaith daoine eile a bheadh i bhfad níos sásta leanúint ar aghaidh ag déanamh rud éigin dearfach lena gcuid ama.

An srian is mó atá ar chomhlachtaí beaga úra faoi láthair ná easpa creidmheas. Níl a leithéid ar fáil. Gan é, fuil an ghnó mar a thugtar air, ní féidir gnó a thosnú. Seo an dara mórbhuntáiste atá acu siúd san earnáil phoiblí atá ag éirí as inniu. Tá pinsin acu. Níl siad, agus ní bheidh siad, ag brath go hiomlán ar ioncam ó ghnó nua a bheadh á bhunú acu. Is buntáiste thar cuimse an mhéid sin. Cuir ceist ar aon fhiontraí atá ag tosnú amach. An dara mórbhuntáiste atá ag na daoine seo ná go bhfuil cnapshuim airgid sa phóca acu agus iad ag dul amach an doras. Is féidir roinnt den airgead sin d'úsáid (go cúramach) chun cabhrú le gnó a thosnú. Agus ar ndóigh tá an tríú buntáiste mór ag formhór na ndaoine seo mar go bhfuil siad, oilte agus éirimiúil.

Dá n-imeodh leath den 8,000 duine seo le gnó agus abair go mbeadh, ar an meán 4 phost an duine á chruthú acu, chiallódh sé sin go bhféadfadh 16,000 duine dul ar ais ag obair. Deir na saineolaithe go gcosnaíonn sé €20,000 sa bhliain ar an Stát nuair a bhíonn duine díomhaoin. Bheadh sábháilt €320 milliúin sa bhliain don státchiste dá n-oibreodh mo theoiric. Agus amach as seo b'fhéidir nach bialanna amháin a bheadh i gceist leis na gnónna a bhunófaí agus go dtiocfadh cúpla comhlacht mór as – b'fhéidir fiú mo cheann féin. B'fhearr dom ullmhú do chruinniú an Déardaoin.

Uaireanta ní oibríonn aistriúcháin

Páidí Ó Lionáird

Cloisimid an iliomad díobh na laethanta seo. I gcanúintí eachtrannacha agus iad ag triail iad féin a chur trasna i dteanga nach bhfuil sa DNA acu – an teanga réamhshocraithe agus, i gcás na mór-roinne, trína chéile seo faoi láthair, is an Béarla an teanga sin bíodh is gur go drogallach a glactar leis mar lingua franca i measc saoránaigh cumhachtacha áirithe ón Fhrainc agus ón nGearmáin.

Ní hé go mbíonn siad éagórach ina n-iarrachtaí iad féin a chur in iúl, nó má bhíonn, ar a laghad ní dócha go mbíonn sé i gceist acu a bheith ach nuair nach do theanga dhúchais féin atá ann, bhuel titeann lug ar lag agus ní bhíonn aon dul as ach éisteacht le fios go mbeidh cúpla meancóg agus idir chúis gháire agus ghoil dá bharr.

Cuimhnigh ar Olli Rehn. Sea, an Fionlannach, fairsing agus bhuel, fionn – nuair a osclaíonn seisean a bhéal agus Béarla ar a intinn aige, in ainneoin go mbíonn an t-ábhar idir lámha aige tromchúiseach agus an-dáiríre, bíonn sé deacair glacadh lena chuid fainicí agus a rabhadh.

Dhá bhliain ó shin, chuireamar aithne ar Ajai Chopra ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta den gcéad uair. Níor chualamar ag caint é go ceann i bhfad ach nuair a thosnaigh sé ag caint – ba deacair é a mhúchadh. A chanúint Béarla? Cleachtaithe agus snasta – ar éigin go mbeadh 'fhios agat cárbh as é murach an chorruair nuair a bhronnfadh focal ar leith deis dhó filleadh ar a dhúchas, coimhthíoch oirthearach – an consain 'r' agus an uaim ghéileann 'ol' dó.

An tseachtain seo, bhí Jean-Claude Junker, Príomhaire Lucsamburg againn agus b'éigean dom stopadh ag faire air mar gur shíleas gur ag déanamh magadh faoi Peter Sellers a bhí sé, an t-aisteoir clúiteach nuair a bhí seisean i ról an bhleachtaire iomráitigh Clouseau. Féachann sé cosúil leis fiú!

Roimhe sin áfach, bhíos ag faire ar cheann eile den uiliomad preasocáidí a tionóltar sa Bhruiséal d'fhonn na sluaite iriseoirí santacha a shásamh. Cé a bheadh ann ach Mario Draghi, an tIodálach atá anois ina Uachtarán ar an Bhanc Ceannais Eorpach atá lonnaithe i Frankfurt na Gearmáine.

Ar ndoigh bhí gach uile ábhar faoin spéir bainteach leis an gcóras airgeadais Eorpach ar chlár a chuid cainte. Bhí go maith agus ní raibh go holc go dtí gur chuir iriseoir éigin an t-aon cheist chiallmhar a chuaigh air. B'í eilifint na mór-roinne seo againn ábhar na ceiste.

An Ghréig.

"Is í an Ghréig an Ghréig", a dúirt sé. Gan oiread is iarracht ar mhíniú ar a raibh i gceist aige (ar ndoigh bhí 'fhios againn ar fad cad go díreach a bhí i gceist aige ach ní dheirtear na nithe seo amach go neamhbhalbh rómhinic) go dtí gur phléasc an bhuíon iriseoirí le teann gáirí. Ní raibh sé greannmhar.

Seo é Uachtarán an Bhainc Ceannais atá ag obair de ló agus d'oiche ag iarraidh a theacht ar sheift éigin a chinnteoidh go mairfidh an tAontas Airgeadais agus go n-éireodh leis an €130 míle, milliún a eagrú don tír daonlathach is seanda ar domhan.

Ar ndoigh bheadh air geallúintí a fháil ó rialtas na Gréige go raibh siadsan sásta an t-airgead a aisíoc agus glacadh le raon leathan de chiorraithe. Ina measc seo gearrfar an bunluach saothair fá 22% agus caillfear ceann as gach cúig phost san earnáil phoiblí.

Ní thiocfadh aon gheallúint gan tuilleadh doirteadh fola ar shráideanna na hAithne áfach. Is bocht an scéal é cinnte.

Go déanach tráthnóna Dé Domhnaigh, bhuaigh comhaireacht Pháirlimint an Hellenic an vóta a thabharfadhh céim eile níos gaire iad don mhaoiniú a bheidh ina nglaic acu faoi dheireadh an lae inniu.

Táim buartha áfach. Tá cúis an-mhaith le mo bhuairt mar tá drochstair ag an nGréig nuair a thagann fíricí agus insint na fírinne i gceist gan trácht ar gheallúint a thabhairt.

Tá teip glan orthu le tamall de bhlianta anuas an fhírinne a insint – ní hamháin dá gcomharsain Eorpacha ach níos measa ná sin, dóibh féin.

Ag deireadh an lae, ní aistríonn gach teanga go hoiriúnach agus go cruinn.

Tá cás le déanamh gur cóir dúinn teacht ar chomhaontas teanga sula dtabharfaimis aghaidh ar aon chomhaontas eile. Ar a laghad an tslí sin, thuigfeadh gach éinne, gach éinne eile gan aon nuance a chuirfeadh ar strae muid.

Ní bheadh sé leath chomh greannmhar áfach!

An Taoiseach Enda Kenny ag caint leis na meáin agus é ag dul isteach i gcruinniú na comh-aireachta inné
[PIC : LAURA HUTTON/ PHOTOCALL IRELAND]

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Louise McCabe, Ineke Van Derlinde agus Alison Connolly-Rice a d'oibrigh ag Féile Ceoil Bharra an Teampaill a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath le déanaí. PIC: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND

Beirt bhall den chlub Chumann Lúthchleas Gael Wolfe Tone i nDoire Mhic Cais, Seán Ó Maoilsté atá ina Chomhordaitheoir de Rith 2012 i gContae Ard Mhacha agus Finnian Ó Muircheartaigh.

Daltaí as Pobalscoil Ghaoth Dobhair a bhain amach duaiseanna náisiúnta i gcomórtas Liteartha na meánscoileanna Gaeltachta le hÚdarás na Gaeltacht le déanaí. Tá Éamonn Mac Niallais (Acadamh na hOllscolaíochta), Gráinne Nic Ghéidigh (comhalta bhord an Údaráis) agus Micheál Mac Aoidh (Áisitheoir ealaíne le hEalaín na Gaeltachta) in éineacht leo sa phictiúr.

Bhí John O'Mahony in éineacht le baill CLG Bhaile an Chaisil, Martin Heffernan, Eilish Ormsby agus Seamus Ormsby ag seoladh Chomórtas Peile na Gaeltachta Mhaigh Eo le déanaí.

Kelly Ní Dhomhnaill agus John Shéamuis Ó Fearraigh, ó Chumann Lúthchleas Gael Ghaoth Dobhair ag déanamh bronnadh ar an dá aoi speisialta a bhí i lathair ag a ndinneár bliantúil, Aodh Máirtín Ó Fearraigh, Rúnaí CLG an Chontae agus Aoghan Ó Fearghaill, Uachtarán CLG Uladh. PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Conamara

Tuilleadh uisce faoi thalamh sa gCumann Caipilíní

Máirtín Ó Cadhain

TÁ tuilleadh uisce faoi thalamh i gCumann Lucht Chapaillíní Chonamara agus tá roinnt ball ag iarraidh cruinniú éigeandála a ghairm. Tharraing tuairim is leathscór ball den Chumann - triúr ball de Chomhairle an Chumainn ina measc - cruinniú eatarthu féin i dteach ósta sa gClochán le gairid agus iad ag eagrú tacaíochta leis an gcruinniú éigeandála a éileamh.

Theastódh síniúcháin ó 75 ball sula bhféadfaí iarratas foirmeálta ar an gcruinniú éigeandála a chur faoi bhráid Chomhairle an Chumainn. Tuigtear go raibh díomá ar an dream atá mí-shásta le cuid d'obair an Chumainn nach raibh tuilleadh daoine ag an gcruinniú sa teach ósta.

Tá an cor is deireanaí seo in imeachtaí Chumann Lucht Chapaillíní Chonamara ar cheann de chuimse conspóidí atá tarlaithe sa gCumann le riar blianta. Shocraigh Comhairle Stiúrtha an Chumainn anuraidh - tá 20 acu ann - nach

mbeadh a gcuid cruinnithe acu in óstán ná in áit phoiblí eile feasta de bharr imní go mbeadh trioblóid ann.

Rinneadh an socrú seo tar éis imeachtaí corracha a tharla in óstán i nGaillimh nuair a bhí cruinniú ansin ag Comhairle Chumann Lucht Chapaillíní Chonamara. Chuir lucht an óstáin fios ar na Gardaí an oíche sin ach bhí an áit ciúinithe agus roinnt daoine imithe leo nuair a shroich na Gardaí an t-óstán.

Tuigtear gur in óstán i mBéal Átha na Sluaighe a bhí an cruinniú is deireanaí ag Comhairle an Chumainn; b'iondúil roimhe seo go mbíodh na cruinnithe in óstán i nGaillimh. D'fheil Gaillimh do dhaoine as Conamara agus do dhaoine as áiteacha eile faoin tír a bheadh ag taisteal. Níl a fhios cén fáth ar socraíodh an cruinniú is deireanaí a aistriú go Béal Átha na Sluaighe.

Idir an dá linn tuigtear go bhfuil ar a laghad ball amháin de Chomhairle an Chumainn atá ag fanacht amach ó chruinnithe le teann imní go dtarlódh aon bhlas eile.

Tá socrú déanta ag Comhairle an Chumainn anois freisin gur i mBaile Átha Luain a bheidh an cruinniú cinn bhliana ag Cumann Lucht Chapaillíní Chonamara i mbliana. Athrú mór eile é seo. Bhíodh an cruinniú cinn bhliana i nGaillimh mórán chuile bhliain. Dúirt foinsí i gComhairle an Chumainn go bhfuil baill in áiteacha ar fud na tíre agus gur bh'shin é an t-údar leis an athrú an iarraidh seo.

Bliain stairiúil í seo in imeachtaí Chumann Lucht Chaipilíní Chonamara. 100 bliain ó shin a thug Micheál Ó Máille as Ros Muc i gConamara dhá chapaillín chuig seó idirnáisiúnta i Londain. Tharraing an t-aistear sin ard in athuair ar mhianach chapaillíní Chonamara. Rinne an Máilleach - athair Frank a' Mháille i ngnó Tí Mháille i Ros Muc - go leor stocaireachta agus obair eagrúcháin agus is dá bharr sin a bunaíodh Cumann Lucht Chapaillíní Chonamara in 1923.

Conamara

Beirt Bhan Misniúil ar mhaithe le Cancer Care West

Áine Ní Chuaig

DEN dara bliain as a chéile, tá ócáid á heagrú ag beirt bhan as Conamara, ar mhaithe le hairgead a bhailiú do Cancer Care West. Tá na mná ar thóir daoine a bhfuil suim acu cabhrú le heagrú na hócáide a reáchtálfar ar an Satharn 3 Márta.

Tá Siobhán Bhreathnach agus Barbara Nic Con Iomaire as Conamara ag eagrú na hócáide le tacú le Cancer Care West, an t-ionad Gaillimheach a chuireann seirbhís riachtanach ar fáil d'othair atá buailte le hailse, agus a thugann tacaíocht dá gclanna.

Tá na mná ag impí ar dhaoine a gcuid málaí láimhe agus bróga faiseanta nua a thairiscint mar urraíocht don cheant mór atá siad le reáchtáil.

"Tá bróga agus málaí láimhe 'designer' ag teastáil uainn mar go bhfuil muid ag iarraidh níos mó airgid a bhailiú ná mar a bhailigh muid anuraidh," a deir Siobhán Bhreathnach. "Bheadh muid fíorbhuíoch as aon chabhair gur féidir linn a fháil."

Is i dTigh Phádraig Mháirtín Beag (nó Tí Hanley mar ab fhearr aithne air tráth) ar an Droim i Leitir Móir a bheidh an ócáid ar siúl arís i mbliana.

"Seo an dara bliain agam féin agus Bairbre Nic Con Iomaire ag eagrú na hócáide seo i dTigh Phádraig Mháirtín Beag," a deir Siobhán Bhreathnach. "Anuraidh, bhí deonaigh againn don 'Wax Off / Head Shave' agus bhí duaiseanna iontacha againn do chomórtas 'Sex and the City' do na mná."

Ba mhaith leis an bheirt bhan buíochas ó chroí a ghlacadh le chuile dhuine a chabhraigh leo €4325.40 a bhailiú anuraidh agus tá súil acu níos mó airgid a bhailiú i mbliana.

Beidh an banna Fóidín Meara ag cur na siamsaíochta ar fáil don ócáid, a thosóidh ag 9.30in. Eagrófar raifil mhór ar an oíche chomh maith agus tá fáilte roimh aon chomhlachtaí ar mhian leo duaiseanna a thairiscint ar mhaithe leis an charthanas. Más mian leat cárta urraíochta a ghlacadh nó tacaíocht a thabhairt don ócáid fhiúntach seo ar bhealach ar bith, déan teagmháil leo tríd an an nasc seo:
https://www.facebook.com/events/367427133273654/

Cathaoirleach Chomórtas Peile Mhaigh Eo, Piaras Ó Raghallaigh, na comhleoirí aitiúla Michael Holmes agus Rose Conway Walsh, aoí spéisialta John O'Mahony agus Martin Heffernan ó CLG Bhaile an Chaisil ag seoladh Chomórtas Peile na Gaeltachta le déanaí.

Cruinniú do thuismitheoirí Gaeltachta

Katie McGreal

TÁ cruinniú do thuismitheoirí sa

SAORVIEW
LEICTRŌ CHONAMARA
oifig: 091 595 092
gach seirbhís teilifíse dhigiteach
all digital television services
glaoch ar / call
John Walsh 087 235 7096
official saorview agent seirbhis SKY agus FREESAT

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 15 Feabhra, 2012

€2.2bn de láimhdeachas bliantúil ag Francaigh atá ag teacht ag plé le feamainn

Máirtín Ó Catháin

SÉ Setalg, comhlacht atá faoi scáth an ghrúpa idirnáisiúnta Roullier, atá roghnaithe ag bainistíocht Údarás na Gaeltachta le scair láidir a cheannacht i gcomhlacht feamainne Arramara Teo - sin más féidir an socrú sin a dhaingniú.

Tá Setalg ag táirgeadh go leor earraí a bhaineann le háilleacht, cúrsaí sláinte agus maisiú colna.

Bunaíodh Setalg in 1985. Comhlacht é a d'eascair as an ngrúpa Roullier a bunaíodh sa mBriotáin in 1959. Fear áitiúil darbh ainm Daniel Roullier a thosaigh an ghníomhaíocht uilig agus tá an ceanncheathrú coinnithe i gcónaí i San Malo sa réigiún sin.

Tá grúpa Roullier leathnaithe amach ar fud 40 tír ar fud an domhain; tá siad san Áis agus i Meiriceá Thuaidh chomh maith le réimse tíortha san Eoraip. Tá comhlachtaí de chuid Roullier ag díol earraí leasaithe talúna sa tír seo le fada agus córas díolacháin lonnaithe anseo acu.

Tuigtear go raibh suim ag Roullier in Arramara leathscór blianta ó shin agus gur caitheadh súil ar an monaracha agus ar an obair i gConamara. Níor cuireadh an scéal níos faide san am sin.

Tá láimhdeachas de €2.2bn sa mbliain ag grúpa Roullier as a gcuid gníomhaíochta ar fud an domhain. Níl sa gcuid de atá ag plé leis an bhfeamainn ach cuid bheag go maith den obair uilig.

Tuigtear go raibh ionadaithe ón gcomhlacht i gCill Chiaráin i gConamara le rí-ghairid aríst ag caitheamh súile ar mhonarcha Arramara agus ag déanamh a gcuid staidéir ar an tionscal. Níl a fhios cén glacadh a bheidh acu sa deireadh leis an moladh go bhfaighidís os cionn 50% úinéireachta ar Arramara agus go gcoinneodh an tÚdarás seilbh ar an gcuid eile.

Níl aon eolas tugtha ach an oiread faoin bpraghas a bheadh le n-íoc acu ar an scair a gheobhaidís in Arramara Teo.

Beidh ar bhaill bhord Údarás na Gaeltachta a theacht ar shocrú anois faoin gceist uilig - sin má bhíonn na Francaigh sásta go maith leis an moladh. Tá an cinneadh le tógáil as seo go ceann sé seachtainí. Bheadh an socrú atá luaite faoi chomh-úinéireacht ar Arramara a bheag nó a mhór ar aon dul leis an gcaoi a raibh an comhlacht rite ar feadh na mblianta.

Bhíodh comhlacht Albanach i bpáirtíocht le Roinn na Mara. Thriomaíití agus mhilltí an fheamainn i gCill Chiaráin agus chuirtí anonn go hAlbain í. Beidh Údarás na Gaeltachta ag súil - má déantar socrú - go mbeidh níos mo oibre i gCill Chiaráin de bharr theacht na bhFrancach agus go mbeidh níos mó borrtha faoi thionscal na feamainne.

Tá tionscal feamainne Arrramara ar cheann de na crainnte taca is láidre ar chósta an iarthair le 70 bliain. Chomh maith leis an scór, nó mar sin, atá ag obair ann bíonn tuairim is 200 fear ag baint fheamainne agus dá cur chuig an monaracha.

Ghaeltacht á reáchtáil ag Coiste Cúram Leanaí Chontae agus Chathair na Gaillimhe amárach, 16 Feabhra, ag 7.30in.

Labhrófar faoin tábhacht a bhaineann le grúpaí tuismitheoirí agus leanaí ag an gcruinniú seo agus na deontais atá ar fáil dóibh. Táthar ag iarraidh neart tuismitheoirí a thoghadh mar ionadaithe ar Bhord an Choiste le linn an chruinnithe freisin.

Beidh Nuala Ní Chonghaile, a dhéanann mír rialta garraíodóireachta ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, ina haoichainteoir ar an oíche. Labhróidh sí faoin tábhacht a bhaineann le nádúr agus dúlra do pháistí óga agus conas a chabhraíonn sé leo agus iad ag fás aníos.

Beidh fáilte roimh chách ag an gcruinniú agus tá tuilleadh eolais ar fáil ó 091 752039.

Cúrsa i dTreorú Muirí agus Tuaithe i Ros Muc

Katie McGreal

TOSÓIDH cúrsa páirtaimseartha i dTreorú Muirí agus Tuaithe san Ionad Breisoideachais i Ros Muc ar an Aoine bheag seo, 17 Feabhra. Cuirfear ceardlanna an chúrsa ar siúl thar dheireadh seachtaine ionas gur féidir le daoine fostaithe agus dífhostaithe freastal air.

Tá sé dírithe ar dhaoine a bhfuil spéis acu i dtionscal na turasóireachta. Clúdófar treorú cois cósta agus treorú slatiascaireachta báid agus cladaí ar an gcúrsa chomh maith le treorú cnocadóireachta, turasóireacht in Éirinn, scileanna gairmiúla i dtreorú, bainistíocht grúpaí, margaíocht agus teangacha idirnáisiúnta ag tosú le hIodáilis agus táthar ag súil go mbeidh Gearmáinis ar fáil freisin.

Tá siad ag súil le fostaíocht a chruthú tríd an gcúrsa seo.

"Tá go leor béime ar an turasóireacht," a deir Eithne Nic Dhonnachadha, Oifigeach Oideachas Aosach i gCoiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, "agus tá sé fíor-thábhachtach go mbeadh daoine cáilithe le daoine a thógáil amach nuair a thagann siad."

Tá costas €200 ar an gcúrsa agus clúdaíonn sé sin na ceardlanna uilig agus an obair phraiticiúil a bheidh le déanamh.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó 091 874538 nó 091 874533.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Baile Átha Cliath

Baill nua ar bhord stiúrthóirí Amharclann na Mainistreach

Katie McGreal

TÁ trí bhall nua ar bhord stiúrthóirí Amharclann na Mainistreach.

Cheap an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Jimmy Deenihan, Paul Davis agus James Mc Nally ar an mbord. Is stiúrthóir bainistíochta é Davis sa chomhlacht bainistíochta imeachtaí, Davis Events, agus is páirtnéir sa chomhlacht PricewaterhouseCoopers é Mc Nally. Cheap an bord, Mark Ryan, stiúrthóir bainistíochta tíre in Accenture Ireland, ar an mbord i ndiaidh moltaí ar fuair siad.

Tá Cathaoirleach na hamharclainne, an Dochtúir Bryan McMahon, sásta leis na baill nua,

"Gheobhaidh an Amharclann neart ón taithí agus ón eolas atá acu i ngnó," a deir sé, "agus déanfaidh siad cinnte go mbeidh an Amharclann ag obair i mbealach éifeachtach." Tháinig na folúntais aníos de bharr baill den bhord a bheith ag dul ar scor. Tá Jane Brennan, Moya Doherty, John Finnegan, Róise Goan, Thomas Kilroy agus Maurice O'Connell ar an mbord cheana agus tá McMahon ina chathaoirleach orthu.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag cabhrú le húinéirí áitribh

Katie McGreal

TÁ Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag iarraidh scéim a chur le chéile a ligeann do dhaoine nó eagraíochtaí cruthaitheacha, cultúrtha nó ceirde na haitribh fholmha sa chathair a úsáid.

Faoi láthair, tá siad ag lorg úinéirí a bhfuil áitreamh acu atá folamh agus a bheadh sásta páirt a ghlacadh sa scéim.

An plean atá ag an gComhairle Cathrach ná go mbeadh an t-eolas uilig acu ar Chlár d'Úinéirí Áitribh agus d'Ealaíontóirí agus dá mbeadh suim ag aon eagraíocht nó duine aonair áitreabh a fháil ar cíos, bheadh orthu dul i dteagmháil leis an gComhairle Cathrach. Tabharfaidh siadsan sonraí teagmhála na n-úinéirí dóibh agus beidh an dá dhream in ann na sonraí ar nós cíosa agus mar sin de a phlé le chéile.

Síleann Ray Yates ón gComhairle Cathrach go mbeidh beart níos fearr le fáil ag na heagraíochtaí má théann siad i dteagmháil leis na húinéirí iad féin. Tá seans go dtiocfaidh scéim cheart nó deontais amach as an scéim seo sa todhchaí má bhíonn suim mhór ann.

Cór Clasac

Katie McGreal

TÁ an cór Clasac, atá lonnaithe i Lárionad Clasac ar Bhóthar Alfie Byrne i gCluain Tarbh, ag lorg baill nua. Is grúpa amhránaíochta iad a bhuaileann le chéile gach Déardaoin ag 7.30in.

Thosaigh an grúpa thart ar dhá bhliain ó shin agus tá thart ar 12 nó 15 ball acu faoi láthair. D'fhág neart daoine le déanaí agus táthar ag iarraidh na huimhreacha a ardú arís.

Tá Tom Doorley ina stiúrthóir ceoil agus déanann siad meascán d'amhráin Bhéarla, Ghaeilge, thraidisiúnta, chlasaiceacha agus amhráin tíre.

Tá fáilte roimh chách, ag aon aois, agus ní gá go mbeadh tú in ann ceol a léamh. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Shinéad ag 086-3914746.

Ceardlann aisteoireachta

Katie McGreal

BEIDH ceardlann aisteoireachta, atá dírithe ar dhaoine óga atá ag déanamh staidéir ar an aisteoireacht san ollscoil nó aisteoirí óga atá ag obair ach atá ag lorg treoracha, ar siúl san Amharclann Mill i nDún Droma ar an Satharn, 3 Márta ó 1 - 4in.

Tabharfaidh Michael Cabot an cheardlann. Tá Cabot ina stiúrthóir ealaíne don dráma 'Equus' a bheidh ar siúl san Amharclann Mill ó 1 - 3 Márta.

Beidh neart moltaí ag Cabot mar gheall ar thriail aisteora, bealaí éagsúla le teacht ar phoist agus eolas ginearálta ar ghairm na haisteoireachta. Caint a bheidh ann den chuid is mó den cheardlann ach beidh cúpla rud praiticiúil le déanamh freisin agus beidh deis ag

na rannpháirtithe ceisteanna a chur ar Cabot freisin.

Tá costas €15 ar an gceardlann agus tá tuilleadh eolais ar fáil ó Aisling san Amharclann Mill ar 01 2969340.

Gaeltacht Ghlas na Mí

Fear as Ráth Chairn i gcraobh 'Got To Dance'

Colm Ó Broin

BEIDH fear as Ráth Chairn páirteach i gcraobh an chomórtais damhsa, Got To Dance, ar Sky 1, an mhí seo chugainn.

Tá Dane McKiernan mar chuid den ghrúpa Prodijig a bhain áit amach sa bhabhta deireanach le gairid.

"Déarfainn go raibh Dane ag damhsa ó bhí sé i gclúidíní," arsa cara leis, Úna Ní Chonaire, a oibríonn le Glór na nGael i Ráth Chairn.

"Bhí an damhsa ina chosa aige i gcónaí agus bhí a fhios agam go mbeadh sé ag damhsa go hidirnáisiúnta lá éigin."

Tá seachtar in Prodajig, cúigear fear agus beirt bhan, agus is damhsóirí le Riverdance iad uilig.

Meascann siad damhsa steipe le damhsa hip-hop le tionlacan de cheol hip-hop agus RnB.

Níl an grúpa ar an bhfód le fada ach tá ard-mholadh faighte acu ó na moltóirí ar Got To Dance agus beidh siad mar cheann de na roghanna don duais £250,000 (€300,000) ar 4ú Márta.

Tá cáil an ghrúpa ag scaipeadh go tapa agus thug siad taispeántas ag na IFTAs Dé Sathairn seo caite.

D'éirigh le grúpa Éireannach eile, Lil Hustlers, áit a bhaint amach sna babhtaí leathcheannais ach níor éirigh leo dul chomh fada le Prodajig.

Dane McKiernan agus Prodijig

Sraith clinicí á n-eagrú ag Forbairt Naíonraí Teo

Katie McGreal

TÁ Forbairt Naíonraí Teoranta (FNT) ag iarraidh deis a thabhairt d'fhoireann agus do mhuintir na Naíonraí ceisteanna agus ábhar ar bith a bhaineann leis an Naíonra a phlé trí shraith clinicí a eagrú timpeall na tíre. Beidh an chéad chlinic eile ar siúl san Mullingar Park Hotel ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath i gContae na hIarmhí ar an Déardaoin seo chugainn, 23 Feabhra ó 3.30 - 6in. Roimh an tseisiúin, tabharfaidh muintir FNT cuairt ar Naíonraí sa cheantar nach mbeidh in ann freastal ar an chlinic, buailfidh siad le coistí cúram leanaí agus déanfar poiblíocht ar FNT agus ar Naíonraí an cheantair freisin.

Fáilteofar roimh cheisteanna agus roimh aon ábhar plé a sheolfar chucu roimh ré, ionas gur féidir leo aiseolas cuí agus cruinn a sholáthar ar an lá. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Chlíona Frost ar 086 0403709 nó eolas@naionrai.ie.

Cúinne LánGhaeilge i gColáiste na Tríonóide

Katie McGreal

TÁ cúinne fíorGhaeltachta le fáil i gcroílár Bhaile Átha Cliath i gColáiste na Tríonóide agus tá fáilte roimh chách.

Tá an tSeirbhís Lónadóireachta i gColáiste na Tríonóide ag cur 'Cúinne Gaelach' ar fáil sa 'Bhutrach' do Ghaeilgeoirí, ó inné go dtí deireadh an téarma seo.

Beidh sé ar fáil le húsáid ó Luan go hAoine ag gnáth-amanna oscailte na bialanna. Áis shealadach atá ann.

Tá Aongus Dwane, an tOifigeach Gaeilge i gColáiste na Tríonóide ag súil go mbeidh siad in ann atmaisféar Gaelach a chruthú sa chúinne seo agus "cuirimid fáilte roimh mhórphobal na cathrach freisin," a deir sé.

Tá sé ag siúl go gcoimeádfaidh foireann na bialanna súil ar an teanga atá in úsáid sa chúinne agus coinneoidh sé féin súil ar an suíomh chun a chinntiú go labhróidh daoine Gaeilge ann.

Tá comharthaí dátheangacha timpeall ar an gcúinne chun daoine a chur ar an eolas faoi agus scaipeadar an scéal trí Facebook agus ar ríomhphoist freisin.

Thosaigh Gaeilgeoirí i gColáiste na Tríonóide ag lorg ionaid do sheomra caidrimh ag tús an téarma seo agus tá an cúinne seo mar réiteach air sin, sa ghearrthréimhse.

Tá Oifig na Gaeilge agus an Cumann Gaelach sa choláiste ag tabhairt tacaíochta don tionscnamh.

Conchúr Ó hAimhirgín, Máirtín Ó Duibhne, Muireann Ní Mhurchú, Seán Mac Mánais agus Kristin Ó Caomhánaigh ó Scoil an tSeachtar Laoch i mBaile Munna in éineacht le Síle Ní Dhuibhne, a múinteoir. Bhí na daltaí ar an ardán ag féile Choirm Gael Linn in Amharclann Naomh Mícheál, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman ar an Déardaoin seo caite.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 15 Feabhra, 2012

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Tacaíocht ag méadú do thóraíocht airgid oibrithe Vita Cortex

Seán Ó Loingsigh

GHLAC 5,000 duine páirt i mórshiúl i gcathair Chorcaí an deireadh seachtaine seo caite chun a dtacaíocht a léiriú do 32 oibrí atá i mbun suí agóide le dhá mhí anuas i monarcha Vita Cortex.

Tá breis is 60 lá caite ag na hoibrithe i mbun suí sa mhonarcha i gCorcaigh, agus iad ag lorg íocaíochtaí cuí iomarcaíochta ón gcomhlacht déantúsaíochta cúráin.

Agus é ag ceistiú an Taoisigh san nDáil an tseachtain seo caite maidir lena straitéis chun deireadh a chur le cruachás na n-oibrithe, thug ceannaire Fhianna Fáil Micheál Martin le fios go raibh comhfhreagras dá chuid le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corporáideach (ODCE) faoin gcomhlacht Vita Cortex foilsithe aige.

I litir a sheol Micheál Martin go dtí oifig an ODCE ar 22 Nollaig seo caite, chuir sé ar fáil eolas a léirigh go raibh sé i gcuntais an chomhlachta a cuireadh faoi bhráid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí in 2010, go raibh fiacha de €712,370 ag Vita Cortex ar chomhlacht de chuid bhean chéile úinéir Vita Cortex, Jack Ronan.

I litir chuig Micheál Martin ar 24 Eanair, thug stiúrthóir an ODCE, Paul Appleby, le fios go raibh na fiacha tugtha faoi deara ag a oifig, ach nár léirigh na ráitis airgeadais aon ghníomh mídhleathach ann féin, a bheadh mar bhunús fiosrúcháin faoi choimirce Acht na gCuideachtaí.

Nuair a bhí Enda Kenny i gCorcaigh le déanaí, chuir sé in iúl go raibh gach áis de chuid an Stáit á gcur ar fáil chun ceist oibrithe Vita Cortex a réiteach.

Dúirt Micheál Martin go raibh cuma air nach raibh an próiseas atá ar bun faoi láthair ag obair chun réiteach d'fháil ar an gceist, agus go raibh na hoibrithe thíos leis dá bharr.

Múinteoir ealaíne Choláiste Ghobnatan, Helen Ní Chuill, an t-amhránaí Ger Wolfe, a sheol an taispeántas Foinsí, agus na daltaí DJ Ó Duinnín, Ciara Ní Ghríofa agus Diarmuid De Bhulbh a bhfuil saothair ealaíne leo ar taispeáint san Ionad Cultúrtha. PIC: Ó LOINGSIGH

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Féile Siúlóide an Daingin

MÁ tá fonn siúil ort beidh caoi agat do chosa a shearradh an deireadh seachtaine seo mar beidh Féile Siúlóide an Daingin ar bun ar an Satharn agus ar an nDomhnach an 18ú agus an 19ú.

"Measaim go bhféadfadh breis agus cheithe nó chúig chéad duine a bheith ag glacadh páirte," arsa Colm Ó Bambuire, príomheagraí na siúlóide.

Dúirt Colm go mbeadh an Daingean agus an ceantar maguaird, "lán d'anam" ag tráth den mbliain gur beag a bhíonn ag corraí. "Fuaireas glaoch ó roinnt tithe aíochta agus bhíodar lán go bruach le háirithintí cheana féin," arsa Colm.

Measann Colm go mbeidh mórán ag teacht ó lasmuigh den gceantar "agus is bealach é le fostaíocht nó airgead a chur i bpócaí a bheadh folamh nó beagnach folamh an tráth seo bliana."

Dúirt sé go mbeadh daoine óga, meánaosta agus aosta ag glacadh páirte agus "gan amhras" iad siúd a bhíonn ar an mbóthar gach deireadh seachtaine. Cosnóidh siúlóid lae €15. San áireamh sa phraghas sin beidh lón, iompar, agus ceart a bheith páirteach i gcrannchur gur cóta 'Crag Hopper' an duais.

Ar an Satharn tosnófar le dreapadh Chnoc Bhréanainn. Deirtear gur siulóid 'chrua' í seo. Beidh iompar ar fáil ó lasmuigh de Supervalu sa Daingean ar a 9.15r.n. Ar a deich a chlog a bheidh iompar ar fáil le páirt a ghlacadh i siúlóid ar Shliabh an Iolair a meastar a bheith idir crua agus bog. Beidh siúlóid bhog shocair ann, is é sin siúl go barr Choc a' Chairn atá laistiar den nDaingean. Beidh siúlóid chrua an Domhnaigh ag dul i dtreo 'Loch an Dúin' agus beidh an t-iompar ar fáil dó sin ar 9.15r.n. Tosnóidh an tsiúlóid ag Crosaire na Coille Móire. Beidh dhá shiulóid ar Chosán na Naomh, an ceann 'bog' a thógfaidh timpeall ceithre uair an chloig agus an ceann meánach a bheidh beagán le cois cúig uair an chloig.

Sa chás go mbeadh fíordhrochaimsir ann, tharlódh go mbeadh athruithe ar pháirteanna d'aon tsiúlóid go mbeadh damáiste déanta di ag drochaimsir, ach measann Colm gur dócha ná beidh aon athruithe ann.

Pádraig Ó Dálaigh ar shlí na fírinne

AR an gCéadaoin seo caite cuireadh i gCré na Cille Pádraig Ó Dálaigh ón Oileán Buí, i nGaeltacht Uíbh Ráthach. Bhí 94 bliain slánaithe ag Pádraig agus bhí sé i dtogha na sláinte go dtí le déanaí.

Fear mór Oireachtaisí ba ea Pádraig. Bhí sé i gCill Airne anuraidh agus a ainm ar liosta an chomórtais amhránaíochta ar an sean-nós.

Fear 'grámhar' ba ea Pádraig dar le muintir an cheantair agus ní stopadh fiú an fiabhras dearg é ó fhreastal ar an Oireachtas. Roinnt bheag blianta ó shoin chuir sé a mhuinín ina ordóig le freastal ar Oireachtas Leitir Ceanainn. Chuireas ceist air le linn Oireachtas na bliana anuraidh, cad a thug air dul ag síobshiúl. "Bhí," ar sé, "mo mharcaíocht imithe, ní raibh teacht agam ar bhus, traen ná helicopter, ach bhaineas ceann scríbe amach gan mórán dua." Dúirt sé liom gur bhreá leis na hamhráin, an scéalaíocht agus na lúibíní. "Cuireann sé ardú croí orm cé chomh maith agus atá scata d'óige na Gaeltachta sna comórtaisí sin. Ó, agus buailim le seanchairde agus bíonn deoch bheag shólásach shuairc againn,' arsa an Dálach.

Solas síoraí d'anam an fhir ghrámhair.

Macasamhail Mhíchil Uí Dhuibhir

TÁ a fhios ag go leor daoine go dtagadh an t-aisteoir scannán Charlie Chaplin go dtí an gCoireán i gCiarrai Theas ar feadh scata Éireann blianta. Mheas an coiste forbartha ar an mbaile dealbh de Charlie a lonnú idir an baile agus an fharraige.

Anois tá dealbh eile ar tí teacht ar shaol na healaíne in Uíbh Ráthach. An babhta seo is ceann mór taibhseach atá i gceist. Cé eile a bheadh i gceist ach Micó, nó Mícheál Ó Duibhir an t-imreoir, traenálaí iomráiteach foirne caide. Beidh an saothar dealbhadóireachta seo os cionn sé troithe ar airde. Mheas an lucht eagair an scéal a choimeád ciúin go mbeadh gach ní réidh, mar de thoradh cúinsí éagsúla ní bheidh an dealbh á nochtadh um Cháisc, ach seans mí Bealtaine. Is é an t-ealaíontóir cáiliúil Adam Hall atá i mbun na hoibre agus measann na daoine a chonaic an bhunobair go mbeidh an toradh go hálainn agus gur slí é seo le meas agus ómós an phobail áitiúil a léiriú d'fhear as an gcoitiantacht.

"Is mó duine a déarfadh," arsa comharsa do Mhícheál Ó Duibhir, "gur ar son airgid a dheineann sé an obair seo. Dá bhfanfadh Mícheál aige baile bheadh seacht n-oiread airgid á ghnóthú aige, ach tá a chorp agus a chroí go feirc i saol na caide."

Cad a chosnóidh an togra seo? Chuala go raibh daoine ag lua €90,000 ach dar le foinse eolgaiseach is giorra do €25,000 nó níos lú costas an togra.

Mheas cara do Ó Duibhir gur bheart chiallmhar í dá mbeadh bustaí de dhaoine a thuill gradam don gceantar, mar shampla, 'Sceilg', Liam Mac Gabhann, Dónal 'Dháith' Ó Murchú, Dónal Ó Murchú agus srl, mar chuid thánaisteacht den dtogra.

Is fiú a lua gur sa tríú háit a tháinig Charlie Chaplin i gcomórtas 'mhacasamhail Charlie Chaplin', i Meiriceá' Ní tharlódh san do Mhicó seo againne.

An 'bogacháin' imreoirí Chiarraí?

ÓS rud é go bhfuilimíd in Uíbh Ráthach bhí tuairimíocht éagsúil le clos ansiúd fén achrann a d'éirigh idir fhoireann na Dromaide sa chluiche cumainn sóisir le buachaillí Dhroim TreascThír Eoghain. Bhí go leor daoine an-chorraithe fén ábhar ach bhí poirt éagsúla ag scata acu. D'aontaigh go leor go raibh an bua ag an bhfoireann ab fhearr ar an lá. Bhí scata a chuir ionadh orm 'ardbhailithe' den scéal mar mheasdar go raibh sé ag tabhairt le fios gur 'bogacháin' imreoirí Chiarraí. '*Dust Up*' a thabharfadh na hAstrálaigh ar an achrann, arsa fear eile cé ná fuil mórán de ghean agam dá dtéarmaí tagartha spóirt ach anso ba dhóigh leat go dtitfeadh an spéir agus an talamh ar a chéile. Is beag má bhí aon bhuillí buailte le linn an scliúchais dar leis agus dá dtarlódh sé ar pháirceanna eile spóirt ní bheadh ann ach 'fás aon oíche'. "Tá sé in am againn éirí as an uafás," arsa fear eile "mar is ag tabhairt náire dúinn féin atáimíd." Ach cinnte bhí daoine eile a bhí ar deargbhuile de thoradh a dtarla, 'iompar', mheasadar, thar fóir amach is amach.

"Is brea leis na meáin an drochscéal a chlos," arsa duine eile, "go mór mhór má bhíonn aon bhaint ag CLG leis." Cinnte ní sinne a leigheasfaidh an t-aighneas seo, pé amaideach nó lándáiríre é.

Bhí mí-ádh ar an nGaeltacht Dé

12/01/2012 : Pat Gorman as Corcaigh ag léiriú a chuid tacaíochta d'oibrithe Vita Cortex ag léiriú taobh amuigh de Theach Laighean an tseachtain seo. Tá lucht oibre Vita Cortex i mbun 'suí isteach' mar gheall ar a gcuid íocaíochtaí iomarcaíochta le breis is trí seachtainí. An tseachtain seo bhí iontas orthu nuair a chuir Alex Ferguson, bainisteoir Manchester United scairt orthu chun a chuid tacaíocht a léiriú [PIC : LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

Domhnaigh nuair a bhuaigh Caisleán Ghriaire orthu, naoi bpointe in aghaidh ocht gcinn.

Fuaimeanna Chruinne Chorca Dhuibhne

IS dócha go gcuirfidh sé leagadh súl ar chuid againn mar go bhfuil ócáid á heagrú ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne sa Daingean maidin an 24ú lá seo chugainn le cruinneas agus foghraíocht na Gaolainne a phlé agus na dearmaidí a dheineannn fiú iad siúd atá sár-líofa, coitianta. Ní dóigh liom gurb iad an dream úd a maítear a bheith líofa lofa atá i gceist ach iad siúd go bhfuil drochbhéasa foghraíochta agus cruinnis teanga tar éis iad a bhualadh. Ó, bead ann le cúnamh Dé.

Ceol agus Caife ar an mBuailtín d'Ospidéal Chromghlinne

BEIDH maidin chaife ar son Ospidéal na Leanaí, Cromghlinn ar siúl sa Mhúsaem ar an mBuailtín, ar an nDomhnach 19 Feabhra, ag 10r.n. Ócáid bhliantúil is ea anois í a fhaigheann ana-thacaíocht ó mhuintir na háite agus ó chuairteoirí araon, gan trácht ar na ceoltóirí go léir a chuireann siamsaíocht ar fáil ar an lá. I mbliana, beidh an Dochtúr Croí, David Coleman, ó Ospidéal na Leanaí, i láthair agus tá an lucht eagraithe ag súil le tacaíocht an phobail trína bheith ag bácáil nó ag tabhairt síntiúis, is cuma cé chomh beag nó mór. Is féidir le daoine a gcuid cístí/toirtíní srl. a fhágaint sa mhúsaem óna 9.30 ar aghaidh.

Tabhair do thacaíocht d'Ospidéal Chromghlinne. Bígí linn maidin Dé Domhnaigh ag 10r.n ar an mBuailtín, áit a mbeidh neart caife, ceol agus cuideachta!

Múscraí

Ospidéal Mhaigh Chromtha slán ó chiorruithe sláinte

Seán Ó Loingsigh

MEASTAR go bhfuil todhchaí Ospidéal Pobail Mhaigh Chromtha slán go ceann trí bliana eile ar a laghad agus é tugtha le fios ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) go mbainfidh an áis chúram seanóirí cáilíocht chláraithe an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) amach i mbliana.

Ag preasócáid ag deireadh cruinnithe d'Fhóram Sláinte Réigiún an Deiscirt i gCorcaigh Déardaoin seo caite, thug bainisteoir cheantar Chorcaí den HSE, Ger Reaney, le fios go seasfaidh clárú HIQA i leith Ospidéal Mhaigh Chromtha go dtí an mbliain 2015, agus go mbeidh oibreacha feabhsúcháin le déanamh san ospidéal i gcéim eile chun an cháilíocht chuí a choimeád.

I dtuarascáil de chuid HIQA dhá bhliain ó shin dúradh go raibh gá le feabhas a chur ar áiseanna in Ospidéal Mhaigh Chromtha chun riachtanais Acht Sláinte 2007 a chomhlíonadh, agus chun cloí leis na caighdeáin cháilíochta náisiúnta atá leagtha síos d'áiseanna cúram seanóirí.

Bhíothas buartha le déanaí go n-úsáidfí tuarascáil HIQA i leith Ospidéal Mhaigh Chromtha mar chúis chun an t-ospidéal a dhúnadh nó chun leapacha a dhúnadh ann.

D'fhreastail 350 duine ar chruinniú poiblí i Maigh Chromtha le déanaí chun a n-imní a chur in iúl faoi thodhchaí an ospidéil a fhreastalaíonn ar othair ó cheantar Mhúscraí.

Níl Ospidéal Pobail Mhaigh Chromtha ná aon ospidéal pobail i réigiún HSE an deiscirt le dúnadh mar chuid de Phlean Seirbíse Réigiúnda 2012 a cuireadh faoi bhráid bhaill na gComhairlí Contae ar an bhFóram Sláinte Réigiúnach.

Tá ocht leaba as 48 in Ospidéal Pobail Cheann Tuirc le dúnadh áfach, chomh maith le 14 leaba as 66 atá le dúnadh in Ospidéal Pobail Mhainistir na Corann, mar chuid den bplean atá ag an HSE 128 leaba a dhúnadh in ospidéil phobail i gceantar sláinte an deiscirt.

Focail mar inspioráid do dhéagóirí i dtaispeántas Foinsí

Seán Ó Loingsigh

FOINSÍ atá mar theideal ar 30 saothar ealaíne le daltaí idirbhliana Choláiste Ghobnatan, taispeántas a seoladh mar chuid de chlár an earraigh san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne.

Tugann an taispeántas léargas ar dhearcadh na ndaltaí ar an saol san lá atá inniu ann, agus ar a gcuid smaointe i leith ábhar atá imithe i bhfeidhm orthu mar ghrúpa agus mar ealaíontóirí aonair.

Ba é an cumadóir amhrán Ger Wolfe a sheol an taispeántas ag ócáid a bhí lán go doras don gcéad imeacht so san Ionad Cultúrtha i mbliana.

Do mhol Ger an taispeántas i bhfoirm amhráin a bhí cumtha aige don ócáid, ag cur síos ar an éagsúlacht dathanna agus ag tagairt d'aistear ealaíne na ndaltaí agus iad ar thóir inspioráide.

Ba í a múinteoir ealaíne Helen Ní Chuill a chuir na daltaí ar an mbóthar le treoracha maidir le hábhair a roghnú chun foinsí ealaíne d'fhorbairt.

"Do thosnaíomar ag féachaint ar shaothair ealaíne ag úsáid focail anachuid cosúil le Bernadette Ní Choitir (ealaíontóir Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh), á rá arís, nó focail bainteach le téama," a dúirt Helen Ní Chuill. Tá pictiúr de mhór-phianó leis an ndalta Fiona Ní Mhurchú lán d'fhocail fite fuaite air a bhaineann le seinnt ceoil agus éisteacht le ceol, agus tugann íomhá de shuaitheantas Ford le fios gur gluaisteán atá i gceann DJ Uí Mhurchú.

Tá tarraingt an ghrá agus na mbláthanna go láidir sa saothar 'Cúmhrán' le Muireann Ní Chatháin, agus cuireann an pictiúr 'Úll mo Shúil' le hEimear Ní Chuana in iúl gur Lá Fhéile Vailintín téama mór na míosa seo. Leanfaidh taispeántas Foinsí na ndaltaí idirbhliana san Ionad Cultúrtha go dtí tús na míosa seo chugainn.

An Rinn

Tionól Niocláis Tóibín ar athló go dtí an tseachtain seo chugainn

TÁ an Tionól curtha ar athló go dtí an deireadh seachtaine seo chugainn in ómós do Michael Hayes. Ar Dheis Dé go raibh sé.

Beidh sé ar siúl an deireadh seachtaine seo chugainn anois, le hócáid den scoth beartaithe idir ceol, amhránaíocht agus comhluadar.

Beidh oscailt oifigiúil an Tionóil ar siúl ag 9in ar an Aoine beag seo 17 Feabhra i dTigh an Cheoil agus Bronnfar Gradam Niocláis ar an amhránaí Johnny Mháirtín Learaí Mac Donncha ar an oíche. Beidh ceolchoirm le Cór Fear na nDeise agus seisiún ina dhiaidh sin.

Ar an Sathairn beidh ranganna Ceoil le ceoltóirí den scoth ar siúl i Meánscoil San Niocláis ó 10rn go dtí 1in agus beidh Ceadal Ceoil idir mhúinteoirí agus dhaltaí ar siúl i ndiaidh na ranganna ó 1in go dtí 1.45in.

Ag 3.30in, i gColáiste na Rinne, beidh cairde Nioclais Thóibín ag bailiú lena chéile chun súil siar a chaitheamh ar shaol agus ar shaothar Niocláis Thóibín. Ag 7.30in beidh Ceolchoirm an Tionóil ar siúl i Meánscoil San Niocláis le cead isteach €10. Beidh seisiún breá ar siúl i dTigh Mhaonithe ina dhiaidh sin.

Ar an Domhnach 19ú Feabhra i Séipéal San Niocláis, An Rinn, beidh Aifreann á chraoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta le Cór Fear na nDéise ag 11.30in agus beidh teacht le chéile ceolmhar ar siúl i dTigh Mhuirithe, Heilbhic i ndiaidh an Aifrinn chun deireadh a chur leis an Tionól.

ULAIDH NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Gaoth Dobhair

Agóid beartaithetaobh amuigh d'oifig McGinley

Katie McGreal

TÁ Craobh an Earagail de Chumann Múinteoirí Éireann ag eagrú agóide ar an Satharn, 25 Feabhra i nGaoth Dobhair chun a gcuid imní agus feirge a léiriú maidir leis na ciorruithe a d'fhógair an rialtas i mBuiséad 2012 do na scoileanna beaga. Buailfidh siad le chéile ar an Screabán ag 12in agus rachaidh siad síos go barr an bhaile, go hoifig an Aire Dinny McGinley.

Ciallaíonn na ciorruithe seo go gcaillfidh an-chuid scoileanna múinteoir nó dhó agus go mbeidh níos mó páistí sna seomraí ranga.

Cuireann an Chraobh fáilte roimh dhaoine ón gceantar atá ag iarraidh tacaíocht a léiriú chomh maith le hionadaithe ó scoileanna beaga sa cheantar agus ó éinne ó na cathracha atá ag iarraidh tacaíocht a thabhairt dóibh.

"Tá an-chuid ag tarlú i mBaile Átha Cliath," a deir Bernadette Ní Dhuibhir ó Chraobh an Earagail. "Seo ár bhfeachtas faoin tuath."

Bhí Síle Uí Ghallachóir, Aisling, Máirín agus Declan Ó Fearraigh, Síle B agus Eoghan Ó Gallachóir ag dinneár bliantúil CLG Ghaoth Dobhair. PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN

Béal Binn Ghaoth Dobhair

Le Tomás Ó Cuireáin

MAR chuid d'Éigse Uladh, tá an Coiste ag reáchtáil an chomórtais aithriseoireachta, An Béal Binn, ar an Satharn 10 Márta i bPobalscoil Ghaoth Dobhair. Beidh na réamhbhabhtaí ag 2.00i.n. agus an chraobh ag 7.00i.n. Tá seacht roinn sa chomórtas: (a) Naíonraí, (b) Bunscoltachta - Naíonáin, (c) Rang a 1 agus 2, (d) Rang a 3 agus 4, (e) Rang a 5 agus 6, (f) Iarbhunscoltacha go Teastas Sóisearach, (g) go hArdteist.

Beidh duaiseanna fiúntacha ag dul do na buaiteoirí (3) i ngach roinn agus an phríomhdhuais, Corn Cuimhneacháin Phat Uí Rabhartaigh do "An Béal Binn" agus Corn Raidió na Gaeltachta don iomaitheoir bunscoile / iar-bhunscoile is fearr. Beidh Corn Cuimhneacháin Shéamuis Uí Chnáimhsí á bhronnadh ar an iomaitheoir is fearr taobh amuigh den Ghaeltacht. Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn a rinne urraíocht ar an chorn seo, a bronnadh den chéad uair in 2002. Bronnfar Corn Cuimhneacháin Bhríd Ní Bháicéir ar an dán nua-scríofa is fearr a dhéanfar a aithris. Bhronn Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair an corn ar an Bhéal Binn in onóir do Bhríd, agus i gcuimhne uirthi, den chéad uair in 2010.

Beidh duaiseanna speisialta á mbronnadh i mbliana ar na dánta nua-chumtha is fearr a dhéanfar a aithris. Iarratais chuig: Síle Mhic Aoidh, Pobalscoil Ghaoth Dobhair (074 9531311 nó 074 9531079) roimh Dé Céadaoin, 7 Márta.

Daltaí as Pobalscoil Cholmcille Thoraí a bhain amach duaiseanna náisiúnta i gcomórtas Liteartha na meánscoileanna Gaeltachta le hÚdarás na Gaeltachta in éineacht le príomhoide na scoile, Máire Cláir Nic Mathúna agus Gráinne Nic Ghéidigh (Comhalta bhord an Údaráis).

Bore Da Béal Feirste!

Katie McGreal

TÁ Máirín Hurndall ag iarraidh a fháil amach an bhfuil suim i mBéal Feirste do rang Breatnaise. Tá sí líofa sa teanga agus ag smaoineamh ar chúrsa 10 seachtainí a thosú agus turas chuig an mBreatain Beag a reáchtáil ina dhiaidh sin.

Síleann sí go bhfuil na teangacha Ceilteacha fíorthábhachtach agus "bíonn cuid mhaith Gaeilgeoirí ag dul don Gháidhlig, agus is maith an rud é sin, ach ní cóir go ndéanfaí dearmad ar an chraobh eile den domhan Ceilteach. Agus tá an Bhreatnais ar an teanga Cheilteach is láidre ar a lán cúiseanna.

Téann Máirín chuig an Eisteddfod chuile bhliain agus bhuaigh sí neart duaiseanna ann do dhán a scríobh sí agus do dhíospóireacht scríofa.

Má tá suim agat i gcúrsa mar seo, téigh i dteagmháil le Máirín ar maureenhurndall@yahoo.co.uk.

Ceardlann faoi éin i gCarn Tóchair

Colm Ó Broin

BEIDH ceardlann nádúir ar siúl i gCarn Tóchair Dé Sathairn beag seo chun eolas a scaipeadh maidir le héin sa cheantar. Foghlaimeoidh rannpháirtithe faoi éin ar nós an mheantáin agus an smólaigh agus conas iad a aithint trí amharc agus trí éisteacht.

Tá an t-imeacht á reáchtáil ag an eagraíocht áitiúil, An Carn. Beidh an cheardlann dhá uaire ar siúl i nGaeilge ag 10.00rn agus i mBéarla ag 1.00in. Beidh taispeántas gairid laistigh agus beidh turas go Coill Dhroim nDamh ina dhiaidh sin leis an eolas nua a a chur i bhfeidhm.

"Tá muid ag dúil le roinnt ceardlanna eile a reáchtáil amach anseo," arsa Pól Mac Cana ón gCarn. "Tomhaisfidh muid na leibhéil spéise agus na leibhéil eolais atá ann i measc an phobail faoi láthair, agus tógfaidh muid air sin.

"Tá muid ag dúil go mbeidh daoine ag aithint na n-éan tharstu agus a rá linn fúthu, chomh maith, mar thaifead ar ár n-oidhreacht nádúrtha."

Mar aon leis sin beidh an British Trust for Ornithology ag déanamh ceardlainne sa cheantar ar conas suirbhé a dhéanamh ar éin ghoir ar 31 Márta.

Meánscoil nua beartaithe do Mhachaire Rátha

Anton Mac Cába

BEIDH meánscoil nua Ghaeilge i Machaire Rátha, Co. Dhoire, ina satailít ag Coláiste Feirste - má fhaightear cead ón Roinn Oideachais. Rachaidh páistí ó cheithre bhunscoil sa cheantar isteach ann. Meastar gur scór páistí agus beirt mhúinteoirí a bheidh ann sa chéad bliain. De bharr na forbartha ar chúrsaí ríomhaireachta, beidh múinteoirí i gColáiste Feirste ábalta ceachtanna a theagasc. Dúirt Máirtín Birt, Gaeilgeoir sa cheantar, go bhfuil éileamh ar mheánscoil. Bunaíodh na Gaelscoileanna le blianta beaga anuas.

"Má amharcann tú ar an Derry Post, tá ranganna, ceardlanna agus mar sin ar siúl achan seachtain ar fud an cheantair," ar seisean.

Tá súil go gcuirfear moltaí chuig an Roinn Oideachais an tseachtain seo chugainn.

An bhfuil scéilín agat? Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Ardteistiméireacht 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Béaltriail - Léamh na Filíochta

Caithfidh tú an dán a léamh **go soiléir** agus **go cruinn** ionas go mbeidh sé **sothuigthe** is nach mbeidh **botúin fhoghraíochta** ann.

An Spailpín Fánach

Im spailpín fánach atáim le fada
ag seasamh ar mo shláinte,
ag siúl an drúchta go moch ar maidin
's ag bailiú galair ráithe; 4
ach glacfad *fees* ó rí na g*croppies*,
cleith is píc chun sáite
's go brách arís ní ghlaofar m'ainm
sa tír seo, an spailpín fánach. 8

Ba mhinic mo thriall go Cluain gheal Meala
's as sin go Tiobraid Árann;
i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn
cúrsa leathan láidir; 12
i gCallainn go dlúth 's mo shúiste im ghlaic
ag dul chun tosaigh ceard leo
's nuair théim go Durlas 's é siúd bhíonn agam -
'Sin chú'ibh an spailpín fánach!' 16

Ní mór duit a bheith ag faire amach do na nithe seo a leanas:

(i) ***An Séimhiú ('h')***: mo s**h**láinte; ba mhinic; mo t**h**riall; mo s**h**úiste; im g**h**laic; t**h**éim srl

(ii) An ***Síneadh Fada***: f**á**nach; dr**ú**chta; r**á**ithe; s**á**ire; br**á**ch; **Á**rann; dl**ú**th srl

(iii) An ***tUrú***: nag croppies; i **g**Carraig; i **g**Callainn srl

Caithfear na línte filíochta a léamh **go fogharchruinn, rithimchruinn** chun lánmharcanna nó marcanna arda a ghnóthú sa scrúdú.

N.B. Tá **cúig dhán** (nó codanna díobh) san iomlán le hullmhú agat don scrúdú cainte: ***An Spailpín Fánach; Géibheann; An tEarrach Thiar; Mo Ghrá-sa (Idir Lúibíní); Colscaradh.***

Nathanna Cainte agus Seanfhocail Áisiúla don Scrúdú Cainte:

Is é mo thuairim phearsanta ná . . .
Ar an gcéad dul sios ba mhaith liom a rá . . .
Níl barúil dá laghad agam . . .
Níl tuairim agam ó thalamh an domhain . . .
Is bocht an scéal é . . .
Níl tada gur féidir le héinne a dhéanamh faoi fhadhb an óil . . .
Caithfidh an Rialtas tabhairt faoin bhfadhb a réiteach . . .
Chun an fhírinne a insint níl tuairim dá laghad orm . . .
Cuireann drochstaid na tíre cochall feirge orm . . .
Bíonn dhá thaobh le gach scéal . . .
Mol an óige agus tiocfaidh sí.
Ní lia duine ná tuairim.
Is leor nod don eolach.
Tír gan teanga tír gan anam.
Is fearr sona ná saibhir.
Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.
Is fearr cara sa chúirt ná punt (euro fiú!) sa sparán.

Éist le podchraoladh don dán seo ag www. oideachas.gaelsceal.ie

Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / scoil@gaelsceal.ie

Filíocht Roghnach - Éiceolaí

Cad is téama don dán Éiceolaí agus cén sórt dáin é?

1. Dán faoin timpeallacht is ea 'Éiceolaí'. Feicimid an grá mór atá ag an bhfile don timpeallacht agus don dúlra sna tagairtí a dhéanann sí do phlandaí agus d'fheithidí, go háirithe sa dara véarsa. Níl am ar bith aici do néatacht na comharsan. Dar leis an bhfile, ní léiríonn gairdín na comharsan ach rud amháin dúinn: dúil sa smacht nó dúil sa néatacht.

Coimeádann an bhean bhéal dorais smacht maith ar a teach, ar a fear céile agus ar a mac (línte 1-2) agus déanann sí iarracht an smacht céanna a choimeád ar a gairdín (líne 3) chomh maith. Tá an bhean bhéal dorais chomh tógtha sin le cúrsaí néatachta go ngearrann sí gach rud roimpi sa ghairdín agus nach bhfeiceann sí an áilleacht atá le tabhairt faoi deara i bhfiántas an dúlra:

"Beireann sí deimheas ag an uile rud a fhásann.
Ní maith léi fiántas."

Maidir leis an bhfile féin, tá a lán rudaí fiáine sa ghairdín aici agus luann sí cuid mhaith acu sa dara véarsa rudaí mar: feochadáin, seilidí agus cuileoga glasa. Ní hamháin sin, ach tá crainn chaorthainn sa ghairdín aici freisin:

"Is ar an bh<u>féar</u> aici siúd a dhéanann <u>mo chaorthainnse</u>
<u>cuileanna glasa</u> a thál."

2. Aoir is ea an dán seo freisin, mar tá an file ag caitheamh anuas ar an mbean bhéal dorais, go háirithe sa chéad véarsa. Deir sí go gcoiníonn an bhean sin 'caoi' ar 'a teach, a fear, a mac' agus go mbíonn sí ag iarraidh a gairdín a choimeád díreach cosúil leo, 'go baileach'. Caint shearbh is ea é sin gan amhras.

Deir an file go ngearrann an bhean eile gach rud roimpi sa ghairdín agus nach bhfuil suim ar bith aici i bhfiántas an dúlra. Ní thuigeann sí fiántas an dúlra!

"Beireann sí deimheas ag an uile ní a fhásann.
Ní maith léi fiántas."

Ní fheiceann an bhean bhéal dorais an áilleacht a bhaineann leis na piotail a thiteann de na bláthanna:

"Ní maith léi an bláth a ligfeadh a phiotail ar lár."

Feicimid searbhas láidir an fhile sa dá líne dheireanacha nuair a athraíonn sí go dtí an modh coinníollach. Tá a fhios againn ón athrú sin go ndéanfaidh an file tréaniarracht gach aon deis a ghlacadh chun deireadh a chur le hiompar na mná eile:

"Tá bean béal dorais a choinneodh a gairdín faoi smacht
ach ní fada go mbainfimid deireadh dúil dá misneach."

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Teastas Sóisearach 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Filíocht

Bean tSléibhe Ag Caoineadh a Mic

Brón ar an mbás, is é dubh mo chroí-se,
D'fhuadaigh mo ghrá is d'fhág mé cloíte,
Gan charaid gan chompánach faoi dhíon mo thí-se
Ach an léan so im' lár, is mé ag caoineadh. **4**

Ag gabháil an tsléibhe dhom tráthnóna
Do labhair an éanlaith liom go brónach,
Do labhair an naosc binn 's an crotach glórach
Ag faisnéis dom gur éag mo stórach. **8**

Brón ar an mbás, ní féidir a shéanadh,
Leagann tú úr is críon le chéile, -
'S a mhaicín mhánla, is é mo chéasadh
Do cholainn chaomh bheith ag déanamh créafóig'. **12**

Le Pádraig Mac Piarais

Ochón! A Dhonncha

Ochón! A Dhonncha, mo mhíle cogarach, fén bhfód so sínte;
Fód an doichill 'na luí ar do cholainn bhig, mo loma-sceimhle!
Dá mbeadh an codladh so i gCill na Dromad ort, nó in uaigh san Iarthar
Mo bhrón do bhogfadh, cé gur mhór mo dhochar, is ní bheinn id' dhiaidh air. **4**

Is feoite caite 'tá na blátha scaipeadh ar do leabaidh chaoilse;
Ba bhreá iad tamall; ach thréig a dtaitneamh, níl snas ná brí iontu;
'S tá an bláth ba ghile liom dár fhás as ithir riamh ná a fhásfaidh choíche
Ag dreo sa talamh, is go deo ní thacfaidh ag cur éirí croí orm. **8**

Ó, mo chaithis é! Is beag do cheapas-sa i dtráth mo dhóchais
Ná beadh an leanbh so 'na laoch mhear chalma i lár na foirne,
A ghníomhartha gaisce 's a smaointe meanman ar son na Fódla -
Ach an Té do dhearbhaigh de chré ar an talamh sinn, ní mar sin d'ordaigh. **12**

Le Pádraig Ó hÉigeartaigh

Ceisteanna (iad ar cómharc)

A (Buntuiscint)

(i) Cén teachtaireacht a bhí ag na héin don fhile i véarsa 2 den dán *Bean tSléibhe ag Caoineadh a Mic*, dar leat?
(ii) Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile sna **línte 7 - 8** den dán *Ochón! A Dhonncha,* dar leat?
(iii) Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile sna **línte 1 - 4** den dán *Bean tSléibhe ag Caoineadh a Mic*, dar leat.

B (Léirthuiscint ghinearálta)

(i) Cad é an mothúchán is láidre, dar leat, atá léirithe sa dán *Bean tSléibhe ag Caoineadh a Mic*? Conas a chuireann an file an mothúchán sin os ár gcomhair?
(ii) Déan cur síos **gairid** ar **chosúlacht amháin *nó*** ar **dhifríocht amháin** atá idir an dá dhán.
(iii) Déan cur síos gairid, i d'fhocail féin, ar an tábhacht a bhaineann leis an **dúlra**(nádúr) sa dhá dhán seo.

www.oideachas.gaelsceal.ie

Léamhthuiscint

Téigh chuig suíomh oideachais Gaelscéal chun cleachtaí léamhthuisceana a fháil bunaithe ar ailt nuachta a bhí in Gaelscéal. Tá cleachtaí léamhthuisceana ann atá feiliúnach don Ardteistiméireacht agus don Teastas Sóisearach.

Trialacha Teanga Comhthéacsúla

Athscríobh an sliocht seo leanas san Aimsir Chaite:

Eíríonn Cáit ag a fiche chun a hocht a chlog ar maidin. Téann sí isteach sa seomra folctha. Níonn sí a haghaidh agus glanann sí a cuid fiacla. Cuireann sí a cuid éadaigh uirthi. Bíonn a bricfeasta aici ansin. Itheann sí calóga arbhair agus ólann sí cupán tae. Ní bhacann sí le harán a ithe. Tugann a máthair a lón di agus cuireann sí isteach ina mála é. Fágann sí an teach ag a deich tar éis a hocht agus sroicheann sí stad an bhus ag a fiche tar éis a hocht. Uaireanta tagann an bus in am, uaireanta eile bíonn sé déanach.

Cúinne na Gramadaí - An Tríú Díochlaonadh

(i) Tá ainmfhocail fhirinscneacha agus ainmfhocail bhaininscneacha sa dhíochlaonadh seo.
(ii) Críochnaíonn siad ar chonsan leathan nó ar chonsan caol.
(iii) Leathnaítear an consan deiridh sa *tuiseal ginideach uatha* agus cuirtear 'a' leis: cos an *fheirmeora*, i rith na *bliana*, leabhar *filíochta*, etc.

Sampla 1: An Fiaclóir Ainmfhocal Firinscneach
Uimhir Uatha:
T.Ainm: An bhfaca tú an fiaclóir?
T.Tabh: Tá áthas ar an bhfiaclóir.
T.Gin: Tá seomra an fhiaclóra folamh

Uimhir Iolra:
T.Ainm: An bhfaca tú na fiaclóirí?
T.Tabh: Tá áthas ar na fiaclóirí.
T.Gin: Tá seomraí na bhfiaclóirí folamh.

Sampla 2: An tAisteoir Ainmfhocal Firinscneach
Uimhir Uatha:
T.Ainm: Chonaic mé an t-aisteoir.
T.Tabh: Bhí eagla ar an aisteoir.
T.Gin: Cá bhfuil carr an aisteora?

Uimhir Iolra:
T.Ainm: Chonaic mé na haisteoirí.
T.Tabh: Bhí eagla ar na haisteoirí.
T.Gin: Cá bhfuil carranna na n-aisteoirí?

Ainmfhocail eile (Tuiseal Ginideach Uatha)

múinteoir	múinteora
buachaill	buachalla
rang	ranga
cuid	coda
tiomáint	tiomána
iarracht	iarrachta
fuil	fola
Cáisc	Cásca
síocháin	síochána
mil	meala
am	ama

Cleachtaí
Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní.
(i) Tá teach (an: dochtúir) in aice le teach (an: grósaeir).
(ii) Bhí an cailín ag foghlaim (an: ceacht) ag bun (an: rang).
(iii) Ní raibh ceadúnas (tiomáint) aige agus é ar mhí (an: mil).
(iv) Bhí cúrsaí (trácht) go dona i gCorcaigh i rith (an: bliain).
(v) Thaitin an cluiche (camógaíocht) léi níos mó na an cluiche (iománaíocht).

CnaG 18 Freagraí
(i) na habairte (ii) na páirce (iii) na seamróige (iv) na háiteanna (v) an charraig (vi) na muice (vii) na gaoithe (viii) na fearthainne (ix) an Ime (x) na Snáthaide.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

OSPS – Sábháilteacht Phearsanta ar an Idirlíon



Ná déan dearmad nuair a thugann tú eolas nó pictiúr ar láithreán sóisialta go gcailleann tú smacht ar an ábhar sin.

Le roinnt blianta anuas tá an t-idirlíon á úsáid mar uirlis shóisialta. Tá méadú ag teacht gach lá ar úsáid líonraí sóisialta, teachtaireachtaí meandracha agus físeán ach ní smaoiníonn daoine go minic ar an éifeacht is féidir a bheith ag an ábhar seo ar a sábháilteacht mhothúchánach agus fhisiciúil.

Comhairle chun fanacht sábháilte ar an idirlíon :

- Fan anaithnid chomh mór agus is féidir.
- Ba cheart eolas atá príobháideach a choinneáil príobháideach.
- Níor cheart eolas cosúil le seoladh, uimhir gutháin agus sonraí bainc a thabhairt.
- Molann saineolaithe go mba cheart caidreamh ar líne a choinneáil sa saol fíorúil. Tá rioscaí ag baint le bheith ag casadh le cairde ar líne mar gur féidir leo cur i gcéill gur duine eile iad.
- Ba cheart ainm bréige a úsáid istigh i seomraí comhrá agus ceann nach dtugann le fios cén inscne thú.
- Má bhíonn tú i gcomhrá seomra a dhéanann míchompordach thú ba cheart logáil amach agus é a insint do thuismitheoir nó duine fásta eile.
- Ná heagraigh go mbuailfidh tú le duine ar chas tú leis ar an idirlíon go brách. An D'fhéadfadh an duine a raibh tú ag caint leis ar an idirlíon ligean air/uirthi féin go raibh siad 14 ach go raibh siad 66.
- Ná déan dearmad nuair a thugann tú eolas nó pictiúr ar láithreán sóisialta cosúil le Facebook, Twitter, Nimble agus Myspace go gcailleann tú smacht ar an ábhar sin. Is féidir le daoine eile é a chóipeáil agus é a úsáid ar bhealaí nach raibh tú ag iarraidh.

Oifig Sábháilteacht Idirlín

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi shábháilteacht idirlín ón Oifig Sábháilteacht Idirlín. Cuireann an Oifig Sábháilteacht Idirlín gníomhaíochtaí straitéiseacha i bhfeidhm chun an caighdeán is airde sábháilteachta ar líne a chur chun cinn.

Suíomh : http://www.internetsafety.ie.

Gluais

sábháilteacht phearsanta - personal safety
uirlis shóisialta - social tool
líonra sóisialta - social network
teachtaireachtaí **meandracha** - instant messages
anaithnid - anonymous
cur i gcéill - pretend
Oifig Sábháilteacht Idirlín - Office for Internet Safety

OSSP – Daonlathas in Éirinn

Feidhmíonn an daonlathas ar bhealaí éagsúla i dtíortha éagsúla. Tá sé tábhachtach go bhfuil a fhios agat cén chaoi a bhfeidhmíonn an daonlathas in Éirinn. Tá sé tábhachtach go gcaitheann muid vóta mar tá an chumhacht againn todhchaí na tíre a athrú agus cinntí a dhéanamh faoi cé a ritheann an tír.

Is féidir le saoránach os cionn 18 bliain d'aois vótáil in Éirinn. Is é an t-ainm a ghlaoitear ar an liosta daoine ná clár na dtoghthóirí.

Roimh olltoghchán faigheann gach saoránach atá i dteideal vóta a chaitheamh cárta vótála agus a (h)ainm air. Insíonn an cárta vótála cén t-ionad é d'ionad vótála. Scríobhann tú síos do vóta ar pháipéar ballóide. Tar éis duit vóta a chaitheamh cuireann tú an páipéar ballóide sa bhosca ballóide.

Bíonn an deis ag Éireannaigh vótáil in olltoghcháin éagsúla agus i reifrinn. Is féidir linn vótáil i rith olltoghcháin ghinearálta, toghcháin áitiúla, fothoghchán, toghcháin uachtaránachta agus reifreann.

Gluais

daonlathas - democracy
saoránach - citizen
clár na dtoghthóirí - register of electors
páipéar ballóide - ballot paper
reifreann - referendum

Is féidir le saoránach os cionn 18 bliain d'aois vótáil in Éirinn.

Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / scoil@gaelsceal.ie

Gaelscéal AR SCOIL

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Sraith Pictiúr 10

Laethanta Saoire

Ceisteanna Samplacha:

1. Cá raibh na cailíní?
2. Cad a bhí ar siúl acu?
3. An bhfuil a fhios againn cá raibh siad ag dul?
4. Cen chaoi ar tháinig na cailíní chuig an aerfort?
5. Cén sórt giúmair a bhí ar na cailíní ag an aerfort, meas tú?
6. Sa dara pictiúr, cad a bhí ar siúl acu?
7. Conas mar a mhothaigh na cailíní ag an aerfort, dar leat?
8. Cén chaoi ar chaith siad an t-am san aerfort?
9. Ar thaitin an t-óstán leo?
10. Conas a chaith siad na laethanta saoire?
11. An raibh mórán ar siúl acu istoíche ar saoire?
12. Meas tú ar bhain siad taitneamh as an tsaoire, & cén fáth a ndéarfá sin?

Réamh-obair: Babhta tobsmaointeoireachta faoi fhoclóir tábhachtach don topaic 'Laethanta Saoire'

Obair bheirte: Bain triail as cur chuige saghas difriúil leis an tsraith seo. Tá ábhar na sraithe seo déanta agus athdhéanta i gcaitheamh na mblianta ag na daltaí, mar sin téigh i múinín na gceisteanna don cheann seo. Is gá neart ama a chaitheamh ar cheistiúchán agus níl bealach níos éifeachtaí ná iarraidh ar na daltaí na ceisteanna a chumadh iad féin. Caithfidh gach grúpa smaoineamh ar 8 gceist. Meabhraigh dóibh gur gá cineálacha difriúla ceisteanna a chumadh:

- **ceisteanna bunúsacha** - ag lorg eolais
- **ceisteanna níos dúshlánaí** - conas mar a mhothaigh an duine/ cúrsaí aimsire
- **ceisteanna saghas oscailte nó níos deacra** - chun tuairimí a chur in iúl, a nochtadh

Obair ghrúpa & Cleachtadh Béil: Ansin iarr ar gach beirt a gcuid ceisteanna a chur ar an mbeirt is gaire dóibh sa rang. Obair bhéil a bheidh i gceist anseo. Caithfidh gach grúpa dhá cheist a chur ar an ngrúpa eile agus bíodh sé de fhreagracht ar dhuine amháin i ngach grúpa freagraí an ghrúpa eile a scríobh síos ar mhaithe le seisiún aiseolais ag deireadh an taisc. Beidh ar bhall amháin de chuile ghrúpa na ceisteanna agus na freagraí a chur os comhair an ranga, ceist & freagraí amháin a thógáil ó gach grúpa. Bí ag scríobh na gceisteanna/ bhfreagraí agus do mholtaí ar an gclár le linn an phróiseis ar mhaithe le foghraíocht chruinn, agus gramadach cheart.

Nod: Ná déan dearmad: chun marcanna maithe a ghnóthú déan iarracht úsáid a bhaint as: An gceapann tú? Meas tú...? Dar leat? Cad é do thuairim faoi...? An síleann tú...? Cad é do bharúil faoi...?

An Comhrá don Scrúdú Béil

Nasc leis an gcomhrá don scrúdú béil: Laethanta Saoire

Ná déan dearmad: ní chuirfidh an scrúdaitheoir aon cheist ar dhaltaí faoin tsraith pictiúr nach mbaineann go dlúth le hábhar na sraithe.

Ach don ghnáthchomhrá/agallamh is féidir leis an scrúdaitheoir ceisteanna a chur ar dhaltaí faoina dtaithí féin ar laethanta saoire agus a gcuid pleananna taistil amach anseo. Bíodh siad ullamh!

Smaoinigh ar na ceisteanna seo thíos:

1. An ndeachaigh tú ar laethanta saoire an samhradh seo caite? Cár fhan tú?
2. Ar thaitin an áit sin leat?
3. An raibh mórán le déanamh san áit sin i rith an lae agus istoíche?
4. An ndeachaigh tú ar mhalartú scoile riamh?
5. Inis dom faoin tsaoire ab fhearr a bhí agat riamh.
6. Le linn na hidirbhliana, an ndeachaigh sibh ar mhórán turas?
7. Ar chaith tú seal i gcoláiste samhraidh Gaeilge nó Fraincise?
8. An mbeidh tú ag dul ar saoire an samhradh seo chugainn, meas tú?
9. Dá mbeadh go leor leor airgid agat, cá rachfá?

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

An Scrúdú Béil – Laethanta Saoire

Freagra Samplach

Chuaigh mé chun na Spáinne anuraidh le mo mhuintir. **Bhí sceitimíní orm** agus muid ag fágáil an tí an mhaidin sin. Chuamar go deisceart na Spáinne **ar feadh seachtaine. Thaitin sé go mór liom** mar bhí an aimsir **do-chreidte** sa Spáinn. Ní fhacamar braon báistí an tseachtain iomlán, **cé a chreidfeadh é!** Bhí mise **ar muin na muice** mar is breá liom a bheith ag luí faoin ngrian **ag sú na gréine**. Ach is fuath le mo dheirfiúr é; ceapann sí gur cur amú ama ceart atá ann! Chaith sise **formhór an ama** istigh sa bhaile ag siúl timpeall agus ag siopadóireact. Ar dhul abhaile dhúinn **bhí dath deas na gréine ormsa** agus bhí mo dheirfiúr in éad liom mar bhí sí féin fós chomh bán le sneachta! Thaitin **chuile rud** faoin Spáinn liomsa, caithfidh mé a admháil. Bhí **muintir na Spáinne** an-deas agus an-chabhrach. Ach an rud ab fhearr faoin Spáinn ná an bia. Chuamar amach chuig bialann difriúil gach oíche. Bhí an bia fíorbhlasta agus an-difriúil ar fad. D'ordaíomar tapas difriúla chuile oíche agus roinneamar ead-rainn iad. Bhí sé ar fheabhas mar fuair mé blaiseadh beag de gach rud. Thaitin na patatas bravas go mór liomsa. Bhíomar ag fanacht in óstán deas **gar don bhaile**, bhuel sách gar: déarfainn go raibh sé míle ó lár an bhaile. Baile mór a bhí ann, agus gach saghas siopa ann. Bhí muintir an bhaile fíorchleachtach ar thurasóirí agus dá bharr sin cuireadh **fáilte is fiche romhainn.** Cheannaigh mé cúpla bronntanas sa bhaile mór do mo chairde agus mo ghaolta sa bhaile. Bhain mé an-taitneamh as an tsaoire sin. Ba bhrea liom dul ar ais ann! Le cúnamh Dé, b'fhéidir go rachainn ann an Samhradh beag seo arís nuair a bheidh na scrúduithe thart ar ndóigh, chun **mo scíth a ligean** le mo chairde scoile! **Déanaigí nóta don fhoclóir sa chló trom**

Pléigí na nathanna seo sa rang.
Cén bhrí atá leo agus an féidir leat iad a úsáid?

- Chaith mé seal sa Spáinn anuraidh
- Ar ndóigh bhí an aimsir thar cionn lá i ndiaidh lae
- Ní fhéadfá an Spáinn a shárú i mo thuairimse
- Bhí neart le déanamh i rith an lae agus istoíche
- Bhuail mé le go leor daoine ar comhaois liom féin
- Chuir X na ticéid in áirithe
- Chonaiceamar an t-óstán ar líne
- Bhí scoth na n-áiseanna san óstán
- Lig mé mo scíth
- Níor airigh mé uaim an baile!

Is ar éigean a d'airigh mé uaim an teilifís bhí an tsaoire chomh maith sin!

Dúshlán daoibh: Cuirigí tuilleadh eolais & nathanna leis an liosta seo, más féidir libh!

Gaelscéal ar Scoil
www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Comhairle Gairmthreorach

Gairmeacha – Oibrí Sóisialta

Patricia Uí Fhlaithearta
Comhairleoir Gairmthreorach.

Cabhraíonn Oibrí Sóisialta le daoine a bhfuil fadhbanna sóisialta acu mar gheall ar thinneas nó míchumas. Bíonn siad ag obair mar shíceolaithe agus mar chomhairleoirí. Bíonn siad ag obair sna seirbhísí pobail, ag obair le daoine aosta, ag déanamh obair shóisialta leighis agus ag obair le meabhairshláinte.

Tá an earnáil seo dírithe ar réimse gairmeacha a bhaineann leis an gcaoi a dtugtar cabhair, aire agus tacaíocht d'altraí ar mhaithe le leas síceolaíoch, sóisialta agus spioradálta. Ní mór a bheith an-cheanúil ar dhaoine chun taitneamh a bhaint as an gcineál seo oibre.

Is gairmeacha iad seo ina mbeadh sé riachtanach suim láidir a bheith agat i saol daoine eile a fheabhsú. Cabhraíonn oibrithe sóisialta le daoine feidhmiú ins an mbealach is fearr gur féidir leo ina dtimpeallacht féin agus, más gá, fadhbanna pearsanta agus teaghlaigh a réiteach dóibh. Bíonn oibrithe sóisialta ag plé go minic le daoine a bhfuil galar marfach orthu nó fadhbanna sóisialta acu, dífhostaíocht, drochthinneas, míchumas, nó mí-úsáid substaintí. Tugann oibrithe sóisialta cúnamh freisin do theaghlaigh ina bhfuil coinbhleachtaí tromchúiseacha, agus mí-úsáid páistí nó céile san áireamh uaireanta. I bhformhór na seirbhísí curam leanaí, bheadh tú ag obair le daoine agus lena dteaghlaigh, thar thréimhse fhada ama go minic.

Is d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte is mó a oibríonn oibrí sóisialta. Bíonn oibrithe sóisialta ag obair freisin le gníomhaireachtaí uchtála, ospidéil agus clinicí, agus leis an tseirbhís promhaidh agus leasa.

Is iad na dualgais seo a leanas a bhaineann leis an bpost:

- Comhairle agus faisnéis a thabhairt – faoi chearta leasa, oideachas, airgead agus gairmeacha do dhaoine a iarrann ort é.
- Obair le páistí beaga i ngrúpaí spraoi, i naíolanna nó ina dtithe féin.
- A bheith i mbun ionad oideachais phobail.
- Comhairle a chur ar dhaoine chun cabhrú leo fadhbanna ina saol a réiteach. Chun é seo a dhéanamh ní mór duit caidreamh muiníneach a chruthú le do chliant.
- Obair i gcúram sóisialta, ag tabhairt tacaíochta agus cabhrach do dhaoine leochaileacha, mar shampla, páistí, seandaoine, daoine faoi mhíchumas.

Síceolaíocht
Staidéar eolaíoch ar smaoineamh, mothúchán agus iompar atá sa tsíceolaíocht. Scrúdaíonn síceolaithe gnéithe éagsúla den eispéireas daonna, amhail mothúcháin, smaointe agus gníomhartha daonna. Cuireann siad a dtuiscint ar dhaoine i bhfeidhm i suíomhanna éagsúla gairmiúla, ar nós suíomhanna cliniciúla, comhairleoireachta, oideachasúla, eagrúcháin agus acadúla.

Chun gairm a bhaint amach sa tsíceolaíocht ní mór bunchéim a fháil ar dtús ag leibhéal onóracha. Tar éis céim onóracha a fháil is féidir leis an mac léinn a bheith ina bhall de Chumann Síceolaíochta na hÉireann (P.S.I.) mar chéimí. Bíonn tuilleadh oideachais agus oiliúint speisialta ag teastáil ansin chun gairm a fhorbairt sa tsíceolaíocht.

Comhairleoireacht
Cabhraíonn comhairleoirí le daoine dul i ngleic le fadhbanna nó easpa treorach ina saol. Oibríonn siad duine le duine le cliaint de ghnáth, ag bualadh leo go príobháideach agus ag plé na bhfadhbanna faoi rún.

Is iad Cumann Comhairleoireachta agus Síciteiripe na hÉireann (IACP) atá freagrach as caighdeáin chomhairleoireachta a fhorbairt agus a fheabhsú. Tá Cóid Eitice agus Cleachtais dhiana forbartha ag an IACP dá gcuid ball ar an gcúis sin. Tá critéir dhiana creidiúna acu chomh maith, agus an-mheas ag fostóirí ar an gcreidiúnú seo.

Seirbhísí Cúram Leanaí
Tá dualgas ar sheirbhís sláinte na hÉireann seirbhísí oibre sóisialta a chur ar fáil do pháistí a mheastar a bheith 'i mbaol'. Tá dualgas orthu i leith seirbhísí eile cúram leanaí freisin. Cuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na seirbhísí seo ar fáil ag an leibhéal áitiúil. Tugtar Oibrithe Sóisialta Cúram Leanaí, Oibrithe Sóisialta Seirbhísí Teaghlaigh nó Oibrithe Sóisialta Seirbhísí Cosanta Leanaí ar na hOibrithe Sóisialta seo.

Seirbhísí Pobail
Bíonn roinnt Oibrithe Sóisialta agus Pobail ag tabhairt cúnaimh do thuismitheoirí aonair. Eagraíonn siad uchtuithe, nó cabhraíonn siad chun tithe altrama a fháil do pháistí a ndéantar faillí iontu, atá tréigthe, nó a fhulaingíonn mí-úsáid. Bíonn Oibrithe Pobail fostaithe ag Údaráis Áitiúla uaireanta chun tionscadail phobail agus óige a reáchtáil chun dul i ngleic le fadhbanna ar nós toircheas déagóirí agus iompar frithshóisialta. Mar Oifigeach Promhaidh agus Leasa sa Roinn Dlí agus Cirt, d'fhéadfá a bheith ag obair leis an mBord Uchtála, leis na cúirteanna, leis na príosúin nó le hionaid choinneála.

San obair seo bíonn moltaí le cur faoi bhráid na n-údarás cuí. Trí chláir phobail agus ceardlanna FÁS, féadfaidh Oibrithe Pobail cabhrú le daoine óga faoi mhíbhuntáiste fostaíocht oiriúnach a fháil. Tá deiseanna gairme ann freisin d'Oiliúnóirí a chabhraíonn le hoibrithe dul i ngleic le brú a bhaineann lena bpoist nó le fadhbanna pearsanta a chuireann isteach ar chaighdeán a gcuid oibre.

Obair le Daoine Aosta
Is réimse eile den obair shóisialta agus phobail í an obair i seirbhísí do dhaoine aosta, grúpaí tacaíochta a reáchtáil do chúramóirí teaghlaigh nó do chlann fhásta tuismitheoirí aosta, comhairle a chur ar dhaoine aosta nó ar bhaill dá gclann faoi roghanna maidir le tithíocht, iompar agus cúram fadtéarmach, agus comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar na seirbhísí seo.

Obair Shóisialta Leighis
Fostaíonn formhór na n-ospidéal poiblí Oibrithe Sóisialta. Tugann Oibrithe Sóisialta Leighis agus Sláinte Poiblí tacaíocht shíceashóisialta do dhaoine, do theaghlaigh nó do ghrúpaí leochaileacha chun dul i ngleic le tinnis ainsealacha, ghéara nó fhoirceanta cosúil le galar Alzheimer nó ailse. Cuireann siad comhairle ar othair freisin agus cabhraíonn siad leis an bpleanáil maidir le riachtanais na n-othar nuair a scaoiltear amach iad trí sheirbhísí baile a eagrú, m.sh. béilí ar rothaí agus trealamh ocsaigine.

Meabhairshláinte
Déanann Oibrithe Sóisialta meabhairshláinte agus mí-úsáid substaintí measúnú agus cóireáil ar dhaoine a bhfuil meabhairghalar orthu nó a bhfuil fadhbanna acu le mí-úsáid substaintí, lena n-áirítear mí-úsáid alcóil, tobac nó drugaí eile. I measc na seirbhísí seo bíonn teiripe aonair agus grúpa, forrochtain, idirghabháil ghéarchéime, athshlánú sóisialta, agus oiliúint i scileanna laethúla an tsaoil. Is féidir leo chomh maith cabhrú chun an bealach is fearr le húsáid a bhaint as na seirbhísí tacaíochta a phleanáil ar mhaithe le cabhrú leis an othar dul ar ais sa phobal. Is gnách go mbíonn Oibrithe Sóisialta meabhairshláinte agus mí-úsáid substaintí ag obair in ospidéil, in ionaid chóireála do mhí-úsáid substaintí, agus i ngníomhaireachtaí seirbhísí aonair agus teaghlaigh.

Tairiscintí ar shíntiúis Gaelscéal ar Scoil

Tá síntiúis do Gaelscéal ar Scoil le fáil ar phraghas speisialta íseal do mhúinteoirí agus do dhaltaí. Chomh maith le praghas speisialta faigheann múinteoirí a ghlacann síntiúis :

Dearbhán do Chló Iar-Chonnacht saor in aisce don mhúinteoir!
Tá Gaelscéal ar Scoil i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht ag tabhairt deise do mhúinteoirí dearbhán luach €20 saor in aisce a bhuachan má chuireann siad isteach ordú de thrí shíntiús ar a laghad do Ghaelscéal!

agus: Cóip de Ghaelscéal saor in aisce don mhúinteoir!

Tá Gaelscéal ar Scoil ag tabhairt deise do mhúinteoirí a chuireann ordú mór isteach dá ranganna cóip den nuachtán a fháil dóibh féin, saor in aisce, don chuid eile den scoilbhliain!

Is féidir foirm síntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó www.oideachas.gaelsceal.ie .

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gcomhordaitheoir oideachais ag scoil@gaelsceal.ie nó 091-897766.

BEATHA

Scoil Cheoil Earraigh Joseph Browne – Ag leanacht leis an Traidisiún

Caitheann **Áine Ní Chuaig** súil ar **Scoil Cheoil Earraigh Joseph Browne** a bhéas ar siúl i gCinn Mhara ag an deireadh seachtaine, i gcuimhne ar an gceoltóir óg a bhásaigh sé bliana go ham seo.

Tá cáil an cheoil agus an traidisiúin go láidir ar cheantar Thuaisceart an Chláir / Deisceart na Gaillimhe. Ba as an taobh sin tíre ar ndóigh a tháinig roinnt de na laochra móra ar nós Joe Cooley, Kieran Collins agus Jack Mulkere. Ba as tobar an dúchais sa réigiún céanna a tharraing fear óg darbh ainm Joseph Browne a chuid ceoil.

Ceoltóir óg cumasach a raibh ardmheas air a ba é, fear óg a bhí dílis den traidisiún. Cé nach raibh an dá scór féin sroichte aige nuair a fuair sé bás go tragóideach i 2006, bhí lorg a láimhe cheolmhar fágtha aige ar a cheantar agus ar cheoltóirí óga eile. Cuireadh tús leis an Scoil Cheoil i mí Feabhra 2007, bliain i ndiadh a bháis, mar chuimhneachán agus le hómós dó, chun an traidisiún a bhí gar dá chroí a choinneal ar aghaidh.

Reáchtáilfear an Scoil Cheoil i gCinn Mhara, taobh leis an Bhoireann ghleoite ag an deireadh seachtaine agus tá ealaíontóirí den scoth roghnaithe le bheith páirteach ann arís i mbliana. Beidh ranganna, taispeántais agus imeachtaí eile ar siúl ar feadh trí lá.

Cinn Mhara, Co. na Gaillimhe

Ceoltóir ildánach

Tógadh Joseph ar an gCnoc Maol, ceantar tuaithe suite idir an Croisín (An Clár) agus an Gort (Gaillimh). Tá cáil ar an cheantar den cheol agus ó thaobh an spóirt de. Bhí Joseph thar a bheith gníomhach leis an bpéire go deimhin. Ba lúthchleasaí den scoth a bhí ann agus bhain sé an-sult as imirt cispheile.

Fear óg ab ea é, a bhain sásamh mór as an saol ach thar rud ar bith eile, bhí grá mór aige don cheol agus don damhsa Gaelach. Ba ceoltóir cumasach traidisiúnta é agus bhí an stíl chlasaiceach ar a thoil aige freisin. D'fhreastal sé ar a chéad rang ceoil nuair nach raibh sé ach 4 bliana d'aois agus bhí sé soiléir go raibh talainn speisialta aige. Bhain sé amach caighdeán ard ar an fhidil, pianó agus consairtín ag aois óg. Thaitin go mór leis a bheith ag cumadóireacht agus bhí spéis ar leith aige i gcóiriú ceoil.

Chaith sé go leor ama i gCinn Mhara, ag foghlaim na fidle ar an gcéad dul síos, agus ag suí isteach i seisiúin i dtigh ósta an bhaile ina dhiadh sin. Ghlac sé páirt go rialta i bhFleadh na gCuach a reáchtáiltear ansin go bliantúil i mí Bealtaine.

Floriane Blancke

Fear óg ildánach ab ea Joseph agus bhí buanna go leor aige. Ba múinteoir ceoil é le craobh Mhaigh Cuillinn de Chomhaltas Ceoltóirí Éirinn. Deirtear gur múinteoir séimh a bhí ann agus go raibh an-ghean ag a chuid mac léinn air. Mhúin sé dóibh conas foghlaim lena gcluais agus ní raibh sé de nós aige port 'gan ainm' a thabhairt dóibh riamh. Thuig sé an tábhacht a bhain leis an méid a bhí foghlamtha aige féin a roinnt leis an nglúin a bhí ag teacht ina dhiadh.

Bhí Joseph an-éirimiúil. Bhí sé i mbun a chéad bhliana ag déanamh staidéar ar an leigheas in Ollscoil na hÉireann Gaillimh nuair a scuab an bás ón saol seo é, gan é ach 19 bliana d'aois. Bhí an-chion aige ar ghasúir agus b'aoibhinn leis a bheith ina gcomhluadar. Bhí súil aige bheith ina phéidiatraí nuair a bheadh a chéim leighis curtha i gcrích aige. Ach faraor, níorbh shin a bhí i ndán dó.

Clár imeachtaí na bliana seo

De bharr gearradh siar i ndeontas ón gComhairle Ealaíon, ní raibh deis ag an Scoil Cheoil aon cheolchoirm mhór a reáchtáil le roinnt blianta anuas. Dá bhrí sin, cuirtear béim ar cheardlanna, taispeántais agus máistir-ranganna ag an Scoil Cheoil Earraigh.

Reáchtáilfear máistir-ranganna ceol uirlise ar an Déardaoin (16), Aoine (17) agus Satharn (18), ó 10rn - 1in i Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh. Ag múineadh na fidle beidh Eileen O'Brien, Áine McGrath, Denis Liddy agus Cath Taylor; Dermot Byrne (bosca ceoil); Jack Talty (Consairtín); Johnny Giles (feadóg mhór); Marian McCarthy (feadóg stáin); Garry O'Briain (giotár) agus Geraldine Cotter (méarchlár). Beidh Padraic Keane, ar bronnadh gradam TG4 do cheoltóir óg na bliana air anuraidh, i mbun na bpíb uilleann.

Mar chuid de shraith 'Bearers of the Tradition' atá mar chuid lárnach den Scoil Cheoil, cuirfear fáilte ar ais i mbliana roimh an gceoltóir consairtín ó thuaisceart an Chláir, Chris Droney. Taispeánfar scannán darbh ainm 'Handing Down the Tunes', clár faisnéise ar shaol agus saothar an ceoltóir Tommy McCarthy ó Iarthair an Chláir. Gan na hamhráin a fhágáil ar lár, beidh Edel Vaughan i mbun ceardlann amhránaíochta faoin teideal 'Trasna na dTonnta'.

Reáchtáilfear ceolchoirm ar an Aoine 17 Feabhra i Halla Johnson i gCinn Mhara ag 8.00in, ar mhaithe le hairgid a bhailiú do Scoil Cheoil Earraigh Joseph Browne, mar a rinneadh anuraidh. D'éirigh go breá leis an ócáid seo an bhliain seo caite, san ionad a bhfuil dlúth-atmaisféar le braith ann agus beidh súil le tinreamh ard arís i mbliana. Beidh teagascóirí na scoile ar fad ag glacadh páirte sa cheolchoirm agus beidh aíonna speisialta eile den scoth i láthair freisin, ina measc Florian Blancke.

Trathnóna Satharn ag 8.00in, déanfar ceiliúradh ar an Aifreann i Séipéal an Chroisín agus s'iad cairde Joseph Browne a dhéanfaidh cóiriú ar an cheol le linn an tsearmanais.

EOLAS FAOI SCOIL CHEOIL EARRAIGH:
info@josephbrowne.org / 087-2600709 / 087 0674335

LÓISTÍN i gCINN MHARA:
Teach Lóistín Fallon's.
Teil: 091-638088/637483.
Teach Lóistín Uí Chonghaile.
Teil: 091-637206.
Teach Lóistín Cois Cuain.
Teil: 091-637119.
Óstán Merriman.
Teil: 091-638222.
Brú Óige Teach Doorus.
Teil: 091-637512.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 15 Feabhra, 2012

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

"Tá an fhírinne amanntaí níos fearr ná an ficsean"

Sraith nua d'Éalú ag tosú

Tosóidh an tríú sraith de na drámaí faisnéise Éalú amárach ar TG4 ag 10.30in. An tseachtain seo, inseofar scéal Sean Bourke as Luimneach, a chabhraigh leis an mbrathadóir KGB, George Blake éalú ón bpríosún Wormwood Scrubs i Londain i 1966.

Síleann Paddy Hayes, stiúrthóir na sraithe, gur deis iontach do dhaoine é an clár seo, ócáid neamhghnáthach agus iontach ag an am sin, a fheiceáil.

Síleann sé gur rud iontach é Éireannach a fheiceáil ag fáil lámh in uachtar go hidirnáisiúnta agus cé, b'fhéidir go gcuimhneoidh daoine atá os cionn 50 bliain d,aois ar an eachtra, tabharfaidh an clár seo deis do dhaoine níos óige an t-eolas agus an scéal uilig a chloisteáil.

Leis na cláir seo uilig, bhí Paddy ag iarraidh deis a thabhairt don ghlúin óg scéalta éalaithe a chloisteáil agus a fheiceáil i bhfoirm drámaí. Tháinig Paddy aníos leis an smaoineamh nuair a bhí sé ag déanamh taighde ar an gcéad chlár faoin éalú héileacaptair ó Phríosún Mhuinseo i 1973.

Le linn an taighde sin, fuair sé amach faoi neart scéalta éalaithe eile agus chuir sé féin suim iontu.

"Tá an fhírinne amanntaí níos fearr ná an ficsean," a deir sé, "Ní féidir na scéaltaí seo a dhéanamh suas."

Tá sé chlár sa tsraith dráma-faisnéise seo. Tá trí chlár lonnaithe sna fichidí agus mar sin tá na daoine a bhí páirteach ann marbh, ach tá na trí chinn eile lonnaithe sna 60aidí agus sna 70aidí agus bhíodar in ann labhairt leis na daoine a bhí páirteach ann.

Deir Paddy go gciallaíonn sé sin go raibh scéal agus eolas níos cruinne acu agus éiríodh níos fearr leo an lucht féachana a tharraingt isteach sa scéal agus siar go dtí an t-am sin le linn na gclár sin.

Chuireadar agallamh ar an oiread daoine agus ab fhéidir leo le linn an taighde agus don réamhobair a rinneadar do na cláir ach níor chuireadar na hagallaimh sin sna cláir. Drámaí atá i gceist leo agus tá meascán de Bhéarla agus de Ghaeilge iontu.

Clúdófar scéal Paddy Flemming ó Chontae Laois, a d'éalaigh ó 17 seaicéad ceangail éagsúla nuair a bhí sé sa phríosún i 1918, le linn na sraithe chomh maith le scéal Francie McGuigan a d'éalaigh ón champa imtheorannaithe na Cise Fada gléasta mar shagairt, chomh maith le scéalta ó neart daoine eile.

Deir Paddy go bhfuil an tsraith seo difriúil ó na sraitheanna eile toisc nach n-éiríonn le gach duine éalú, déanann siad uilig an-iarracht ach ní éiríonn leo uilig.

Thaitin na sraitheanna eile leis an lucht féachana agus tá Paddy ag súil le haiseolas maith ón tsraith seo freisin. Rinne sé 18 gclár faoin teideal 'Éalú' ó 2004 agus ba mhaith leis 6 cinn eile a dhéanamh amach anseo ach níl aon phlean aige faoi láthair.

Choimisiúnaigh an comhlacht foilsitheoireachta O'Brien's Press leabhar ó Paddy i 2004 freisin darbh ainm 'Breaking Out' a chlúdaíonn neart scéalta éalaithe cáiliúla.

Tháinig an maoiniú uilig ó TG4.

Éist le

Newstalk: Splanc
Tugann Rónán Ó Muirthile deis d'éinne a bhfuil suim acu sa Ghaeilge na scéalta agus an nuacht is déanaí a chloisteáil trí Ghaeilge ar an gclár seo. Gach Aoine @ 9in.

RTÉ Raidió na Gaeltachta: Barrscéalta Labhróidh Áine Ní Churráin le daoine a bhfuil cuimhne acu ar RTÉ nuair a thosaigh sé 50 bliain ó shin ar chlár na seachtaine seo. Labhrófar faoi thionchar na teilifíse ar rudaí cosúil le cúrsaí faisin, cúrsaí ceoil agus neart eile. Dé hAoine @ 11rn.

RTÉ Raidió a haon: Documentary on One: A Survivor's Story
Oíche Nollaig 1922, Loch Garman: fuair máthair agus seachtar dá páistí bás i dtine. Tháinig duine amháin slán as an tine; Little Molly Nails. Bhí sé de dhualgas uirthi ainm na clainne a iompar ar aghaidh don chéad ghlúin eile. Dé Sathairn @ 6in.

Féach ar:

BBC Two NI: Cairde i gCéin
Seo an dara cuid den chlár a leanann Diarmaid Ua Bruaidair ó Iarthar Béal Feirste a théann go Tuaisceart na Brasaíle gach samhradh le tithe a thógáil, in éineacht lena bhean agus a thriúr iníonacha faoi 11 a bhfuil Gaeilge líofa acu. Dé Luain @ 10in.

TG4: Rásaí na Gaillimhe
Tá duine éigin ag cur as do Harris agus tá deartháir Shiobháin ag cur as di. Tagann na deartháireacha de Barra amach as an bpríosún, a bhuíochas sin dá ndeartháir Oisín, ach níl siad sásta go gcaithfidh siad dul ar ais go Gaillimh. Anocht @ 9.30in.

RTÉ a haon: Knuckle
Leanann an scannán seo na deartháireacha , James agus Michael Quinn McDonagh ón lucht siúil a bhíonn ag troid ar son a gclainne. Tá sé lonnaithe thar thréimhse 12 bhliain idir Éirinn agus Sasana. Dé Domhnaigh @ 9.30in.

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

Úrscéal? Léitheoirí óga ag ceistiú brí an fhocail

Bhuail an fhírinne mé an lá cheana. An fhírinne lom, garbh, macánta. Leaid óg trí bliana déag d'aois a dúirt é. Bhíomar sa seomra ranga.

"Tógaigí amach an t-úrscéal atá á léamh agaibh faoi láthair", a dúirt mé leis an rang. "Oscail ar chaibidil a ceathair é."

"Úrscéal?" ar siad.

"Céard é sin?"

"Leabhar", a mhínigh mé dóibh.

"Scéal. *Novel*."

Ar feadh soicind nó dhó, chuaigh an focal i bhfeidhm ar na daoine óga. Ba léir gur cheangail siad an focal sin le hábhar scríbhneoireachta d'ardchaighdeán. Ansin, thosaigh beirt nó triúr acu ag sciotaíl gháire.

"É seo? Cén saghas *novel* é seo?" a dúirt siad, ag tógáil a gcuid leabhair amach as na málaí scoile agus ag taispeáint dom é.

"Féach! Tá sé beag bídeach!"

Níorbh fhéidir liom gan meangadh gáire a dhéanamh. Bhí an ceart ar fad acu. Conas gur féidir úrscéal a thabhairt ar an leabhairín bheag ghonta atá ina lámha acu? Cur i gcéill a bheadh ann é sin a dhéanamh.

"Ceart go leor", a dúirt mé leo, "scéal atá ann. Úrscéal gearr, b'fhéidir."

"An-ghearr", ar siad, ag baint suilt as an gcaint seo, mar a tharlaíonn i gcónaí nuair atá plé á dhéanamh ar aon rud nach mbaineann go díreach le hobair scoile.

"Bhuel, tá sé in am an t-úrscéal anghearr seo a oscailt agus a léamh", a dúirt mé. Deich nóiméid níos déanaí, bhíomar tar éis dhá chaibidil eile a léamh cheana féin.

Ba chosúil go raibh na daoine óga ag leanacht an scéil. Bhí suim acu ann, ar leibhéal éigin.

Sin an príomhrud, is dócha, go mbeidh na daltaí sásta an leabhar a léamh agus ceangailt éigin a dhéanamh idir an rud a léann siad agus a saol féin. Ach, an lá sin, cuireadh i gcuimhne dom nach féidir an dallamullóg a chur ar éinne, agus is cinnte nach féidir é a chur ar dhéagóirí.

Tugann siad gach rud faoi deara agus tuigeann siad go maith nuair nach sroicheann rud éigin an caighdeán cuí. Chuir sé ag smaoineamh mé.

An bhfuil an baol ann, le leabhair bheaga ghearra cosúil leis an gceann áirithe sin, nach mbeidh meas ag daoine orthu?

Go gcothófar dearcadh ar leith maidir le leabhair Ghaeilge? Nó go gceapfaidh daoine óga, cosúil leis an dream a bhí sa seomra an lá sin, go dtugtar leabhairín beag mar sin dóibh le léamh mar nach bhfuil éinne ag súil go léifidh siad rud le níos mó substainte, agus faid, agus dúshláin? Deacair a rá.

Ar an lámh eile, cén mhaith úrscéal níos faide agus níos deacra a thabhairt dóibh nuair atá siad ag streachailt leis an gceann eile? Ba dheas an rud é dá mbeadh rud éigin idir eatarthu, is dócha. Bhí siad go maith mar léitheoirí, an rang sin, agus níor chuir sé isteach ná amach orthu nuair nár thuig siad focail anseo is ansiúd.

Go deimhin, ba mhinic agus muid ag léamh an scéil os ard sa rang, go gcuirfeadh dalta éigin isteach ar an scéal le ceist faoi fhocal nó nath cainte nár thuig siad. Ba chuma liomsa faoi sin, agus ba chuma leis na daltaí eile.

Próiséas foghlama a bhí ann. Thug mé an freagra, nó thug dalta eile an freagra, agus leanamar ar aghaidh ag léamh. Éasca.

Nuair a bhí focail dána ann, nó rud ar bith bainteach le substaintí mídhleathacha, chuir na daltaí i bhfad níos mó spéise sa scéal.

Thaitin sé leo go raibh siad ag léamh faoi charachtair a bhí ag déanamh rudaí nach raibh siad féin in ann a dhéanamh.

Bhí siad in ann a bheith mar chuid de dhomhan eile, ach gan a bheith páirteach ann go díreach. Tháinig deireadh an ranga. Dhún siad na leabhair. Amach an doras leo.

Dearmad déanta acu ar an scéal, go dtí an chéad lá eile. Fágadh mise i mo shuí sa rang liom féin, ag smaoineamh faoi chonas gur cheart dom cur síos a dhéanamh ar an leabhar, nó scéal, nó úrscéal sin, as seo amach. Ach, nach cuma?

Ficsean atá ann, de chineál éigin. Má éiríonn leis na daoine óga sin é a léamh, a thuiscint, agus sult a bhaint as, beidh éacht déanta ag an scríbhneoir, cibé cé hé/hí féin.

Ba mhaith liom a chreidiúint, áfach, go mbeidh leabhar eile, níos dúshlánaí, le níos mó substainte, níos mó faid, agus eispéaras léitheoireachta níos iomláine, ar fáil do na léitheoirí óga sin tar éis dóibh bogadh ar aghaidh ón leibhéal ag a bhfuil siad anois. An bhfuil na leabhair sin ar fáil?

Ligfidh mé do na léitheoirí óga an cheist sin a fhreagairt amach anseo.

Blúiríní litríochta

'Bookworms' ar stáitse!

Tá an dráma 'Bookworms', scríofa ag Bernard Farrell, á léiriú in Amharclann na Mainistreach i mBaile Átha Cliath faoi láthair. Cuireadh an dráma ar an stáitse ansin cheana, ach mar gheall ar éileamh ollmhór, tá sé ar ais arís, agus is féidir é a fheiceáil ó anois go dtí an Satharn 17 Márta. Maireann an dráma dhá uair an chloig agus tá costas idir €13-€40 ar na ticéid. Tá an dráma seo bunaithe ar chlub leabhair. De ghnáth, mná amháin a bhíonn mar chuid den chlub, ach oíche amháin, tugann na mná cuireadh dá bhfir chéile teacht leo. Tá Ann, óstach na hoíche, ag iarraidh fanacht socair agus gan ligean di féin a bheith faoi bhrú, ach níl sé éasca. Leanann oíche de cháis agus fíon, mistéir agus eachtraíocht. Má tá suim agat freastal ar an dráma, is féidir áit a chur in áirithint tríd an suíomh gréasáin www.abbeytheatre.ie nó trí ghlaoch a chur ar 018787222.



Duais an Irish Pen bronnta ar Joseph O'Connor

Bhronn Uachtarán na hÉireann, Michael D. Ó hUiginn, duais an Irish Pen ar an scríbhneoir Joseph O'Connor oíche Dé hAoine seo caite. Is é an tUasal O'Connor an ceathrú duine dhéag a bhuaigh an duais seo. Bronntar an duais go bliantúil ar scríbhneoir Éireannach a bhfuil bailiúchán suntasach scríbhneoireachta aige nó aici.

Joseph O'Connor

Tá Brian Friel, William Trevor, Neil Jordan, Seamus Heaney, Jennifer Johnston, Maeve Binchy agus Colm Tóibín i measc iarbhuaiteoirí na duaise. Tá seacht úrscéal scríofa ag O'Connor, agus tá saothair scríofa aige don stáitse agus don scáileán freisin, chomh maith le cúpla leabhar neamhfhicsin. Tá os cionn milliún cóip dá úrscéal Star of the Sea (2004) díolta, agus aistríodh go 38 dteanga é, chomh maith le cúpla duais idirnáisiúnta a bhuachan. Bronnadh ballraíocht Oinigh de Irish Pen ar Mhicheál D. Ó hUiginn oíche Dé hAoine freisin

Léirmheas cáinteach ar leabhar nua an Uachtaráin

Tá leabhar filíochta nua an Uachtaráin, darb ainm 'New and Selected Poems', tar éis cáineadh láidir a fháil ón léirmheastóir agus Ollamh, Kevin Kiely. Dar le Kiely, is 'coir in aghaidh litríochta' atá sa leabhar nua.

Foilsíodh an léirmheas san fhoilseachán 'Books Ireland', a bhfuil anmheas air in Éirinn agus thar lear. Ní minic a fheictear léirmheas chomh criticiúil agus chomh conspóideach sin i gcló na laethanta seo.

An tUachtarán Michael D. Higgins

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 15 Feabhra, 2012

Crosfhocal 15.02.2012



NODANNA

TRASNA

6 Sprioc, aidhm (7)
7 Rud nach bhfuil 'dubh agus bán' (5)
8 Ball den chléir (6)
9 Caoin (3)
10 Fórsa míleata (3)
11 Easpa nirt (5)
13 Cóisir an phósta (6)
17 Rince (6)
19 Sceach (3)
20 Taobh na habhann (6)
21 Toradh maith i gcluiche (3)
23 Chuig, i dtreo (2)
24 Gabh páirt i gcluiche (4)
25 Teorann timpeall gairdín déanta as brící (5)
26 Píosa filíochta (3)

SÍOS

1 Cóngarach don talamh (5)
2 Comhartha síochána.. nó grá (3)
3 Grúpa, drong (5)
4 Áit ard os cionn gleanna (4)
5 Duine, buachaill fásta (4)
6 Calma, gan eagla (5)
7 Éiríonn sé as an tine (7)
8 Sraith tithe agus siopaí taobh le taobh i lár baile (5)
12 Bealach isteach páirc nó gort feirme (5)
14 Malartú (5)
15 Féile Ceilteach ag deireadh an Fhómhair (7)
16 Dualgas, rud go bhfuil ort a dhéanamh (7)
18 Dána - mar pháiste a bhíonn i dtrioblóid go minic (5)
21 Gearr, gearr an fómhar mar shampla (4)
22 Béal éin (3)

Crosfhocal
08.02.2012

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Mícheál Ó Conaill
Co Chorcaí

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 20.02.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin

An bhfuil barraíocht léirithe againn ar an Idirlíon?

Is minic a luaim *Twitter* agus *Facebook* agus a leithéid agus mé ag scríobh. Tá mé fhéin tógtha go maith leis na meáin shóisialta. Is bealach éasca dhom é le coinneáil suas leis an méid atá ar bun ag mo chuid cairde agus go deimhin an méid atá ar siúl ar fud an domhain. Ach an bhfuil an iomarca trusta againn as na meáin shóisialta seo? Cé chomh sábháilte agus atá siad i ndáiríre?

Nuair a tháinig *Facebook* amach ar dtús, ní raibh mé in ann mo dhóthain de a fháil. Bhí neart cairde agam air agus b'iontach an bealach é chun fanacht i dteagmháil le daoine. Bhí mo dheartháir ina chónaí thar lear ar feadh roinnt blianta agus idir *Skype* agus *Facebook* bhí muid in ann a chéile a fheiceáil go minic.

Beagnach níos minice ná an méid a fheiceann muid a chéile anois agus é ina chónaí sa mbaile arís!

Eagraíonn daoine cóisirí anois le leathanach ar an suíomh céanna agus leis sin castar go leor daoine ar a chéile.

Ach an bhfuil sé sábháilte a bheith ag cur eolas pearsanta fút féin ar an idirlíon? Ar bhealach amháin cén fáth nach mbeadh sé sábháilte? Nach minic a cheannaíonn muid éadaí, beatha agus go leor earraí eile ar an idirlíon ag úsáid ár n-ainmneacha cearta, ár seoltaí agus ár gcártaí creidmheasa.

Níl mórán comhlachtaí gníomhaireachta taistil fágtha mar go ndéanann daoine a saoire a chur in áirithe ar líne. Tá muid ag cur an eolais is príobháidí agus is tábhachtaí atá againn i gcóras ríomhaireachta agus ní smaoiníonn muid faoi dhó maidir le sin a dhéanamh. Tá sé nádúrtha dhúinn sa lá atá inniu ann.

Ar an láimh eile, bíonn daoine go seasta ag tabhairt amach faoi na hathruithe a thagann go minic ar chóras slándála Facebook. Má tá muid sásta go maith pictiúr dínn fhéin a chur suas air, mar aon le heolas faoin áit ina bhfuil muid inár gcónaí agus fiú insint don domhan mór an bealach a mothaíonn muid faoi rudaí áirithe, cén fáth a gcuirfeadh sé as dhúinn má fheiceann cara le cara ár leathanach? Nach shin an fáth a bhfuil na suíomhanna seo ann?

Bíodh siad go maith nó go dona, tá daoine fíorthógtha leis na suíomhanna seo agus chomh fada is atá suim ag daoine iontu beidh siad ar fáil agus iad ag éirí níos fearr is gcónaí.

Ach, mar sin féin, tar éis an méid 'hackáil' atá ag tarlú, mura bhfuil tú ag iarraidh go bhfaighfí greim ort, ná scríobh é!

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: An Muirear Teaghlaigh

Ceist: Tá beagán de mhearbhall orm faoin Muirear Teaghlaigh nua. Cé a íocann an muirear seo?

Freagra:

Go ginearálta, má tá réadmhaoin chonáithe agat in Éirinn, ní mór duit an Muirear Teaghlaigh a íoc. Ní mór do dhaoine ag a bhfuil íocaíochtaí leasa shóisialaigh á bhfáil mura gcáilítear iad le haghaidh ceann amháin de na díolúintí nó de na tarscaoiltí sonracha a liostaítear thíos.

Maidir le cóiríocht phríobháideach ar cíos, íocann an tiarna talún an muirear, seachas an tionóntaí.

I measc na réadmhaoine nach bhfuil an Muirear Teaghlaigh le híoc orthu tá an méid a leanas:

• Réadmhaoin faoi úinéireacht ag ranna rialtais nó Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó
• Réadmhaoin faoi úinéireacht údarás áitiúil nó chomhlachtaí deonacha tithíochta (lena n-áirítear áitribh nach bhfuil ceannaithe go hiomlán ó údarás áitiúil go fóill faoin scéim comhúinéireachta) nó
• Réadmhaoin in iontaobhas lánroghnach ag carthanacht cheadaithe nó
• Réadmhaoin atá mar chuid de stoc trádála gnólachta agus nár díoladh iad nó nach raibh siad ina bhfoinse d'aon ioncam ó tógadh iad nó
• Réadmhaoin atá dlite le rátaí tráchtála agus
• Tithe soghluaiste.

Daoine nach bhfuil orthu an muirear a íoc

Má bhog tú amach as an réadmhaoin de bharr éiglíocht fhadtéarma mheabhrach nó fhisiciúil, níl ort an muirear a íoc - mar shampla, má tá tú i dteach altranais nó má bhog tú isteach le gaolta de bharr go dteastaíonn cúram uait. (Má bhí cónaí ort sa réadmhaoin, áfach, an 1 Eanáir i mbliana, ní mór duit an muirear a íoc don bhliain 2012.)

Má bhí tú i dteideal Forlíonadh Ús Morgáiste a fháil an 1 Eanáir 2012, cáilítear thú le tarscaoileadh a fháil. Déantar daoine ar a bhfuil cónaí in eastáit tithíochta nach bhfuiltear críochnaithe lena dtógáil a cháiliú le haghaidh tarscaoiltí le haghaidh 2012 agus 2013. Tá fáil ar shonraí faoi eastáit incháilithe ar householdcharge.ie.

Ní mór duit an réadmhaoin a chlárú d'fhonn tarscaoileadh a éileamh.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal. Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121.

SCÉALTA SACAIR

Sraith an Tuaiscirt; Sraith uile-Éireann?

Daithí Mac Tighearnáin

FEARACHT na Sraithe Airtricity, tá 12 club i bPríomhshraith Carling ó thuaidh. Díreach mar a tharlaíonn ó dheas, cáilíonn na Seaimpiní do Shraith UEFA na Seaimpíní agus cáilíonn an dá fhoireann a chríochnaíonn ina ndiaidh do Shraith na hEorpa.

Cuirtear áit eile i Sraith na hEorpa ar leataobh do bhuaiteoirí an Choirn IFA, arís mar atá sa Phoblacht . I gcas an dá Stát, cáilítear na ceithre fhoireann a chríochnaíonn an séasúr ag barr a sraithe, mar aon le buaiteoirí an Choirn FA agus buaiteoirí an Choirn Sraithe do Chorn Setanta.

Is iad Linfield seaimpíní an Tuaiscirt agus sealbhóirí reatha an Choirn IFA araon. Tá siad ar bharr na sraithe faoi láthair lena chois sin. Tá 50 Sraith san iomlán buaite acu agus 41 Corn IFA. Tá 23 Sraith ag Glentoran. Ní raibh ach 38 séasúr ann seachas sin. As nanaoi seasúr dheireanacha,bhain Linfield sé Shraith agus Glentoran trí cinn.

Sa Phríomhshraith reatha, tá cúig chlub as Béal Feirste: Linfield (ón deisceart), Glentoran (ón oirthear), Crusaders (ón Tuaiscirt), Cliftonville (ón Tuaisceart), Ceiltigh Dhún na nGall (ón iarthar). Tá Drioglann Lios na gCearrbhach lonnaithe i mbruachbhailte na Cathrach i gContae an Dúin.

Lucht leanúna Linfied - an mbeadh siad ag iarraidh a bhfoireann a bheith i sraith Uile-Éireann.

Is as an Lorgain do Ghleann Abhainn (Glenavon). I gCarraig Fheargas atá Raonaithe na Carraige (Carrick Rangers). Is iad Port an Dúnáin, Swifts Dhún Geanainn, Baile an Aonaigh Aontaithe (Ballymena United) agus Cúil Raithin na clubanna eile. Is iad Cliftonville agus Ceiltigh Dhún na nGall clubanna na Náisiúnaithe i mBéal Feirste, den chuid is mó.

Le blianta beaga anuas, tá ag éirí níos fearr leis na clubanna ón tSraith ó dheas. De réir an grádaithe is déanaí ó UEFA, tá Sraith na 26 Contae sa 31ú háit as 53 Sraith le 8708 pointe agus a gcomhionann trasna na teorainn sa 45ú háit le 2583 pointe.

Déanann na clubanna ón tSraith Airtricity i bhfad níos fearr i gcomórtais Eorpacha na laethanta seo. Tar éis cúig Chorn Setanta, tá ceithre Chorn buaite ag clubanna Airtricity. Ni raibh clubanna ón tSraith ó thuaidh sa chluiche ceannais ach faoi thrí san iomlán.

Ba 1559 an meántinreamh ag cluichí sna 26 Contae anuraidh. Is é 1071 an macasamhail de sin ó thuaidh go nuige seo i mbliana.

Bhí an t-ainm ar Linfield tráth mar an club ba mhó seicteachais ó Thuaidh agusnach bhfostódh siad ach Protastúnaigh. Ach oibríonn siad leis an IFA na laethanta san fheachtas frithsheicteachais. Thug said úsáid páirce d'fhoireann camógaíochta in 2005 agus oibríonn siad as lámh a chéile leis an CLG na laethanta seo. Tá níos mó clubanna sa Chorn Setanta i mbliana ná riamh.

Bheadh Sraith uile-Éireann ina rud úr nua. D'fheabhsódh sí na foirne ar an dá thaobh, go hairithe iad siúd ó thuaidh. Mhúsclódh sé suim cheart arís i sacar inmheánach na hÉireann. Molaim Sraith ina mbeadh fiche chlub, deich gcinn as an dá thaobh agus go gcoinneodh an dá Stát a n-áiteanna Eorpacha.

D'imreoidís in aghaidh a chéile faoi dhó. Molaim go bhfanfadh na Coirn ó thuaidh agus ó dheas mar atá siad.

Scéalta Sacair na Cruinne

Le Cillian Ó Conchúir

An rud is annamh is iontach. Chaill **Barcelona** den dara huair i mbliana, 3-2 as baile in aghaidh Osasuna. Lean sé roinnt eachtraí aite an deireadh seachtaine seo i ndomhan an tsacair.

Nuair a briseadh **Mick McCarthy** as a phost ar an Luan, is cinnte go raibh mothúcháin láidre ag imreoirí na hÉireann a imríonn ann ina leith.

Do leithéidí Stephen Hunt, Kevin Doyle, Stephen Ward agus Kevin Foley, a bheidh ar an eitleán chuig an Pholainn agus an Úcráin, beidh siad ag súil go mbeidh an bainisteoir a thagann isteach báúil dóibh. Mura mbeidh, d'fhéadfadh sé nach mbeidís ar fhoireann Giovanni Trapattoni ag craobhchomórtas na hEorpa.





Ní hé McCarthy an t-aon duine nach raibh deireadh seachtaine maith aige. Ó thuaidh i Learpholl, is cinnte go raibh lámh an dá úinéir Mheiriceánacha, John W. Henry agus Tom Werner, i leithscéal **Luis Suarez** agus Kenny Dalglish.

Seans gur chreid siad go raibh an eachtra idir Suarez agus Patrice Evra thart, tar éis do dhuine acu bualadh le Richard Scudamore, ceannasaí na Príomhroinne, chun an gaol idir an club agus an FA a neartú.

Cé nach raibh focail le cloisteáil ó Henry agus Werner iad féin, is cosúil gur léirigh eisiúint leithscéal Suarez agus Dalglish ar shuíomh an chlub nach bhfuil duine amháin níos tábhachtaí ná an club.

In Albain tá **Rangers** tar éis páipéir dleathacha a chur os comhair cúirte i nDún Éideann a thugann le fios go bhfuil siad chun riarthóir a cheapadh. Tagann an nuacht agus Rangers ag fanacht ar chinneadh ó bhinse fiosraithe cánach maidir le táillí £49m.

Más fíor gur iarracht é seo gan an cháin a íoc, beidh deireadh leis an chlub a bunaíodh in 1873. Is cosúil gur íocadh imreoirí agus baill eile den chlub as Iontaobhas Leasa Fostaíochta.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 15 Feabhra, 2012

Ar an gclaí

Le John Allen

Ceapaim go mbeidh Corbett ar ais ar an pháirc!

Bhí ionadh an domhain ar an domhan iománaíochta nuair a d'fhógair an t-iománaí iontach Lar Corbett go raibh sé ag fágáil phainéal iománaíochta Thiobraid Árann.

Tháinig an scéal aniar aduaidh orainn go léir agus táim róchinnte nach raibh bainisteoir na foirne Declan Ryan ag súil leis an nuacht sin.

Bhí a lán faoi sna meáin ar feadh cúpla lá agus cuid mhaith saineolaithe ag tuar go mbeadh sé ar ais ag imirt roimh thosach an tsamhraidh.

Caithfidh mé a admháil go bhfuilim i measc an dreama a cheapann go mbeidh sé ag imirt lena chontae arís ag deireadh mhí Bealtaine nuair a chasann siad ar Luimneach i gceathrúchraobh na Mumhan.

Ag déanamh dianscrúdú ar an ráiteas a d'eisigh sé, dúirt sé go raibh sé ag tarraingt amach as an bpainéal de bharr brú oibre. Ní dúirt sé go raibh sé ag éirí amach as an iománaíocht ar fad . Coimeád súil ar an spás seo.

Fear amháin atá lándáiríre faoi imeacht ná cúlaí iontach Chill Chainnigh, Michael Cavanagh. An Déardaoin seo caite d'fhógair sé go raibh sé críochnaithe agus sin bun agus barr an scéil.

Ba laoch den chéad scoth é. Tabhair sracfhéachaint ar a chreach, ocht mbonn sinsir Éireann, trí cinn déag de bhoinn Laighean, cúig cinn de bhoinn na Sraithe agus ceithre cinn de ghradaim Réalta Uile-Éireann. Ní fhacthas aon scannal riamh ar na meáin faoin imreoir iontach seo. Rinne sé a chuid cainte go léir ar pháirc na himeartha. Go maire sé céad.

Corbett caillte : An bhfeicfimid ar ais ar an pháirc é? [PIC : PAT MURPHY / SPORTSFILE]

Ag fanacht leis an iománaíocht, thug Seamróga Loch gCaol sárthaispeántas i bPáirc Parnell an Satharn seo caite chun áit a bhaint amach dóibh fhéin i gcraobhchluiche iomána na gclubanna ar Lá 'le Pádraig. Bhí farasbarr acu go luath sa chluiche, bhí farasbarr acu ag leath ama agus fós bhí ceithre chúilín sa bhreis acu agus an cluiche ag druidim leis an nóiméad deireanach d'am breise ach ghoid na Piarsaigh comhscór le cúl agus cúilín sa nóiméad sin. Níor chuir sin isteach ar fhoireann Aontroma mar chuadar ar aghaidh chun greim a fháil ar ais ar an choimhlint san am breise agus, le hardtaispeántas ó laoch an chluiche Liam Watson, chuireadar naoi gcúilín eile ar chlár na scór (i gcomparáid le ceann amháin dos na Piarsaigh) sara raibh deireadh déanta. Agus gan dabht bhí an bua tuillte acu . D'imir siad iománaíocht chliste, thomhaiste, oilte. Bhí an smacht ar fheabhas acu, rud nach mbíonn ag cuid mhaith foirne iománaíochta nuair a bhíonn rudaí ag dul ina gcoinne agus, mar a luaigh me cheana, bhí laoch acu i Liam Watson a chuir sé chúilín déag ar chlár na scór.

Sa leathchraobh eile thíos i bPáirc na nGael i Luimneach d'imir Cúl Doire Uíbh Fhailí an stíl chéanna agus a d'imir Loch gCaol ach, leis sin, dar ndóigh scóráladar trí chúl.

Beidh craobh mhaith againn measaim. Ní bheidh mórán eatarthu i mo thuairim. Is deas foirne nua a fheiceáil sa chraobh agus tabharfaidh siad a ndathanna agus a bhfothrom féinig chuig ceanncheathrú ar an lá is mó dos na clubanna.

Tá súil agam go ndéanann CLG margaíocht agus fógraíocht ar an ócáid iontach seo.

De ghnáth bíonn slua ollmhór sa phríomhchathair an lá sin agus dá bhféadfaidís slua éigin a mhealladh chuig Páirc an Chrócaigh, chuirfeadh sé go mór leis an ócáid.

Fear amháin atá lándáiríre faoi imeacht ná cúlaí iontach Chill Chainnigh, Michael Cavanagh. An Déardaoin seo caite d'fhógair sé go raibh sé críochnaithe agus sin bun agus barr an scéil. Ba laoch den chéad scoth é. Tabhair sracfhéachaint ar a chreach, ocht mbonn sinsir Éireann, trí cinn déag de bhoinn Laighean, cúig cinn de bhoinn na Sraithe agus ceithre cinn de ghradaim Réalta Uile-Éireann. Ní fhacthas aon scannal riamh ar na meáin faoin imreoir iontach seo.

I Sraith Allianz sa pheil tháinig Ard Mhacha aniar aduaidh ar an Ríocht i dTrá Lí oíche Dé Sathairn. Chuadar chun tosaigh go luath sa chluiche agus d'fhanadar ann go dtí an deireadh. Bua tábhachtach d'fhir an Tuaiscirt as baile.

Chuir an ceo isteach ar chúrsaí i bPáirc Mhic Éil an oíche chéanna, nuair a tháinig BÁC ar cuairt, agus chuir an réiteoir Martin Duffy críoch leis an gcoimhlint ag leath ama.

Ag caint faoi chluichí curtha ar ceal nach raibh sé náireach gur thóg sé go dtí dhá nóiméad roimh a naoi a chlog, am tosnaithe an chluiche, chun cinneadh a dhéanamh maidir le páirc na himeartha a bheith sásúil don chluiche mór rugbaí idir Éire agus an Fhrainc. Bhí aimsir faoin reophointe acu i bPáras ó lár na seachtaine agus é geallta mar sin thar an deireadh seachtaine, dar ndóigh an cheist mhór atá le freagairt ná cén fáth nár cuireadh an cluiche ar ceal ar an Déardaoin nó, ar a dhéanaí, maidin Dé hAoine . Ag filleadh ar ais ar an bpeil, ar an Domhnach scóráil Patrick Kelly trí chúl do Chorcaigh sa bhua cuimsitheach a bhí acu ar na cuairteoirí, An Dún, a bhí go hainnis ar an lá.

Chaill Dún na nGall arís i gcoinne Laoise agus, cé nach bhfuil ach dhá bhabhta imeartha, is dóigh liom go mbeidh siad faoi bhrú fanacht sa chéad roinn.

I roinn a dó thóg an Ghaillimh pointe amháin nuair a tháinig Co. Lú ar cuairt ar an Domhnach.

An Satharn beag seo imreofar an dá leathchraobh sinsir club agus tá gach cuma ar an scéal go mbeidh ardchluichí againn.

Beir Bua.

Doirn an Mhúinteora bunscoile ag dul go Londain

Darren O'Neill, ar dheis, Baile Phóil ag troid in aghaidh Stephen O'Reilly, Twintowns, sna babhtaí cáilithe den Sár-Chraobh Náisiúnta Dornálaíochta i mbliana
[PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

""Bhí mé ag brionglóidí faoi na Cluichí Oilimpeacha nuair a bhí mé an-óg agus nuair a bhuaigh mé mo chéad Chraobhchomórtas Éireannach": Darren Ó Néill

Le Cillian Ó Conchúir

LEIS na Cluichí Oilimpeacha ag teacht, tá súile mhuintir na tíre ag díriú ar an dornálaíocht agus iad ag ceapadh gurb é sin an spórt atá chun boinn a thuilleadh dúinn i Londain. Ceann des na dornálaithe é Darren O'Neill.

Cáilithe dos na cluichí cheana féin, tá an múinteoir agus iar-iománaí Chill Chainnigh ar bís chun tús a chur leis na cluichí. Deir sé go raibh sé "gafa" ag an dornálaíocht ó aois 11, nuair a bhuaigh sé a chéad chraobh na hÉireann, ach deir sé, mar a dhéarfadh sean-fhear ag féachaint siar ar shaol fada atá caite aige. "Rinne mé íobairtí i ngach páirt de mo shaol.

I mo shaol sóisialta, níl mé ábalta dul amach aon am. Ní raibh mé ábalta dul ar laethanta saoire le mo chairde. I gcúrsaí spóirt, chuir sé stop liom iománaíocht a imirt le haghaidh mo chontae agus do mo chlub áitiúil. Chomh maith, chuir mé a lán iarrachta isteach i mo thraenáil agus bhí orm féachaint ar mo mheáchan an t-am ar fad."

Ba chuma leis faoi na rudaí sin ar fad an bhliain seo caite ag na Craobhchomórtais Dhomhanda san Asarbaiseáin, nuair a ghnóthaigh sé áit sna Cluichí Oilimpeacha.. "Is cuimhin liom gur tháinig mé ar ais go dtí an cúinne agus chuir mé ceist ar Billy, cóitseálaí na hÉireann.

" 'An bhfuil muid ag dul? An bhfuil muid ag dul?' Nuair a thosaigh sé ag gáire, b'shin an t-am a raibh a fhios agam. Thit mé ar mo ghlúine. Bhí imní orm an mhaidin dár gcionn áfach mar cheap mé gur brionglóid a bhí sa rud ar fad," a dúirt O'Neill.

Ní brionglóid a bhí ann, ach gan mhoill bhí sé ar ais arís ina phost laethúil mar mhúinteoir bunscoile. "Bím ag obair ó 9 ar maidin go dtí a trí san iarnóin," a deir sé, ach in ainneoin nach dtagann athrú ar na huaireanta oibre a bhíonn aige, tagann athrú ar a chuid traenála.

"Braitheann sé ar an gcomórtas atá ag teacht. Más Craobh na hÉireann atá i gceist, éirím ag a 6r.n. cúpla maidin in aghaidh na seachtaine agus téim go dtí an giomnáisiam roimh scoil. De ghnáth déanaim traenáil leis an bhfoireann ceithre lá sa tseachtain.

Ag an deireadh seachtaine, téim abhaile go mBaile Phoil agus caithim an t-am sin ag traenáil le m'athair. Ansin, roimh Chraobh na hEorpa, Craobh Dhomhanda nó na Cluichí Oilimpeacha atá ag teacht, téann muid go campaí traenála i dtíortha eile.

Beidh an-chuid ama á chaitheamh againn thar lear roimh na gcluichí." Tá O'Neill fíorbhuíoch as ucht na cabhrach atá faighte aige óna fhostóirí agus as ucht na cabhrach atá faighte aige ón Institiúid Spóirt ó thaobh a chuid traenála agus oibre scoile a pleanáil.

"Tá foireann scoile mhaith ag obair liom agus faighim a lán tacaíochta uathu. Bíonn sé tuirsiúil ar aon nós, ach is breá liom bheith ag múineadh," a deir sé. Beidh súil ghéar ag anchuid ar O'Neill de thoradh gortaithe a bhain dó ag na cluichí céanna inar bhain sé cáilíocht amach.

Tháinig roinnt loingeán den chnámh ach, in áit dul faoi scian, rud a cuirfeadh amach ón spórt é ar feadh tamaill, bheartaigh sé instealladh cortasóin a fháil. De réir cosúlachta níl aon éifeacht ag an ngortú air anois agus é ag díriú a aigne i dtreo Londain.

"Bhí mé ag brionglóidí faoi na Cluichí Oilimpeacha nuair a bhí mé an-óg agus nuair a bhuaigh mé mo chéad Chraobhchomórtas Éireannach, thosaigh mé ag smaoineamh faoi na cluichí i ndáiríre.

Tá áthas an domhain orm anois agus tá sceitimíní ar gach duine timpeall orm freisin. Tá súil agam go mbeidh ádh mór orm, déanfaidh mé mo dhícheall ar aon nós.

Beidh mé ag smaoineamh faoi mo thaispeántais mar nach mbeidh mé ábalta aon rud eile a dhéanamh. Beidh muintir na hÉireann taobh thiar de na lúthchleasaithe ar fad agus ag screadaíl dúinn." Idir an dá linn tá campa traenála sa Churrach le críochnú, ceann eile sa Ghearmáin ar feadh 18 lá agus ceann eile san Úcráin agus comórtas cáilithe ina mbeidh seachtar dornálaithe Éireannacha eile ag iarraidh cáiliú do Londain.

Cibé deireadh a bheidh ar an scéal, beidh O'Neill sásta teacht ar ais abhaile ar deireadh. "Is múinteoir bunscoile mé agus tá súil agam go mbeidh post agam tar éis na gcluichí. Bainfidh mé taitneamh as an taithí agus feicfidh mé amach anseo ."

SACAR IDIRNÁISIÚNTA

Raiméis Trap ar lean

Cillian Ó Conchúir

GO hiondúil deirtear nach bhfuil na himreoirí ag Éirinn chun dul in iomaíocht leis na mórchumhachtaí i gcúrsaí sacair. B'fhéidir go bhfuil sé sin fíor.

Ach, is cinnte nach gcuidíonn muid linn féin. Le hainmniú na foirne don chluiche dúshláin in aghaidh Phoblacht na Seice, ní fhéadfadh éinne a shamhlú go mbeadh Giovanni Trapattoni chomh diongbháilte ann féin nach roghnódh sé James McClean.

In ainneoin go bhfuil an scuad atá roghnaithe ag Trapattoni tar éis áit a bhaint amach d'Éirinn ag Craobh na hEorpa, ní íoctar é ar bhun dílseachta. Íoctar é ar bhun torthaí a fháil. Má cheapann sé go bhfuil foireann na hÉireann níos fearr as gan leithéidí McClean, Wes Hoolahan, Anthony Pilkington (beirt atá ag imirt do Norwich), agus Ciaran Clarke (Aston Villa), tá dul amú air.



Giovanni Trapattoni
[PIC : BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE]

Fiú amháin leis an cheathrar thuasluaite is deacair a fheiceáil conas gur féidir linn an ceann is fearr a fháil ar an Chróit, an Spáinn nó an Iodáil. Ar a laghad thabharfadh McClean agus Hoolahan rogha níos cruthaithí ag dul chun tosaigh.

Ní raibh Glenn Whelan ná Keith Andrews ar chaighdeán imreora idirnáisiúnta i gcluiche ar bith sna babhtaí cáilithe. Ní gá a bheith i do shaineolaí sacair chun go mbeadh a fhios agat nár chóir do dhroim a chasadh tar éis duit an liathróid a chur uait.

Leagann Andrews agus Whelan béim air sin agus níl sé maith go leor i gcoinne foirne sa pháirc ar an Domhnach fiú. Ní bheidh sé maith go leor sa Pholainn agus san Úcráin.

Ar an drochuair, gortaíodh Richard Dunne, imreoir a mbeimid ag brath go mór air sa samhradh chun taispeántas a thabhairtar aon chaighdeán le Paul McGrath in aghaidh na hIodáile i 1994.

Tógadh Shane Duffy mar ionadaí dó don chluiche dúshláin i gcoinne Phoblacht na Seice. Ainmníodh 24 imreoir don chluiche, ach ní bheidh áit ach do 23 ar an eitleán sa samhradh. Más féidir brath ar Trapattoni, seans go mbeidh James McCarthy nó Seamus Coleman fágtha ar lár.

Laochra Thír Eoghain dosháraithe?

Labhraíonn **Owen Mulligan** le **Cillian Ó Conchúir**

TAR éis d'fhir Mickey Harte slad a dhéanamh ar Cill Dara agus ar Dhoire sa chéad dá bhabhta den tsraith-chomórtas, caithfidh go bhfuil muintir Chontae Uí Néill, ag ceapadh gur féidir Corn Mhic Uidhir a thabhairt leo.

Is mór an t-athrú é seo ar mheon na bliana seo caite. Theip orthu Roinn a hAon den tSraithchomórtas a bhaint amach, agus tar éis do Tír Chonaill an bua a fháil orthu i leathchraobh Ulaidh, thóg foireann Átha Cliath as a chéile iad sa babhta ceathrú ceannais i gCraobh na hÉireann. Anois, dar le hOwen Mulligan, tá siad ar ais ar bhóthar a leasa agus foireann nua á thógáil ag Harte.

"Tá Baile Átha Cliath, Ciarraí, Cill Dara, fíor aclaí i mí Eanáir. Le roinnt blianta anuas, ní rabhamar ach ag traenáil uair sa tseachtain le linn Eanáir. Táimid tar éis céim ardaithe a thógáil. Bhí traenáil dian againn le linn mhí Eanáir agus bhíomar amuigh linn féin tar éis na Nollag.

Ach, ní teastaíonn uait an buaicphointe a bhaint amach róluath," a deir Mulligan. Le slán fágtha ag Brian Dooher, Philip Jordan, Enda McGinley, Brian McGuigan, Ciaran Gourley agus Kevin Hughes le foireann na bliana seo caite, níl ach Mulligan, Steven O'Neill agus Sean Cavanagh ó fhoireann 2003 fágtha ar an fhoireann.

Agus in ainneoin tús spleodrach a bheith curtha acu leis an tsraith, deir Mulligan go bhfuil dul amú ar na himreoirí má ceapann siad gur ionann iad agus na himreoirí a d'imigh.

"Is foireann idirlinne muid. Tá na himreoirí óga ag imirt cluichí linn le tamaill; dá bharr, tá aithne againn orthu. Ach is cuma liom cé tú féin. Ní féidir bheith mar ionadaí do leithéidí Brian McGuigan, Kevin Hughes, Philip Jordan.

Tá fhios ag gach aon duine cé hiad na himreoirí sin. Ba réalta iad agus iad ag imirt do Thír Eoghain. Ní féidir na fir sin a shárú agus rachaidh sé dian orthu áiteanna na bhfear úd a thógáil dóibh féin, mar níl siad ar aon caighdeán leo." Cé nach bhfuil siad ar aon chaighdeán leis na himreoirí a d'fhág, tá 4-26 aimsithe acu sa dá cluiche le Cill Dara agus Doire.

Tá Peter Harte tar éis cúl a ghnóthú sa dá cluiche agus in éineacht leis tá Martin Penrose sa líne leath thosaigh, Mickey Murphy agus Aidan Cassidy á stiúradh i lár páirce, tá Mickey Harte ag treorú Tír Eoghain i dtreo bharr Roinn a Dó tar éis na blianta de streachailt sna cluichí tosaigh sa tsraithchomórtas.

Is cinnte go bhfuil deireadh ré ag teacht. Níl fágtha ach Mulligan, Stephen O'Neill agus Sean Cavanagh ó foireann Thír Eoghain 2003 - an chéad fhoireann ón chontae a thug Corn Mhic Uidhir leo.

Owen Mulligan, Tír Eoghain [PIC : MICHAEL CULLEN / SPORTSFILE]

Ach más fíor sin, is fíor chomh maith go bhfuil tamall fada le dul ag leithéidí Mulligan, O'Neill agus Cavanagh - atá díreach tar éis teacht ar ais ó bheith gortaithe.

Is fórsa fós iad Mulligan agus O'Neill agus nuair a bheidh Cavanagh iomlán aclaí, is cinnte go mbeidh orthu an fhoireann seo a iompar, sula ndaingníonn na himreoirí óga iad féin san fhoireann.

"Tá sé taitneamhach imirt leis na himreoirí óga. Cé gur éirigh imreoirí as, téann an saol ar aghaidh. Go hiondúil bíonn tús lag againn sa tsraith, ach i mbliana táimid tar éis tógáil ar ár mbua i gCorn Mhic Chionnaith. "

Dar le Mulligan, is éard is cúis leis an tús maith sin ná socrú a dhein na himreoirí. "Dúradh linn go ndéanfadh muid traenáil le chéile sa gheimhreadh agus bímidag rith ar feadh achair fhada. Tá na himreoirí óga lán de mhuinín chomh maith agus sin atá uait.

Ach, ní teastaíonn uait an buaicphointe a bhaint amach róluath," a deir Mulligan. Le slán fágtha ag Brian Dooher, Philip Jordan, Enda McGinley, Brian McGuigan, Ciaran Gourley agus Kevin Hughes le foireann na bliana seo caite, níl ach Mulligan, Steven O'Neill agus Sean Cavanagh ó fhoireann 2003 fágtha ar an fhoireann.

Rachaidh siad in iomaíocht leat le linn traenála agus tá deis acu áit fadtéarmach a fháil san fhoireann. Bhí an deis i gcónaí ann, ach caithfear cruthú don fhoireann bhainistíochta go bhfuil tú maith go leor."

I dtaobh Mulligan, léirigh tús na sraithe go bhfuil sé fós maith go leor. In ainneoin nach bhfuil Mulligan ach 30 bliain d'aois, chinn sé éirí as an bhliain seo caite ach d'athraigh sé a intinn chun díriú ar ais ar an bpeil.

"Shiúil mé ón chluiche an bhliain seo caite toisc gur chreid mé nach raibh tuilleadh le tabhairt agam. D'imigh an taitneamh a bhain mé as - d'imigh gan amhras. Nuair a théann tú in aois, bíonn íobairtí á dhéanamh agat leis an traenáil a dhéanamh chun éirí níos fearr, cuireann tú an milleáin ar dhaoine eile.

Ach mhothaigh mé uaim é agus tháinig mé ar ais. Cuireann tú do cheann síos agus faigheann tú ar ais ann. Is fir mhaithe iad na himreoirí a n-imríonn tú leo agus baineann tú taitneamh as imirt leo.

Thug mé faoi n-aire go raibh tuilleadh le tabhairt agam. Níorbh é an t-am ceart é chun siúl ón bhfoireann. Níl mórán blianta fágtha ionam chun imirt ar son Thír Eoghain. Is onóir é agus bheartaigh mé leanúint liom."